# Ráiteas Straitéise TG4

## 2023-2027

**Curtha faoi bhráid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán agus Coimisiún na Meán**

*Leagan Deiridh*

## Clár an ábhair

**Leathanach**


**1. Réamhrá................. ................................................................................................................... 2**

**2. Achoimre Fheidhmeach ............................................................................................................ 3**

**3. Forléargas ar TG4 ......................................................................................................................... 10**

**4. An Timpeallacht Oibre & na Príomhdhúshláin .............................................................................. 17**

**5. Straitéis 2023 – 2027 TG4 ......................................................................................................23**

**6. Maoiniú Breise agus Airgeadas 2023 - 2027.......................................................................... 52**

**7. Buntáiste / Tionchar Straitéis** TG4........................................................................................ 55

**8. Conclúidí............................................................................................................................. 61**

## 1. R éamhrá

I gClár an Rialtais: Ár dTodhchaí Comhroinnte, mar aitheantas ar an tábhacht a bhaineann le inbhuanaitheacht earnáil na meáin in Eirinn, agus mar aitheantas ar na hathruithe suntasacha atá le sárú ag an earnáil sin in Éirinn, agus ar fud an domhain, sainordaíodh bunú Choimisiún um Thodhchaí na Meán. Tá cúram orthu aghaidh a thabhairt ar an gcaoi ar cheart do na meáin chumarsáide freastal ar shochaí na hÉireann, measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith agus a chomhlíonann an córas reatha na spriocanna sin agus breithniú a dhéanamh ar na hathruithe is gá a dhéanamh chun tacú le earnáil na meán. Tá 50 moladh déanta ag an gCoimisiún a sholáthraíonn ardán straitéiseach chun earnáil na meán in Éirinn a athrú ó bhun. Rinne Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán cur síos ar an soláthar reatha seirbhísí craolacháin Gaeilge in Éirinn agus rinne siad moltaí freisin chun an soláthar seo a fheabhsú.

- Moladh 7-1: Rialú Eagarthóireachta do TG4 ar a sheirbhísí nuachta: Ba cheart go mbeadh smacht eagarthóireachta neamhspleách ag TG4 ar a chuid seirbhísí nuachta. Tabharfaidh sé seo deis d'iolrachas níos mó i gclúdach nuachta agus ligfidh sé do TG4 seirbhís níos fearr a sholáthar dá lucht éisteachta.

- Moladh 7-2: Athbhreithniú cuimsitheach ar sholáthar na seirbhísí Gaeilge: Ba chóir do Choimisiún na Meán athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí agus ábhair Ghaeilge i gcóras na meán cumarsáide, le fócas ar struchtúir institiúideacha agus deiseanna nuálaíochta agus comhoibrithe. Ba chóir go n-áireodh an t-athbhreithniú seo, atá le críochnú laistigh de 18 mí, moltaí chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge, le fócas ar struchtúir institiúideacha, lena n-áirítear:
    - Róil TG4 agus RTÉ
    - Fócas ar leith ar Raidió na Gaeltachta, a ról laistigh de na ceantair Ghaeltachta agus a rochtain ar ioncam tráchtála
    - Ról na PSCPanna.
    - Deiseanna do chomhoibriú agus do chomhpháirtíochtaí idir PSM agus PSCP, go háirithe maidir le nuálaíocht dhigiteach agus sindeacáitiú.
    - Straitéisí do rannpháirtíocht na hóige lena n-áirítear oideachas, cláir don óige agus úsáid níos fearr a bhaint as meáin dhigiteacha amhail podchraoladh agus na meáin shóisialta.
    - Straitéisí don oideachas Gaeilge, lena n-áirítear do dhaoine atá ag foghlaim na teanga nó atá ag iarraidh a n-inniúlacht sa teanga a fheabhsú.

Tá sé de chúram ar Choimisiún na Meán tabhairt faoi na rudaí seo a leanas:

- Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí Gaeilge
- Fócas ar róil RTÉ, TG4, Raidió na Gaeltachta, PSCPanna
- Deiseanna comhoibrithe, rannpháirtíochta óige agus meáin dhigiteacha a fhiosrú.
- Straitéisí a fhorbairt don oideachas Gaeilge, foghlaimeoirí fásta san áireamh
- Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun dul i gcomhairle le haon mholadh le haghaidh tuilleadh teagmhála trí earnáil na meán cumarsáide, agus le soláthar Gaeilge a fhorbairt.
- Deiseanna a scrúdú chun an tacaíocht reatha do chur chun cinn na Gaeilge ar bhonn uile-oileáin a fheabhsú.

Tá an athbhreithniú seo le tosú i lár 2023 agus le tabhairt chun críche ag deireadh 2024. Mar sin, is cinnte go mbeidh tionchar ag toradh athbhreithniú Choimisiún na Meán agus a mholtaí chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge agus ar phleananna gníomhaíochta TG4 do 2026 agus 2027 mar chuid dár Ráiteas Straitéise cúig bliana. Meastar, dá bhrí sin, gur cuí plean gníomhaíochta mionsonraithe a ullmhú do 2026 agus 2027, tar éis athbhreithniú Choimisiún na Meán a bheith tugtha chun críche, chun torthaí an athbhreithnithe a léiriú agus a sheachadadh.

Mar chuid de straitéis TG4 2023-2027, cuireann TG4 plean gníomhaíochta mionsonraithe trí bliana i láthair don tréimhse 2023-2025. Déanfaidh Bord TG4 athbhreithniú ar straitéis TG4 le linn 2025 agus cuirfear plean gníomhaíochta mionsonraithe le chéile don dá bhliain dheireanacha den straitéis (2026 agus 2027) ag teacht le hathbhreithniú agus moltaí Choimisiún na Meán.

## 2. Achoimre Fheidhmeach

### Réamhrá do Straitéis TG4 2023-2027

Toisc gurb é TG4 an eagraíocht náisiúnta Gaeilge don chraoltóireacht seirbhíse poiblí (PSM) ceanglaítear air faoin Acht Craolacháin 2009, arna leasú leis an Acht um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán, 2022, Ráiteas Straitéise a ullmhú gach cúig bliana. Tháinig Ráiteas Straitéise TG4 le haghaidh 2018–2022 chun críche ag deireadh 2022 agus dá bhrí sin, tá ceanglas ann straitéis nua a chur i bhfeidhm. Leagtar amach sa cháipéis seo Straitéis TG4 le haghaidh 2023-2027, mar aon le plean gníomhaíochta mionsonraithe agus na tairbhí gaolmhara, do na chéad trí bliana den Straitéis (2023-2025).

### An Comhthéacs Straitéiseach – Tábhacht na Meán Gaeilge

Tá an tionchar atá ag TG4 ar an tsochaí ina chuid ríthábhachtach dár ról i gcomhthéacs PSM agus an éiceachórais chultúrtha ina bhfuilimid ag obair. Mar a thug an Coimisiún um Thodhchaí na Meán chun críche, is "fiúntas maith" é a léiríonn "bonneagar poiblí atá an-tábhachtach". Ní tionscnamh craolacháin amháin é TG4 ach is amhlaidh go bhfuil sé ina chuid de pholasaí níos leithne an Rialtais maidir le tacú leis an nGaeilge, leis an gcultúr agus leis na healaíona. Nuair a thugaimid tacaíocht don Ghaeilge, do phobal labhartha na Gaeilge agus don Ghaeltacht táimid ag tacú freisin leis an bhforbairt réigiúnach, le forbairt na tuaithe agus le cuimsiú sóisialta na bpobal a bhfuil mionteanga acu.

In ainneoin a stádas sa bhunreacht, tá an Ghaeilge ag feidhmiú mar mhionteanga agus mar aon le gach mionteanga eile, tá sí i mbaol ón ‘aistriú’, an próiseas trína n-aistríonn pobal cainteoirí go dtí teanga eile. I gcomhthéacs an aistrithe teanga, rangaíonn UNESCO an Ghaeilge anois mar theanga atá 'cinnte i mbaol'. Tá sé de phribhléid ag gach glúin de chuid na hÉireann agus é de fhreagracht orthu éagsúlacht teanga na hÉireann a chaomhnú mar chuid d'éiceachóras teanga an domhain agus d’éagsúlacht teanga an domhain.
Baineann Straitéis TG4 do 2023–2027 go bunúsach le réimse poiblí a thógáil do phobal labhartha na Gaeilge, stádas náisiúnta a chruthú don teanga agus an teanga a bheith ina gnáthrud laistigh den réimse náisiúnta. Tá sé bunaithe ar go n-athrófaí go dtí éiceachóras PSM in Éirinn a bheadh níos cothroime agus nach mbeadh chomh monailiteach. Tá sé i gceist chomh maith caighdeán agus stádas bhranda TG4 a fhorbairt go mbainfidh siad amach tagarmharc ar leibhéal Eorpach, a bhfuil sé cruthaithe ina thaobh go mbíonn tionchar aige ar an aistriú teanga i bpobail mhionteanga.

Léiríonn an teangeolaíocht dúinn gur féidir dul i ngleic leis an aistriú teanga. Deimhníonn an taighde sochtheangeolaíochta ar fad atá creidiúnaithe go bhfuil an-tábhacht ag baint le seachadadh na Gaeilge mar theanga bheo laistigh den teaghlach agus idir na glúnta. Tá creat tacaíochta agus deiseanna inar féidir an Ghaeilge a chur ar aghaidh ar bhealach nádúrtha taobh istigh de na teaghlaigh agus sna pobail ríthábhachtach. Caithfear straitéisí fiúntacha fuinniúla Pleanála Teanga a úsáid i dtrí réimse chun tacú leis seo. Is iad na limistéir sin ná Pleanáil Corpais Teanga, Pleanáil Sealbhaithe Teanga agus Pleanáil Stádais Teanga.

I saol an lae inniu, atá ag éirí níos domhanda agus an-digiteach, tá ról tábhachtach ag TG4 sna trí réimse sin. Tá ról lárnach ag na meáin Ghaeilge sa chath i gcoinne an aistrithe teanga agus i gcothabháil na héagsúlachta teanga (agus na healaíona teangabhunaithe, an t-oideachas trí Ghaeilge agus an t-oideachas lán-Ghaeilge ina réimsí an-tábhachtach chomh maith). Cé gur féidir le TG4 a léiriú go bhfuil go leor éachtaí déanta ó thaobh stádas a bhaint amach don Ghaeilge agus cuidiú le coincheap an dátheangachais a dhéanamh ina ghnáthrud i measc lucht labhartha na mórteanga ó bunaíodh TG4 beagnach trí scór bliain ó shin, caithfimid tuilleadh a dhéanamh. Tá níos mó dul chun cinn déanta ag mionteangacha i dtíortha eile toisc go raibh i bhfad níos mó fuinnimh agus infheistíochta i gceist agus na straitéisí atá acu don mhionteanga, lena n-áirítear straitéisí do na meáin, á gcur i bhfeidhm. Creideann TG4 go bhfuil sé ríthábhachtach go neartófaí na meáin seirbhíse poiblí Gaeilge más uainn cultúr láidir Gaelach a chinntiú. Tá ról ríthábhachtach ag na meáin seirbhíse poiblí sa tsochaí, mar a bhaineann le hionadaíocht a dhéanamh ar chultúir an náisiúin, a teangacha a chur chun cinn, a tionscail chruthaitheacha a mhúnlú agus tacú leo.

### An Comhthéacs Domhanda – Aistriú Digiteach & Aistriú Lucht Féachana

Tá tírdhreach na meán domhanda ag athrú i gcónaí, agus an teicneolaíocht dhigiteach, na meáin shóisialta agus gairis nasctha ag athrú an lucht féachana agus an t-ábhar a úsáideann na tomhaltóirí. Caithfidh PSM aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin is suntasaí dá raibh aige riamh, agus i gcás TG4, tá na dúshláin seo níos mó fós de bharr go bhfuil sé ag cur ábhar ar fáil i nGaeilge do na hardáin ar líne i gcomhthéacs domhanda, áit a bhfuil an Béarla in uachtar sa mhargadh agus an-tionchar aige ar an lucht féachana. De bharr gur tháinig fás in Éirinn ar sheirbhísí

sruthaithe domhanda agus meán domhanda a bhfuil go leor acmhainní acu, tá méadú tagtha ar an méid ábhar i mBéarla atá ar fáil.

Tá an lucht féachana á ilroinnt mar gheall ar an méadú leanúnach atá tagtha ar an tionscal sruthaithe, ar fhíseáin ar líne, ar an gcearrbhachas agus ar na meáin shóisialta. Cé gur ardán tábhachtach é an teilifís chraolta do lucht féachana níos sine, feictear don ghlúin óg go bhfuil na meáin shóisialta in ann ilfhreastal a dhéanamh orthu mar a bhaineann le nasc sóisialta, nuacht, ceol, cluichí, ábhar a ghineann úsáideoirí agus faisnéis phearsantaithe. Tá siad san iomaíocht níos mó ná riamh, ag tarraingt aird le hábhar craolta agus le sruthú. Caithfidh TG4 aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le héabhlóid na teicneolaíochta digití agus na n-ardán meán, agus leanúint ar aghaidh i mbun nuálaíochta d'fhonn cur lenár seirbhísí agus na naisc leis an lucht féachana, go háirithe an chéad ghlúin eile, a fhorbairt.

## Cúrsaí Comhshaoil, Sóisialta & Rialachais

Tá an-tionchar i gcónaí ag na forbairtí eacnamaíocha, polaitiúla agus sóisialta a tharlaíonn ar fud an domhain ar gach gnólacht agus ar gach sochaí. Ina measc tá: an t-athrú aeráide; tionchar na paindéime atá fós ann; athruithe geopholaitiúla agus coimhlint lena n-áirítear an choimhlint leanúnach san Úcráin; ganntanas fuinnimh; cur isteach ar shlabhraí soláthair; agus, boilsciú. Tá na mórdhúshláin dhomhanda sin ag cur isteach, i rith an ama, ar gheilleagair, ar ghnólachtaí agus ar dhaoine aonair araon. D'fhéadfadh tuilleadh fíor-dhrochaimsir, corraíl shóisialta agus ganntanas sa slabhra soláthair tionchair i bhfad níos leithne agus níos measa fós a imirt ar gheilleagair an domhain. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag tabhairt aghaidh ar ár dtimpeallacht agus féachaint le bheith inbhuanaitheach i dtaca le gach a mbíonn ar siúl againn. Is gá dúinn freisin tionchar airgeadais na mbrúnna boilscithe agus ár mbuiséid a bhainistiú go maith. Dá bhrí sin, baineann gné thábhachtach de straitéis TG4 le "ESG" nó le Cúrsaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha TG4

Tá na réimsí tábhachtacha seo, a bhaineann le comhthéacs, mar bhonn agus mar thaca le tosaíochtaí straitéiseacha TG4 do 2023 – 2027:

1. Freastal ceart a dhéanamh ar an lucht féachana níos óige, lena n-áirítear na páistí, iad a spreagadh agus níos mó teagmhála a bheith againn leo.
    - Tá daoine óga ag fás aníos i dtimpeallacht dhomhanda mar a bhaineann leis na meáin agus caithfimid níos mó tionchair a imirt ar an lucht féachana tábhachtach seo agus a bheith níos ábhartha dóibh. Cé go gcaitear an chuid is mó de mhaoiniú TG4 ar ábhar i nGaeilge, fágann easpa maoinithe go bhfuil sé dúshlánach ábhar nua drámaíochta agus siamsaíochta a chur ar fáil gach aon bhliain, rud a fhágann go bhfuil sé deacair freastal go comhsheasmhach ar an lucht féachana atá níos óige. Is gá ábhar tarrainteach, atá an-spéisiúil, a chur ar fáil don sciar seo den lucht féachana.
2. Freastal níos fearr fós a dhéanamh ar lucht féachana na Gaeilge agus ar phobal na Gaeilge & na Gaeltachta.
    - Áirítear leis sin: tús a chur le cur chun feidhme Mholadh an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán 7-1 "Ba cheart go mbeadh smacht neamhspleách ag TG4 ar a sheirbhísí nuachta", i.e., nuacht agus cúrsaí reatha a neartú faoi bhranda TG4 ionas go dtiocfaidh TG4 chun cinn mar uile-ardán a chuirfidh clúdach sainiúil nuachta agus cláracha cúrsaí reatha imscrúdaitheacha ar fáil agus tacaíochtaí suntasacha closamhairc don Ghaeilge laistigh den chóras oideachais; a chinnteodh go dtacaítear le cultúr, oidhreacht agus ealaíona na hÉireann; agus chruthaíonn stádas don Ghaeilge trí shaothair chultúir a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo a spreagadh, lena n-áirítear scannáin agus drámaíocht ar ardchaighdeán i nGaeilge.
3. Tacú le cuideachtaí cruthaitheacha réigiúnacha agus an geilleagar cruthaitheach réigiúnach.
    - Mar Fhoilsitheoir-Chraoltóir, braitheann rath TG4 go mór ar bhunchláracha agus ar ábhar ó earnáil léiriúchán neamhspleách na hÉireann. Beidh an maoiniú breise á chaitheamh ar ábhar nua a choimisiúnú ón earnáil seo agus ar scéimeanna forbartha tallainne. Cruthóimid obair nua, tabharfaimid cosaint do phoist agus cuirfimid le líon an bpost. Beidh muid inár n-ardán suntasach chun maoin intleachtúil neamhspleách na hÉireann a ghiniúint agus mar spreagadh don idirnáisiúnú ar an earnáil léiriúcháin sna réigiúin agus do chruthú poist iontu.

4. A chinntiú gur eagraíocht inbhuanaithe agus chuimsitheach atá i TG4 go fadtéarmach.
    - Caithfidh TG4 leanúint ar aghaidh ag imirt ról fiúntach in inbhuanaitheacht na meán Gaeilge agus na Gaeilge. Is gá dúinn freisin leanúint de bheith ag tabhairt tosaíochta do na gnéithe tábhachtacha eile a bhaineann leis an inbhuanaitheacht, lena n-áirítear: inbhuanaitheacht an chomhshaoil (tabhairt faoi na spriocanna atá againn maidir le léiriúcháin agus oibríochtaí inbhuanaithe); inbhuanaitheacht ár bhfoirne (sláinte agus folláine na bhfostaithe), Éagsúlacht, Cothromas & Cuimsiú (DEI); agus, rialachas (maoirseacht ar ardchaighdeán agus a bheith inár n-eagraíocht "iontaofa").

Tugtar achoimre ar **Fhís TG4** agus **ar 8 sprioc do 2023 - 2027** ar an chéad leathnach eile. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ina dhiaidh seo sa Straitéis.

**Fís TG4**

Trí scála maoinithe den chéad scoth agus trí dhíriú níos mó ar dhaoine óga agus ar chruthaitheacht neamhspleách na hÉireann, leanfaidh TG4 air ag mealladh lucht féachana de gach aois agus ag leagan síos na bunchloiche chun pobail Ghaeilge a chothú ionas go n-éireoidh le hidirnáisiúnú ár dtionscail sna réigiúin. Trí "TG4 Gach Áit" agus branda a shamhlaítear leis na meáin chruthaitheacha Ghaeilge, cinnteoimid go bhfanfaidh ábhar seirbhíse poiblí Gaeilge tábhachtach agus feiceálach in Éirinn an lae inniu.

1

### 1. Seirbhísí Leanaí

Cur leis na seirbhísí do pháistí, agus a rannpháirtíocht le TG4 agus leis an nGaeilge a neartú.

2

### 2. An Lucht Féachana Níos Óige

Ábhar misniúil spreagúil a chur ar fáil do dhaoine idir 15 agus 34 bliain d'aois agus lucht féachana níos óige a chur i lár an aonaigh ar ardáin shóisialta TG4 agus ar líne. .

3

### 3. Acmhainní Oideachais

Punann uaillmhianach d'acmhainní oideachais a fhorbairt a chuirfidh tús le ré nua d'fhoghlaim na Gaeilge agus den fhoghlaim trí Ghaeilge, rud a chabhróidh le fás na Gaeilge.

4

### 4. Nuacht & Cúrsaí Reatha

Nuacht agus cúrsaí reatha a athshamhlú faoi bhranda TG4, agus TG4 ag teacht chun cinn mar sholáthraí ilardáin de chlúdach sainiúil nuachta agus tosú ag déanamh taighde ar chláracha faoi chúrsaí reatha. .

5

### 5. Ealaíona, Cultúr & Oidhreacht agus Spórt na hÉireann

TG4 a leathnú mar ardán chun ealaíona, cultúr & oidhreacht agus spórt na hÉireann a chur chun cinn.

6

### 6. Scannánaíocht & Drámaíocht na Gaeilge

Scála léirithe scannán agus drámaíocht teilifíse na Gaeilge a fhorbairt i réigiúin na hÉireann

7

### 7. Infheistiú san Earnáil Léiriúcháin

Cur leis an rath a bhí ar dhaoine cumasacha agus ar fhiontraíocht earnáil léiriúcháin na hÉireann.

8

### 8. TG4 Inbhuanaithe & Cuimsitheach

TG4 inbhuanaithe agus cuimsitheach a fhorbairt.

## Maoiniú

Tugann TG4 aitheantas don obair atá déanta ag an Rialtas chun TG4 a neartú le trí bhuiséad anuas agus tá sé buíoch as. Mar sin féin, tá TG4 fós i bhfad taobh thiar de chraoltóirí mionteangacha eile san Eoraip, dála S4C sa Bhreatain Bheag nó EITB i dTír na mBascach, ó thaobh maoinithe agus scála de. Is é S4C an ceann is gaire do TG4 ach tá an buiséad iomlán atá aige dhá oiread bhuiséad TG4. Sa ghearrthéarma, caithfidh TG4 a bheith ag feidhmiú ar a laghad ag leibhéal S4C sa Bhreatain Bheag ó thaobh acmhainní agus maoinithe de.

Léiríonn taighde a rinne European Broadcasting Unition (EBU[1]) go bhfuil Éire ar cheann de thrí thír i margaí móra iarthar na hEorpa ina bhfuil PSM tearcmhaoinithe i gcomparáid lena ngeilleagair. Tá Éire sa tríú háit is ísle de mhargaí uile an EBU. In 2019, b'ionann cistiú PSM na hÉireann agus 0.11% dár nOlltáirgeacht Intíre (OTI)) i gcomparáid le 0.16% ar an meán ar fud an EBU. Sa bhliain 2021, tá maoiniú PSM na hÉireann tite go dtí nach bhfuil ann ach 0.09% den OTI. Tugann an EBU dá aire gur cosúil go *bhfuil* Éire "*tearcmhaoinithe i gcomhréir lena geilleagar*".

Le Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm táimid ag iarraidh ardú €10.6m in 2024, €10.7m in 2025 agus €10m in 2026 agus 2027 araon, ar an maoiniú poiblí. Tá sé sin ag teacht leis an ardú a bhí iarrtha i bhFhís Iar-Covid TG4, a cuireadh isteach in 2021. Fágann sé sin go mbeadh maoiniú poiblí iomlán €93.66m ag TG4 faoin mbliain 2027. Níl anseo ach 48% den ioncam a fuair RTÉ ó tháillí ceadúnais sa bhliain 2021. Cé nach mórán é i gcomparáid leis an méid a fhaigheann RTÉ gach bliain, chuideodh sé le dul i ngleic leis an bhfadhb le cothromaíocht mhaoinithe don PSM, bheadh tuilleadh cothromais ann ó thaobh maoiniú don PSM agus chabhródh sé le leasú a dhéanamh ar an gcóras PSM monailiteach atá in Éirinn.

Toisc gurb é TG4 an príomh-mhaoinitheoir atá ag earnáil na léiriúchán neamhspleách i réigiúin na hÉireann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath/Cill Mhantáin, má thugtar maoiniú breise dó tiocfaidh athrú ó bhonn ar mhéid earnáil na scáileán i réigiúin na hÉireann. Deimhníonn an múnla Foilsitheoir-Craoltóir atá ag TG4 go ndéanfar 78% den mhaoiniú breise a infheistiú in earnáil na léiriúchán neamhspleách faoi 2025, bunaithe ar ár bplean gníomhaíochta mionsonraithe don chéad trí bliana dár straitéis. Meastar go mbeidh thart air 300-400 post nua cruthaithe san earnáil faoi dheiridh na bliana 2025, mar thoradh ar ár bplean. Má leathnaítear an fhostaíocht bunaithe ar scileanna teicniúla agus cruthaitheacha a bhíonn ar fáil i gceantair Ghaeltachta agus sna réigiúin, cuideoidh an infheistíocht le tallann a choinneáil sna ceantair seo chomh maith le Gaeilgeoirí óga. Cuideoidh sé le cuideachtaí a neartú agus a fhás agus tuilleadh infheistíochta a spreagadh i bhfoirmiú caipitil na hearnála léiriúcháin agus sna seirbhísí soláthair áitiúla. Mar thoradh air seo beidh idirnáisiúnú déanta ar an earnáil léiriúcháin sna réigiúin.

Ag baint úsáide as anailís iolraitheora, ríomhtar sa bhliain 2025 (arís bunaithe ar ár bplean gníomhaíochta mionsonraithe 2023-2025) , go mbeidh tionchar ag caiteachas TG4 sa gheilleagar ar phoist sa gheilleagar náisiúnta de thart ar 1,650 post lánaimseartha (díreach, indíreach & spreagtha) agus go mbeidh thart ar 1,450 díobh seo san ngeilleagar réigiúnach.

Le breis agus cúig bliana is fiche tá TG4 tagtha chun cinn mar fhíorfhórsa don nuálaíocht i réimse chlosamhairc na Gaeilge. Tá rún againn coinneáil orainn lenár n-iarrachtaí ról TG4 agus stádas na Gaeilge agus na Gaeltachta i sochaí na hÉireann a athshamhlú. Creidimid go bhfuil ról lárnach ag na meáin agus ag na healaíona san fhís athshamhlaithe seo agus go bhfuil gá níos mó ná riamh le TG4, in ainneoin go bhfuil an oiread sin mórsheirbhísí meán domhanda ann chomh maith le hiomaíocht ghéar. Fágann an cuspóir ar leith atá againn go bhfuilimid difriúil ó na seirbhísí eile agus is cuid ríthábhachtach d'Éirinn na linne seo muid.

Tá sé ríthábhachtach ó thaobh an chuspóra seo de go ndéanfadh TG4 athrú ar ár méid agus ar ár seirbhísí, de réir mar a thiocfaidh athrú ó bhonn ar mhargadh na meán agus tá pleananna uaillmhianacha againn do na blianta amach romhainn. Cinnteoidh na pleananna seo: go mbeidh luach níos fearr ná riamh á chur ar fáil do lucht féachana TG4; go mbeimid ag tacú leis an bhforbairt leanúnach ar an earnáil chruthaitheach i réigiúin na hÉireann; go mbeimid ag tacú le fás agus caomhnú na Gaeilge, agus ag cothú naisc le daoine óga atá ag fás aníos i saol domhanda na meán.

Is í fís fhadtéarmach TG4 stádas a bhaint amach a bheadh níos gaire don stádas atá ag craoltóirí i sochaithe ina bhfuil an dátheangachas seasmhach agus áit nach bagairt eiseach é an t-aistriú teanga a thuilleadh. I measc na n-eiseamláirí sa craoltóireacht phoiblí tá Ceanada, an Eilvéis, an Bheilg agus an Spáinn. Ar an gcéad dul síos caithfidh TG4 tuilleadh maoinithe a fháil lena chinntiú gur féidir leis an tseirbhís

[1]Meáin Seirbhíse Poiblí a Mhaoiniú (An tSeirbhís um Fhaisnéis do na Meáin, EBU, Aibreán 2023).

luach suntasach ó thaobh an tsochaí agus na heacnamaíochta a chur ar fáil agus na dúshláin atá roimh na meáin Ghaeilge sa ré dhigiteach a shárú.

Tá plean TG4 ailínithe go hiomlán le beartas agus straitéis náisiúnta lena n-áirítear: moltaí ó Coimisiún um Thodchaí na Meán; Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge; Plean Gníomhaíochta Closamhairc Éire Ildánach; Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí Comhroinnte; An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030; agus, Éire Dhomhanda – Lorg Domhanda na hÉireann go dtí 2025, i measc nithe eile.

Cuirtear achoimre ar na príomhbhuntáistí a bhaineann le straitéis TG4 i láthair ar an chéad leathanach eile. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbaineann na tairbhí seo leis an bplean gníomhaíochta mionsonraithe trí bliana agus nach léiríonn siad tairbhí iomlána na straitéise cúig bliana. Sainaithneofar na tairbhí iomlána cúig bliana nuair a bheidh na pleananna gníomhaíochta mionsonraithe do 2026 agus 2027 forbartha.

# Achoimre ar Bhuntáistí na Straitéise

- 577 uair an chloig nua breise d'ábhar don lucht féachana (1,148 san iomlán carnach thar 3 bliana).
- Aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa soláthar ábhair don lucht féachana.
- Ardóidh an lucht féachana Gaeilge seachtainiúil ar na trasardáin ó 66% (2022) go dtí 75% (2025).
- Ardóidh na hamhairc físe ar na trasardáin ó 136m (2022) go dtí 154.3m (2025).




- Infheistíocht bhreise €22.25m san earnáil in 2025 vs. 2022 (€40m breise thar 3 bliana an straitéis).
- Cuirfidh sé ar chumas cuideachtaí sna réigiúin leathnú amach.
- Cruthóidh sé thart ar 300-400 post nua san earnáil chlosamhairc (FTEnna) faoi 2025.
- Forbróidh sé bonneagar agus acmhainneacht na hearnála léiriúcháin agus cruthóidh sé IP na hÉireann.
- Cabhróidh sé leis an idirnáisiúnú comhlachtaí.

- Chomh maith le tacú le tallann trínár gcoimisiúin, cabhróidh scéimeanna oiliúna TG4 le forbairt bhreise a dhéanamh ar 155-175 duine aonair san earnáil chlosamhairc.
- Forbraíonn sé tallann iriseoireoireachta & tallann eagarthóireachta sna réigiúin.
- Forbraíonn sé cumas scríbhneoireachta, cumas stiúrtha, cumas léiriúcháin, cumas scáileáin agus cumas láithreoireachta na Gaeilge.

- Tionchar measta 1,650 ar phoist go náisiúnta in 2025 (díreach, indíreach agus spreagtha), 1,450 díobh seo sna réigiúin (FTEs).
- Bunaithe ar mheastacháin beidh €114m curtha le ioncaim náisiúnta agus €100m curtha leis an aschur réigiúnach in 2025.
- An fhostaíocht oilte theicniúil agus an fhostaíocht chruthaitheach á leathnú amach aige i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair sna réigiúin agus é ag cabhrú le tallann a choinneáil sna ceantair sin.

Tacaíonn sé le seachadadh na nithe seo a leanas:
- An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.
- Plean Gníomhaíochta Closamhairc Éire Ildánach.
- Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí Comhroinnte.
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030.
- Éire Dhomhanda - Lorg Domhanda na hÉireann go dtí 2025.
- Moltaí Coimisiún um Thodchaí na Meán

- Cuireann sé leis an teagmháil a bhíonn ag daoine óga leis an nGaeilge - athchothromú ar dhéimeagrafaíocht na Gaeilge.
- Cuidíonn sé le Gaeilgeoirí óga a choinneáil i gceantair réigiúnacha.
- Tacaíonn sé le feiceálacht na Gaeilge agus le húsáid laethúil na Gaeilge sa phobal.
- Tuilleadh éagsúlachta agus iolrachta sa nuacht.
- Tacaíocht d'ábhar closamhairc don Ghaeilge laistigh den chóras oideachais agus lasmuigh de.

- Cuireann sé tacaíochtaí closamhairc faoi stiúir churaclaim na hÉireann ar fáil le húsáid laistigh den chóras oideachais - 75 uair an chloig de chláracha nua le craoladh, le 24 píosa d'ábhar i bhfoirm míreanna gearra san áireamh, thar 3 bliana an stráitéis.
- Cuireann sé tacaíochtaí ó thaobh ábhar closamhairc ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais foirmiúil, go háirithe foghlaimeoirí fásta.
- Cuireann sé le líon na gcainteoirí Gaeilge.

- Cuireann sé leis an méid teagmhála a bhíonn ag daoine óga leis an nGaeilge - athchothromú ar dhéimeagrafaíocht na Gaeilge.
- Cuidíonn sé le Gaeilgeoirí óga a choinneáil i gceantair réigiúnacha.
- Tacaíonn sé le feiceálacht na Gaeilge agus le húsáid laethúil na Gaeilge sa phobal.
- Níos mó éagsúlachta agus iolrachta ann ó thaobh nuachta de.
- Tacaíochtaí closamhairc don Ghaeilge laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais.

# 3.Forléargas ar TG4

## Tá áit ar leith ag TG4 i dTírdhreach Meán na hÉireann

Agus é ag feidhmiú mar eagraíocht náisiúnta PSM na hÉireann, cuireann TG4 seirbhísí ábhair atá iontaofa agus cruthaitheach ar fáil. I measc ár n-aschur leathan tá: nuacht agus cúrsaí reatha; cláracha oideachais; na healaíona & an drámaíocht; *Cúla4* agus ábhar eile do pháistí; imeachtaí náisiúnta a bhfuil tábhacht chultúir leo lena n-áirítear ócáidí cuimhneacháin; ócáidí spóirt náisiúnta beo saorchraolta; cláracha faisnéise a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na staire agus an chultúir, agus go leor eile. Cuirtear ár n-aschur ar fáil ar fud ardáin líneacha agus neamhlíneacha a chinntiú gur féidir linn ár nasc níos fearr a chruthú leis an lucht féachana ar gach gaireas a roghnaíonn siad.

I láthair na huaire nuair atá na meáin ag claonadh níos mó i dtreo an domhandaithe, nuair atá tuilleadh iomaíochta ann agus iompar an lucht féachana ag athrú, tá áit ar leith ag TG4 i dtírdhreach na meán in Éirinn.
Léiríonn[2] taighde margaidh a rinneadh go náisiúnta go n-aontaíonn 92% den phobal go láidir go bhfuil gá le TG4 sa chraoltóireacht in Éirinn agus go bhfuil ról soiléir aige ann, aontaíonn 81% go gcuireann TG4 ábhar agus seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil.

Is é Misean TG4:

**Cuirimid seirbhísí meán cumarsáide siamsúla, oideachais, faisnéiseach agus nuálacha ar fáil a dhéanann ceiliúradh ar chruthaitheacht na Gaeilge agus a mheallann lucht féachana de gach aois anseo sa bhaile agus ar fud an domhain.**

**Cuidímid le pobal labhartha na Gaeilge agus cuidímid le normalú a dhéanamh ar an nGaeilge i saol laethúil mhuintir na hÉireann.**

**Trí chomhpháirtíocht le hearnáil scáileán na Gaeilge, cumasaímid ábhar de scoth an domhain a chruthú agus tacaímid le fás geilleagrach in Éirinn.**

[2] IPSOS MRBI (1,000 duine fásta Éireannach - 15+ bliain d'aois), Deireadh Fómhair 2022

## Cruthaíonn TG4 Luach

Cuireann TG4 luach ar fáil ar go leor bealaí agus tugtar achoimre orthu thíos agus cur síos orthu ina dhiaidh sin.




**1**
- 66% den lucht féachana seachtainiúil Gaeilge trasardáin (2022).
- sciar C.2% den lucht féachana teilifíse náisiúnta
- 136m amharc físe ar ábhar TG4 - 131m amharc ar na meáin shóisialta.
- Aontaíonn 92% den phobal go bhfuil gá le TG4 & go bhfuil ról soiléir aige[1].

**2**
- Mar Chraoltóir-Foilsitheoir, tá c.€250m caite ag TG4 ar sheirbhísí cruthaitheacha Gaeilge le 10 mbliana anuas (€230m ar léiriúchán neamhspleách), i gceantair réigiúnacha den chuid is mó.
- Tá c.500 post coibhéis lánaimseartha (FTE) á gcothú go díreach ag TG4 i léiriú scáileáin i gceantair Ghaeltachta agus réigiúnacha.

**3**
- Forbraíonn scéimeanna oiliúna earnála TG4 cumas scríbhneoireachta, stiúrtha agus léiriúcháin na Gaeilge. Tugann an tionscal aitheantas ar luach agus ar thionchar na scéimeanna sin.
- Tugadh tacaíocht d'oiliúint agus d'fhorbairt c.120 duine aonair le 5 bliana anuas trínár scéimeanna forbartha.

**4**
- Gineann TG4 €2 do gheilleagar na hÉireann le gach €1 maoinithe.
- Le gach post i TG4, tá 4 cinn eile á gcothú in earnáil na léiriúchán neamhspleách.
- Faighimid ábhar ó chomhlachtaí a fheidhmíonn trí Ghaeilge, i gceantair Ghaeltachta agus réigiúnacha den chuid is mó.

**5**
- Tacaímid le haistriú idirghlúine na Gaeilge.
- Cuidímid le dul i ngleic leis an athrú teanga.
- Forbraímid réimse poiblí do phobal na Gaeilge.
- MSP Náisiúnta - cruthaímid stádas náisiúnta don Ghaeilge.

**6**
- Béim a chur ar an nGaeilge agus stádas níos fearr a bhaint amach di trí shaothair a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo a spreagadh. M.sh., Cine4 - Scannánaíocht agus drámaíocht na Gaeilge
- Réimse imeachtaí ceoil agus cultúir na hÉireann chomh maith le Imeachtaí éagsúla spóirt, peil ghaelach agus iománaíocht a chlúdach.

**7**
- Fás fhiontair agus dhaoine cumasacha na léirithe scáileáin Gaeilge.
- Cruthú post – fostaíocht oilte chruthaitheach sa Ghaeilge.
- An Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga bheo oibre i gcomhthéacs nua-aimseartha.
- Cainteoirí Gaeilge a choinneáil sna réigiúin.

**8**
- Acmhainní Gaeilge Cúla4 agus TG4 Foghlaim a chur ar fáil do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna.
- Úsáideann 44% de na múinteoirí bunscoile go léir, 80% de mhúinteoirí i mbunscoileanna na hÉireann agus 250,000 páiste bunscoile Cúla4 go rialta[2].

[1] IPSOS MRBI, R4 2022.
[2] Red C, R4 2020/R1 2021.

## *Freastal maith ar an lucht féachana*

Chomh maith leis an bpríomhchainéal líneach, cuireann TG4 réimse leathan d'ábhar ar fáil don bhranda ar fud na n-ardán ar fad, mar a thaispeántar thíos. Táimid ag coinneáil orainn ag forbairt seirbhísí nua chun freastal ar riachtanais an lucht féachana. Mar shampla, seoladh TG4 HD ar Saorview i mí na Nollag 2022. Chomh maith leis sin, táimid ag réiteach le *Cúla4* a sheoladh mar chainéal tiomnaithe do pháistí ar an Seinnteoir, ar Saorview agus ar Virgin Cable in 2023 (cuirfear ar fáil é do Sky Ireland freisin) chomh maith le bheith ag réiteach le haghaidh cainéal TG4+1 a sheoladh.




Táimid ag leanúint orainn, trínár seirbhísí, ag cur leis an méid lucht féachana atá ag TG4 agus lena rannpháirtíocht. In 2022, d'fhéach 3.654m duine nó 82% den daonra ar TG4 am éigin i rith na bliana. Tá fás suntasach tagtha ar sciar TG4 den lucht féachana náisiúnta teilifíse le trí bliana anuas agus in 2022, d'ardaigh sé ó 1.89% in 2021 go dtí 1.96%, ardú beagnach 4% ar an sciar den lucht féachana lae ar an meán. Is é seo an sciar is airde a bhí ag an gcainéal ó 2011. Tháinig ardú 5% freisin ar sciar an lucht féachana príomh-ama (2.05% in 2021 go dtí 2.15% in 2022).

In 2022 lean an fás láidir a bhí tagtha ar lucht féachana na meán digiteach neamhlíneach de chuid TG4 ar aghaidh. Tháinig ardú 120% ar líon na n-amharc físe trasardáin ar ábhar de chuid TG4, suas ó 61.8m in 2021 go dtí 135.8m in 2022 (sa bhreis ar an ardú 65% a tharla in 2021).

Tá an teacht atá ag TG4 ar lucht féachana na Gaeilge ar na trasmheáin láidir freisin. In 2022, shroich TG4 66% de lucht féachana na Gaeilge gach seachtain, ar fud na n-ardán líneach agus digiteach ar fad, idir an teilifís, gairis chliste, an fón póca, ar líne srl. Aithnítear ábhar TG4 as a chaighdeán. Cuirtear rogha bheag den aiseolas a tháinig ó lucht féachana TG4 i láthair thíos.



## *Inneall Fáis do Gheilleagar Cruthaitheach i Réigiúin na hÉireann*

Mar Fhoilsitheoir-Chraoltóir, cuidíonn TG4 le hábhar den chéad scoth a chruthú agus tugann sé tacaíocht do na tionscail chruthaitheacha in Éirinn. Is infheisteoir suntasach é TG4 in earnáil na scáileán, go mór mór i réigiúin na hÉireann. Foinsíonn TG4 ábhar ó chomhlachtaí a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, agus tá a bhformhór seo lonnaithe i gceantair Ghaeltachta. Tá TG4 ag obair le 66 comhlacht léiriúcháin faoi láthair agus astu sin, tá sé ag obair ar bhonn an-ghníomhach le 33 léiritheoir neamhspleách Gaeilge, agus tá an chuid is mó acu lonnaithe i gceantair Ghaeltachta. Fiú le 5 bliana:

| | |
|---|---|
| **€141m**[3] | Tá os cionn €141m caite ag TG4 ar sheirbhísí cruthaitheacha in Éirinn, go háirithe sna réigiúin. |
| **€116m**[4] | Tá os cionn €116m infheistithe ag TG4 sna comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha in Éirinn, an chuid is mó de le cuideachtaí léiriúcháin sin sna réigiúin. Gach bliain, caithimid os cionn 90% den bhuiséad le haghaidh cláracha atá againn ar léiriúcháin neamhspleácha. |
| **80%** | Is ionann infheistíocht TG4 i seirbhísí cruthaitheacha na hÉireann agus beagnach 80% de mhaoiniú reatha TG4 gach bliain, ar an meán. |
| **460** | Tá 460 post coibhéiseach lánaimseartha ar a laghad á gcothú go díreach ag TG4 i léiriúcháin don scáileán i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair réigiúnacha[5]. Tugann sé seo buntáistí tábhachtacha eacnamaíocha, sóisialta agus cultúir do na pobail seo *(gan an tionchar eacnamaíoch níos leithne* a chur san áireamh[6]). |

Tá an ról atá ag TG4 i bhforbairt earnáil léiriúchán neamhspleách na hÉireann aitheanta go forleathan ag páirtithe leasmhara an tionscail, mar a léirítear thall.




[3] Gan cearta spóirt agus ceoil a áireamh.
[4] Gan cearta spóirt agus ceoil a áireamh.
[5] Bunaithe ar mheastacháin TG4 agus Údarás na Gaeltachta. Ní áirítear saor-FTEnna nach raibh áirithe sna sonraí.

[6]In 2022, chuir caiteachas TG4 thart ar €76 m leis an aschur náisiúnta agus thacaigh sé le thart ar 1,146 post coibhéise lánaimseartha (díreach, indíreach agus spreagtha).

## *Scileanna & Tallann a Fhorbairt san Earnáil*

Is infheisteoir tábhachtach é TG4 in oiliúint agus i bhforbairt na hearnála léiriúcháin ar mhaithe le tallann agus scileanna cruthaitheacha a fhorbairt. Thar na blianta, i gcomhar le Coimisiún na Meán, Údarás na Gaeltachta, Gréasán na Meán Skillnet agus comhpháirtithe eile, reáchtáil TG4 scéimeanna éagsúla, lena n-áirítear roinnt scéimeanna forbartha gearrscannán (Síol, Údar, Scéal 1 agus Scéal 2) a chuir oiliúint agus tacaíocht ar fáil do scríbhneoireacht Ghaeilge atá ag teacht chun cinn, do lucht stiúrtha agus tallann léiriúcháin eile, rud a chuaigh go mór chun tairbhe don earnáil. I measc na scéimeanna eile a chuidigh le forbairt a dhéanamh ar thallann an tionscail tá:

- *Cine4* - i gcomhar le Coimisiún na Meán agus Fís Éireann, chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do léiriú fadscannáin Ghaeilge agus tallann na Gaeilge.
- *Scéim Forbartha Oiliúna* – i gcomhar leis an earnáil léiriúchán neamhspleách agus le hÚdarás na Gaeltachta agus an oiliúint chreidiúnaithe á soláthar ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU). Cuireann sé seo socrúcháin bliana le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha ar fáil d'oiliúnaithe sa tionscal.
- *Glúin Nua* - tacú le tionscadail Ghaeilge a bhíonn ag Stiúrthóirí agus ag Scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn.
- Tá cuspóirí soiléire ó thaobh uasoiliúna agus forbartha tallainne ag ár mbabhtaí coimisiúnaithe, leanúint de bheith ag forbairt scileanna scríbhneoireachta, scileanna stiúrtha agus scileanna léiriúcháin i nGaeilge in earnáil na léiriúchán neamhspleách.
- Tá infheistíocht déanta againn freisin i scéimeanna le haghaidh scannáin, drámaí agus cláracha faisnéise gearra i gcomhar le Fís Éireann agus Údarás na Gaeltachta, d'fhonn tallann na Gaeilge a fhás agus tacú leis an idirnáisiúnú ar ábhar i nGaeilge.
- Ó 2019 i leith, tá TG4 ag cur socrúcháin oibre bliana nó intéirneachtaí níos giorra ar fáil i TG4 d'oiliúnaithe agus do phrintísigh atá nua sa tionscal. m.sh., i gcruthú ábhar, sna meáin shóisialta agus i bhforbairt gréasáin.

Bhí ár scéimeanna ríthábhachtach ó thaobh scríbhneoireacht, stiúradh agus léiriúchán na Gaeilge chomh maith le tallann eile san earnáil a fhás agus a fhorbairt tuilleadh, agus aithníodh a luach agus a dtionchar ar fud an tionscail.

## *Buntáistí Eacnamaíocha a chur ar fáil - go Náisiúnta & go Réigiúnach*

Mar gheall ar an méid a íocann TG4 le hearnáil léiriúchán neamhspleách na hÉireann agus mar gheall ar na seirbhísí eile ar fad a cheannaímid ó chuideachtaí cruthaitheacha na hÉireann, bímid ag tacú le tallann a fhorbairt don earnáil agus do na léiriúcháin agus ag cuidiú le poist agus ioncaim a chruthú sna réigiúin, rud a chabhraíonn leis an ngeilleagar cruthaitheach sna réigiúin in Éirinn a chothú agus a thógáil.

Is féidir tionchar eacnamaíoch TG4 a thomhas trí anailís iolraitheora a dhéanamh agus is é an fhoirm iolraitheoirí is coitianta a bhíonn in úsáid ná aschur (an méid a chuirtear leis an aschur náisiúnta) agus fostaíocht (an tionchar ar phoist choibhéiseacha lánaimseartha). Déantar na tionchair a thomhas ag trí leibhéal:

1. Tionchar díreach - fostaíocht agus aschuir á nginiúint go díreach ag TG4.
2. Tionchar indíreach - fostaíocht agus aschur a fhaigheann tacaíocht i slabhra soláthair TG4 (m.sh., comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha, soláthróirí eile).
3. Tionchar spreagtha - fostaíocht agus aschuir a fhaigheann tacaíocht uathu siúd atá fostaithe go díreach nó go hindíreach ag TG4 agus ag a sholáthraithe, an t-ioncam á chaitheamh ar earraí agus ar sheirbhísí i ngeilleagar na hÉireann i gcoitinne.

Meastar gur chuir caiteachas TG4 in Éirinn thart ar €76.3m leis an aschur náisiúnta in 2022 agus gur thacaigh sé le thart ar 1,146 post coibhéise lánaimseartha[7] (díreach, indíreach agus spreagtha). As sin, chuir caiteachas TG4 sna réigiúin thart ar €63m leis an aschur réigiúnach agus thacaigh sé le 972 post coibhéise lánaimseartha[8] (díreach, indíreach agus spreagtha).[9]

[7] Bunaithe ar anailís ar chaiteachas ar oibriúcháin & caiteachas chaipitil & maoiniú TG4 2022 in Éirinn.
[8] Ní áirítear tionchair chatalaíoch bhreise dála forbairt scileanna, turasóireacht srl.
[9] Ba cheart aird a tharraingt ar nádúr "statach" na hanailíse iolraitheora. Tá iolraitheoirí bunaithe ar an léargas ar gheilleagar ar feadh bliana ar leith. Ní thacaíonn na hiolróirí ó bhliain go bliain, mar aon le hathruithe ar an gcaiteachas, le hanailís chomparáideach bliain ar bhliain.

## *Ag Cuidiú le Buanú na Gaeilge*

Tá ról tábhachtach ag TG4 i bPleanáil Corpais Teanga, i bPleanáil an tSealbhaithe Teanga agus i bPleanáil Stádais Teanga don Ghaeilge. Tá na meáin Ghaeilge lárnach sa chath i gcoinne an aistrithe teanga agus i gcothabháil na héagsúlachta teanga. In 2023, tá TG4 ag súil go mór le bheith ag plé leis an *gCoimisiún um Thodhchaí na Meán* ar an athbhreithniú ar sholáthar seirbhísí i nGaeilge agus ábhar Gaeilge ar fud chóras na meán. Táimid ag súil go ndéanfar é a leagan amach i gcomhthéacs Straitéisí Pleanála Teanga dírithe ar dhul i ngleic leis an aistriú teanga agus ár n-éiceachóras in Éirinn ina bhfuil éagsúlachta teanga a chaomhnú don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht.

Is ábhar misnigh é réamhthorthaí Dhaonáireamh 2022, a léiríonn méadú 6% (ó Dhaonáireamh 2016) ar líon na ndaoine a thug le fios go raibh Gaeilge acu. Fiú agus áitritheoirí nach Éireannaigh iad in Éirinn ag déanamh suas 12% den daonra anois, is ionann líon na gcainteoirí Gaeilge agus 40.4% den daonra, suas ó 39.8% in 2016[10]. As an líon iomlán seo, thug 10% le fios go labhraíonn siad an Ghaeilge go han-mhaith agus dúirt 32% eile go labhraíonn siad go maith í. Rud atá an-tábhachtach ná an toradh ó thaobh daoine óga. Deir 63% de dhaoine óga idir 15 agus 19 mbliana d'aois a labhair Gaeilge, gur labhair siad go maith nó go han-mhaith í.

## *Cultúr & Ealaíona na hÉireann a chur chun cinn*

Trínár gcláracha cultúir agus ealaíon agus trí Cine4, tarraingíonn TG4 aird ar an nGaeilge agus tugann sé tuilleadh stádais di trí shaothair a bhfuil tábhacht náisiúnta leo a spreagadh. Tugaimid tacaíocht do cheol agus d'imeachtaí cultúir na hÉireann lena n-áirítear tacaíocht do raon leathan tionscnamh ó fhéilte scannán neamhspleácha go tionóil agus taispeántais chultúir srl. Thar na blianta tá ardú seasta tagtha ar aschur TG4 mar a bhaineann leis an gceol traidisiúnta agus táimid i gcónaí ag cur ardán ar fáil don ghné seo den chultúr. In 2022 amháin, chraol TG4 2,036 uair an chloig d'ábhar ealaíon, cultúir agus spóirt i nGaeilge agus d'infheistigh sé thart ar €22m chun bunábhar Gaeilge a choimisiúnú ón earnáil léiriúchán neamhspleách, sna seánraí cláir seo. D'éirigh thar barr freisin lenár bhfócas ar scannáin Ghaeilge tríd an scéim Cine4, scéim a thugann bunscannáin Ghaeilge chuig an bpictiúrlann, chuig féilte scannán agus chuig an teilifís. Ó 2017 i leith, thacaigh Cine4 le dhá thogra scannán Gaeilge in aghaidh na bliana, i gcomhpháirtíocht le Fís Éireann agus Coimisiún na Meán. Is iad na scannáin atá críochnaithe ag Cine4 go dtí seo ná *Finky*, *Arracht*, *Róise & Frank*, *Foscadh*, *An Cailín Ciúin* agus *Tarrac*. Tá clú agus cáil bainte amach ag scannáin Cine4 go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ag féilte scannán agus ag searmanais bhronnta ar fud an domhain. Is é *An Cailín Ciúin* an scannán Gaeilge is fearr ar éirigh leis sna pictiúrlanna. Ainmníodh é don 95ú Gradaim Academy in 2023, sa Chatagóir don Phríomhscannán Idirnáisiúnta is Fearr ag na Oscars, ócáid stairiúil mar go raibh sé ar an gcéad fhadscannán Gaeilge a ainmníodh riamh sa chatagóir seo.

## *Pobal Labhartha na Gaeilge & Pobal na Gaeltachta a Chothú*

Príomhcholún mar a bhaineann le straitéis TG4 is ea *Cothrom na Féinne*. Baineann sé sin le tacaíocht agus cobhsaíocht a chur ar fáil i réimsí ina bhfuil míchothromaíocht. I gcás TG4, atá ina PSM don Ghaeilge, ciallaíonn sé sin "an lucht féachana a labhraíonn Gaeilge mhaith, tacú leis na pobail a bhfuil Gaeilge acu". Cuidíonn na meáin Ghaeilge leis an nGaeilge a dhéanamh níos feiceálaí agus le go mbeidh sí á húsáid go laethúil sa phobal, lena n-áirítear go mbeadh tuilleadh daoine óga gafa leis an nGaeilge a mhéadú. De bharr go bhfuilimid ag déanamh infheistíochta i dtionscail chruthaitheacha i réigiúin na hÉireann, tá TG4 ag cur níos mó deiseanna ar fáil don fhostaíocht oilte, chruthaitheach agus theicniúil, chomh maith le deis a bheith ag obair trí Ghaeilge agus tá sé ag cur na Gaeilge chun cinn mar theanga bheo oibre i gcomhthéacs nua-aimseartha. Cuidíonn sé seo le Gaeilgeoirí óga a choinneáil i bpobail na Gaeilge agus sna ceantair Ghaeltachta ar fud na réigiún.

In 2022, choimisiúnaigh TG4 suirbhé náisiúnta IPSOS MRBI ar 1,000 duine fásta in Éirinn tomhas bonnlíne a bhunú ar dhearcadh an phobail maidir le ról TG4 i gcur chun cinn na Gaeilge agus aird a tharraingt uirthi. Léirigh an suirbhé seo go gcreideann 83% gurb é TG4 an beart is dearfaí leis an nGaeilge a chur chun cinn agus aird a tharraingt uirthi.

10 Daonra 3 bliana d'aois agus níos sine. Torthaí Réamhdhaonáirimh 2022. CSO Bealtaine 2023.

## *Cuireann sé Acmhainní Luachmhara Oideachais ar fáil*

Measann TG4 go bhfuil an t-oideachas ina ghné lárnach dár sainchúram mar a bhaineann le PSM agus tuigimid an tábhacht a bhaineann lenár ról ó thaobh ábhar oideachasúil agus foghlama a sholáthar. Is mór againn an ról atá againn maidir le tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do gach duine, beag beann ar aois, a dteastaíonn uathu an Ghaeilge a fhoghlaim nó a bheith ag foghlaim trí Ghaeilge, sa bhaile agus thar lear. Aithnímid chomh maith an ról ríthábhachtach atá ag TG4 i gcur chun cinn fhoghlaim na Gaeilge i ngach scoil, sa Ghaeltacht agus ar fud an oileáin trí chéile.

Cuireann TG4 réimse seirbhísí ó thaobh ábhar oideachais ar fáil do leanaí óga, lena n-áirítear Cúla4, ár seirbhís chraolta laethúil, Seinnteoir Cúla4, Aipeanna agus cainéal YouTube *Cúla4*. D'fhreagair muid do phaindéim Covid-19 le sraith nua oideachais do scoileanna, *Cúla 4 ar Scoil*, clár scoile baile a craoladh cúig lá sa tseachtain.

Úsáidtear ábhar *Cúla4* go forleathan i mbunscoileanna mar acmhainn foghlama. Is daonra suntasach é seo - 568,184 duine atá 5-12 bliana d'aois[11]. Léirigh suirbhé náisiúnta a rinneadh ag deireadh 2020, i ngach bunscoil (Béarla agus Gaeilge), ar fheasacht ar Sheinnteoirí TG4 agus Cúla4 agus iad a úsáid i dtaobh an ábhair [12]feidhmíocht láidir. Úsáideann líon an-ard - 44% de na múinteoirí bunscoile ar fad, 80% de na múinteoirí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge agus 250,000 páiste bunscoile ar fud na hÉireann, Seinnteoir TG4 nó Seinnteoir Cúla4 go rialta sa seomra ranga.

Bíonn ábhar á chur ar fáil ag TG4 d'iar-bhunscoileanna chomh maith. Arna fhorbairt i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), le treoir ón Roinn Oideachais, is acmhainn foghlama é *TG4 Foghlaim* a chuireann ábhar closamhairc ar fáil do churaclaim na hArdteiste agus an Teastais Shóisearaigh. Táimid ag cur le feiceálacht an chláir *TG4 Foghlaim* trí é a chur chun cinn ar ardáin na meán sóisialta agus trí fhor-rochtain a chur ar fáil do scoileanna, ollscoileanna agus cumainn múinteoirí, i measc eagraíochtaí eile. D'éirigh go maith le *TG4 Foghlaim* agus in 2022 bhí an rannpháirtíocht cuid mhaith níos airde ná 100k amharc leathanach.

Cuireann TG4 roinnt imeachtaí oideachais ar fáil do scoileanna gach bliain freisin. Mar shampla, *Iriseoirí an Lae Amárach* (i gcomhar le *OÉG* agus *Nuacht RTÉ)*, clár seachtaine faoi iriseoireacht na Gaeilge do Mhic Léinn Idirbhliana. Chláraigh os cionn 400 dalta don ócáid in 2022.

[11] Daonáireamh 2016, An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO).

[12] Red C TG4 Taighde ar Scoileanna Náisiúnta (R4, 2020).

# 4. An Timpeallacht Oibriúcháin & na Príomhdhúshláin

Tá na Meáin Seirbhíse Poiblí ag tabhairt aghaidh ar chuid de na dúshláin is suntasaí ina stair. I gcás TG4, tá na dúshláin sin níos mó fós agus é ag soláthar ábhar i nGaeilge ach ag feidhmiú i margadh atá thar a bheith domhanda agus atá i mBéarla den chuid is mó. Tugtar achoimre thíos ar na dúshláin is mó atá roimh TG4 sna blianta amach romhainn agus déantar cur síos orthu ina dhiaidh sin.




## Domhandú & Iomaíocht

Tá tírdhreach na meán ag síorathrú. Tá an teicneolaíocht dhigiteach, na meáin shóisialta agus gairis nasctha tar éis an tomhaltas a athrú ó bhonn sa chaoi gur beag atá anois idir na craoltóirí traidisiúnta agus idirghabhálaithe an ábhair dhomhanda, ach iad comhtháite le chéile. Tá ilchuideachtaí Idirlín agus teicneolaíochta domhanda dála Amazon, Apple agus Microsoft, agus fathaigh na meán domhanda ar nós Netflix, Amazon Prime, Disney+, Apple TV agus Sky Now tar éis dul chun cinn suntasach a dhéanamh in earnáil closamhairc na hEorpa agus iad ag cur isteach ar an timpeallacht iomaíoch atá ann do na craoltóirí seirbhíse poiblí agus do na seirbhísí tráchtála araon, rud atá ina bhagairt mhór ar éiceachóras na meán seirbhíse poiblí. Tá iompar an lucht féachana, go háirithe iompar na ndaoine óga, ag forbairt de réir mar atá níos mó roghanna á gcur ar fáil, ina measc seirbhísí síntiúis agus seirbhísí físeáin a fhaigheann maoiniú ón bhfógraíocht, chomh maith le hábhar digiteach agus sóisialta srl. Tar éis do na hilchuideachtaí móra domhanda seo teacht chun cinn chuaigh siad i bhfeidhm ar thrí phríomhbhealach.

Ar an gcéad dul síos, tá brú níos mó ar na meáin seirbhíse poiblí ó iomaitheoirí atá ag fás i rith an ama. Léiríonn taighde a rinne an EBU in 2019, gur thuill fathaigh an Idirlín & na teicneolaíochta is mó le rá €960 billiún, rud a bhí 26 oiread an mhaoinithe a shaothraigh na 66 PSManna EBU[13] ar fad. Tá an iomaíocht chun lucht féachana a mhealladh ag dul i dtreise de bharr go gcaitheann na hilchuideachtaí seo na billiúin ar ábhar nua d'fhonn lucht féachana a mhealladh agus a choinneáil. Ar an dara dul síos, tá na fathaigh dhomhanda seo ag feidhmiú mar gheatóirí áit a bhfuil siad comhtháite go hingearach[14], agus spreagadh soiléir acu an lucht féachana a tharraingt i dtreo ábhar a oireann dá leas tráchtála. Ar an tríú dul síos, tá iomaíocht ghéar ann d'aird an lucht féachana ar fud na n-ardán ar fad. Sampla maith de seo is ea an lucht féachana a bheith ag aistriú go dtí sruthú agus ábhar ar líne. Táthar ag tuar go dtreiseoidh na cogaí maidir leis an sruthú, ionas go mbeidh tuilleadh tairiscintí cuachta agus sraitheanna a fhaigheann tacaíocht ó fhógraíocht á gcur ar fáil. Tá na daoine a bhíonn ag sruthú ag infheistiú i rith an ama i sraitheanna móra agus in ábhar leabharlainne araon[15]. Tá fás ag teacht fós ar na síntiúis atá ag teaghlaigh in Éirinn le seirbhís a chuireann síntiús ar éileamh (SVOD) ar fáil. Mar shampla, tá céatadán na dteaghlach a bhfuil rochtain acu ar Netflix ag 60% anois (ardú ó 51% in 2020), tá Apple TV Plus ag 5%, Amazon Prime ag 17%, Disney+ ag 18% agus Now ag 5%[16].Tá ardú tagtha freisin ar chéatadán na dteaghlach a bhfuil teilifíseáin chliste acu (67% - suas ó 53% in 2020, agus orthu siúd ag a bhfuil teilifíseáin chliste le naisc leis an Idirlíon ag 62% - suas ó 47% in 2020)[17]. Tá tionchar suntasach aige seo ar an lucht féachana atá ann don teilifís bheo agus cruthóidh sé dúshláin shuntasacha do chraoltóirí, go háirithe do chraoltóirí beaga ar nós TG4. Agus an iomaíocht i margadh na meán ag treisiú tá an costas a bhaineann le hábhar i seánraí amhail drámaíocht, greann agus ábhar fíorasach ar ardchaighdeán ag ardú i gcónaí. Is é an tionchar fadtéarmach a bheidh ag an athrú seo ná go gcuirfear dlús leis an aistriú ón teilifís chraolta go dtí an t-amharc ar líne. Mar sin féin, tá luach ollmhór fós ag baint i gcónaí leis an teilifís chraolta agus bíonn formhór na dteaghlach fós ag breathnú ar an teilifís chraolta bheo. Ar an meán, breathnaíonn daoine fásta in Éirinn ar 2.6 uair an chloig de theilifís chraolta gach lá[18]. Tá an teilifís fós ar cheann de na foirmeacha cultúir is tábhachta ó thaobh daoine a thabhairt le chéile. Bíonn tionchar aige ar an gcaoi a smaoinímid ar a chéile, agus an chaoi a gcothaíonn muid muintearas lena chéile, lenár bpobail agus leis an domhan mórthimpeall orainn. Mar sin féin, fágann an fás atá tagtha ar na hilchuideachtaí domhanda idirlín, teicneolaíochta agus ábhair go bhfuil baol ann nach mbeidh aon tábhacht leis na meáin Ghaeilge, atá imeallach cheana féin, mura gcuirtear na hacmhainní cuí ar fáil dóibh. Caithfidh TG4 a bheith ar mhéid atá inmharthanach le go mbeidh sé san iomaíocht agus go mbeidh sé tábhachtach i gcónaí.

## Inaimsitheacht & Feiceálacht

Le deich mbliana anuas tá ardáin tagtha chun cinn a dhéanann ábhar agus seirbhísí a choimeád. Ní thugann go leor díobh seo mórán aird ar PSM ach bíonn na himreoirí móra á ndreasú trí thacaíocht a thabhairt dá n-ábhar féin nó rochtain a thabhairt don tairgeoir is airde, rud a bhíonn ina mhí-bhuntáiste go minic don PSM. Caithfidh ábhar an PSM a bheith feiceálach – tá tionchar díreach aige seo ar chumas an lucht féachana teacht ar na cláracha dea-rialaithe, iontaofa, ardchaighdeáin a shainíonn de ghnáth an t-ábhar a chuireann na seirbhísí poiblí ar fáil.

Tá cúiseanna eile ann a bhaineann leis an teangeolaíocht a fhágann go bhfuil sé an-tábhachtach go mbeadh sé éasca teacht ar ábhar TG4 agus go mbeadh sé feiceálach. Cé gur teanga náisiúnta í, feidhmíonn an Ghaeilge mar mhionteanga. Tá an t-aistriú teanga agus an laghdú ina bagairt i gcónaí i gcás na bpobal a bhíonn á labhairt mar ghnáth-theanga. Is beag cumhacht atá ag na meáin Ghaeilge sa mhargadh agus, murab ionann agus meáin Bhéarla na hÉireann, is beag tionchar a imríonn sé ar ardáin an ábhair tráchtála.

Mura dtugtar tacaíocht do mheáin na Gaeilge agus mura mbíonn siad níos feiceálaí, ní bheidh siad ábhartha níos mó, go háirithe i gcás an lucht féachana níos óige in Éirinn atá ag fás aníos i dtimpeallacht dhomhanda sna meáin. Caithfidh TG4 leanúint de bheith ag déanamh infheistíochta sa bhforbairt ar ardáin agus anailísíocht sonraí, ar an margaíocht agus ar an gcoimeádaíocht, d'fhonn cabhrú le hinaimsitheacht ábhar TG4 agus teacht ar chustaiméirí. Ó thaobh beartais de, tá ceanglas ann freisin maidir le cosaint a thabhairt d'fheiceálacht an ábhair a thagann ó na seirbhísí poiblí. Le trasuí na dTreorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMS) i reachtaíocht na hÉireann, ní féidir an iomarca béime á chur ar an tábhacht a bhaineann leis an gcosaint rialála chuí a bheith ann chun a chinntiú go mbeidh sé éasca teacht ar ábhar TG4 i gcónaí. Bhí TG4 agus RTÉ i mbun plé leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir,

[13] Léargais Mhargaidh: Timpeallacht Iomaíoch na Meán Seirbhíse Poiblí (EBU Feabhra 2021).
[14] Áit gurb ionann oibreoirí an ardáin agus na húinéirí agus / nó na soláthraithe.
[15] Treochtaí na Meán do 2023, Seirbhís Faisnéise Meán EBU, 2023.
16 Suirbhé Bunaithe Nielsen, 2023, T1

[17] Suirbhé Bunaithe Nielsen, 2023 T1. Gach teaghlach ag a bhfuil teilifís in Éirinn.
[18] Lucht Féachana comhdhlúite. TAM Éireann / Nielsen (2022).

Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le linn 2021 agus 2022 chun go gcuirfí san áireamh san Acht um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán, 2022 reachtaíocht i leith cearta feiceálachta do na Craoltóirí Seirbhíse Poiblí, agus d'éirigh leis sin. Tá TG4 agus RTÉ anois ag oibriú le chéile agus le Coimisiún na Meán d'fhonn a chinntiú go gcuirfear é seo i bhfeidhm mar a samhlaíodh.

## Seachadadh Idirghlúine na Gaeilge

Cé go bhfuil seasamh bunreachtúil ag an nGaeilge, feidhmíonn sí mar mhionteanga mhionlaigh in Éirinn agus tá brú suntasach uirthi mar a bhaineann leis an seachadadh idirghlúine sa Ghaeltacht agus ar fud na hÉireann. Taobh istigh de phobail labhartha na Gaeilge, tuigeann lucht labhartha na Gaeilge go dtugann an tsochaí agus struchtúir na meán i bhfad níos mó stádais don Bhéarla ná don Ghaeilge. Bíonn an-tionchar ag stádas níos ísle a bheith ag an nGaeilge ar an gcinneadh a ghlacann daoine aonair maidir le seachadadh idirghlúine na teanga laistigh dá bpobail féin.

Is é polasaí an Rialtais úsáid na Gaeilge mar theanga phobail agus cumas sa Ghaeilge a mhéadú. Go sonrach, is í an aidhm ná a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla araon. Tá an polasaí don Ghaeltacht dírithe ar an bhfhéiniúlacht theangeolaíoch atá ag pobal na Gaeltachta a choinneáil mar réigiún sainiúil teanga. Tá glactha ag an Rialtas leis an bpleanáil teanga nó leis an "mbainistíocht teanga" mar cheann dá chroístraitéisí chun gníomhú ar son na Gaeilge. Is iad colúin na straitéise seo: bainistíocht ar chorpais teanga; bainistíocht ar shealbhú teanga; agus bainistíocht ar stádas teanga. Tá seachadadh na Gaeilge mar theanga bheo sa teaghlach agus idir na glúnta ríthábhachtach. Is é an cur chuige foriomlán ná creat tacaíochta a leagan síos agus na deiseanna a chur le fáil le gur féidir an Ghaeilge a chur ar aghaidh ar bhealach nádúrtha taobh istigh de na teaghlaigh agus de na pobail. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo i gcomhthéacs na Gaeltachta. Tá róil thábhachtacha ag na meáin agus ag na healaíona Gaeilge, ag cruthú corpas digiteach, ag an oideachas Gaeilge agus ag an oideachas lán-Ghaeilge sna trí cholún a bhaineann le beartas bainistíochta teanga an rialtais agus is réimsí tábhachtacha iad chun dul i ngleic leis an 'aistriú teanga'.

Bunaíodh TG4 beagnach tríocha bliain ó shin, i gcomhthéacs daonra a thuig ról na Gaeilge. Beagnach 30 bliain níos déanaí, is sochaí dhomhanda, ilchultúrtha atá in Éirinn agus tá sciar suntasach den daonra sa lá atá inniu ann, nach dtuigeann ról agus tábhacht na Gaeilge. Anois níos mó ná riamh, caithfidh TG4 cur le hábharthacht an ábhair i nGaeilge, feasacht i leith an bhranda a spreagadh, cur leis an lucht féachana agus TG4 a "phríomhshruthú".

Mar a thuairiscítear sa chéad chuid eile, tá PSM tearcmhaoinithe. Tá na meáin Ghaeilge áfach thar a bheith tearcmhaoinithe i gcomparáid leis na seirbhísí i mBéarla. Is tearc-mhaoiniú é freisin i gcomparáid le seirbhísí craolacháin eile i dtíortha ina bhfuil dhá theanga nó níos mó in ann feidhmiú le chéile go hinbhuanaithe (e.g., S4C, Swiss Broadcasting Corporation, Canadian Broadcasting Corporation agus craoltóirí réigiúnacha na Spáinne).

Tá ról tábhachtach ag TG4 – agus ag na meáin Ghaeilge agus eagraíochtaí ealaíon eile – maidir le féinfhéiniúlacht agus saibhriú phobal na hÉireann a chur chun cinn agus ó thaobh tacú le seachadadh idirghlúine na Gaeilge. Mar sin féin, má thuigeann pobal na Gaeilge go bhfuil na meáin agus na healaíona Gaeilge fós, mar a dúirt Breandán Ó hEithir os cionn daichead bliain ó shin, ag leibhéal "den dara grád nó den tríú grád" i gcomparáid lena gcomhghleacaithe náisiúnta sa mhórtheanga, tiocfaidh laghdú ar sheachadadh idirghlúine na Gaeilge. Mura dtacaítear leis na meáin Ghaeilge le leibhéil mhaoinithe leordhóthanacha agus mura dtugtar suntas cuí dóibh, tá an baol ann nach mbeidh siad ábhartha níos mó, go háirithe i gcás lucht féachana níos óige in Éirinn atá ag fás aníos i dtimpeallacht dhomhanda sna meáin.

Is í an fís fhadtéarmach atá ag TG4 stádas a bhaint amach a bheadh níos gaire don stádas atá ag craoltóirí i sochaithe ina bhfuil an dátheangachas seasmhach agus nach bhfuil an t-aistriú teanga ina bagairt eiseach níos mó. Áirítear ar eiseamláirí maithe den chraoltóireacht phoiblí iad siúd i gCeanada, san Eilvéis, sa Bheilg agus sa Spáinn. Sa ghearrthéarma, áfach, agus mar chéad chéim, caithfidh TG4 dul i ngleic leis an easpa méide atá ann laistigh d'éiceachóras meán poiblí monailiteach na hÉireann, rud nach bhfuil aon dealramh leis, agus ag fás go tapa nó go mbeidh sé chomh mór le craoltóir na Breatnaise, S4C.

## Scála Maoinithe & Iarmhéid

Tugann an taighde is déanaí ón EBU le fios go bhfuil maoiniú PSM[19] ar fud an EBU (64 eagraíocht i 47 margadh) ag titim, rud a léiríonn crapadh struchtúrach. Cé gur tháinig méadú 6.7% ar mhaoiniú PSM idir 2020 agus 2021, is gá breathnú ar an “téarnamh tar éis Covid” seo i gcomhthéacs níos leithne agus i gcomhthéacs an anáis a bhí ann le breis agus deich mbliana agus laghdú tagtha ar an maoiniú arís agus arís eile. Ar an iomlán, níor tháinig ach ardú 7.1% ar mhaoiniú an PSM sna deich mbliana idir 2012 agus 2021. Níl anseo ach meánráta fáis bliantúil íosta de 0.7%. Nuair a chuirtear boilsciú san áireamh, i ndáiríre is amhlaidh gur tháinig laghdú 4.4% ar mhaoiniú PSM. Meastar freisin go mbeidh an bhearna idir fás ainmniúil teoranta PSM agus an laghdú ar acmhainn airgeadais PSM níos mó fós in 2022.

Le trí bliana anuas tá ardú tagtha ar an maoiniú poiblí atá leithdháilte ar TG4 (€3.5m le haghaidh 2021, €4.2m le haghaidh 2022 agus €7.3m le haghaidh 2023) agus tugaimid aitheantas don obair atá déanta ag an rialtas chun TG4 a neartú le trí bhuiséad anuas agus táimid buíoch as. Táimid fíorbhuíoch as an ardú seo ar mhaoiniú. Creidimid go dtugann siad léargas ar an tábhacht a bhaineann le PSM na Gaeilge agus ar an muinín atá ag an Rialtas as TG4.

In ainneoin na méaduithe suntasacha sin, tá PSM na hÉireann fós tearcmhaoinithe. Má chuirtear an maoiniú PSM mar chéatadán d'fhás maoiniú na hOlltáirgeachta Intíre (OTI) i gcoibhneas leis an bhfás eacnamaíoch. Tugann sé seo léargas soiléir ar an easpa maoinithe atá in Éirinn. In 2012, ar an meán, b'ionann maoiniú PSM ar fud an EBU agus 0.19% de GDP thíortha an EBU. Tá laghdú tagtha air sin le deich mbliana anuas agus é 0.16% ar an meán in 2021.

Mar a léirítear thall, tá Éire ar cheann de thrí thír i margaí móra iarthar na hEorpa ina bhfuil PSM tearcmhaoinithe i gcoibhneas lena ngeilleagair. Tá Éire sa tríú háit is ísle de mhargaí uile an EBU. In 2019, b'ionann maoiniú PSM na hÉireann agus 0.11% dár GDP (i gcomparáid le 0.16% ar an meán ar fud an EBU). In 2021, thit maoiniú PSM na hÉireann go dtí nach bhfuil ann ach 0.09% den OTI. Tugann an EBU dá aire go bhfuil Éire (in éineacht leis an bPortaingéil agus an Ísiltír) "*tearcmhaoinithe i gcomhréir lena ngeilleagair faoi seach*".

[19]Meáin Seirbhíse Poiblí a Mhaoiniú (An tSeirbhís um Fhaisnéis do na Meáin, EBU, Aibreán 2023).

## An tAontas Craolacháin Eorpach – Maoiniú PSM



Chomh maith le nach bhfuil scála maoinithe ann, tá éagothroime mhór ann mar a bhaineann le maoiniú do na meáin seirbhíse poiblí in Éirinn. Tríd is tríd, tá an sainchúram céanna ar TG4 (i.e., cuspóirí agus cumhachtaí) san Acht Craolacháin 2009 agus atá ar RTÉ (Alt 114 v Alt 118). Ina ainneoin sin, níl sa mhaoiniú poiblí iomlán atá ag TG4 don bhliain 2023 ach 27% den ioncam a fuair RTÉ ó na táillí ceadúnais in 2021 agus 15% dá ioncam iomlán. Dá bhrí sin, tá ceist bhunúsach ag TG4 maidir le héiceachóras an PSM: "Cén bunús atá le ríomh an stáit a fhágann nach bhfuil sé ag dul do TG4 go mbeadh a dhóthain maoinithe poiblí á fháil aige?"

Agus muid ag breathnú trasna na farraige ar an gcraoltóir teanga dúchais is gaire dúinn feiceann muid an leibhéal maoinithe a fhaigheann an craoltóir seirbhíse poiblí Breatnaise, S4C. Rinne Rialtas na Breataine athbhreithniú ar S4C in 2022 agus cuireadh £7.5m breise leis an maoiniú poiblí a bhí á thabhairt dó go bliantúil, rud a d'fhág go raibh £88.5m á fháil anois aige ó tháille ceadúnais na Ríochta Aontaithe. Chomh maith leis sin faigheann sé 515 uair an chloig de chláracha in aghaidh na bliana ón BBC, agus luach measta de £22m orthu seo. Tugann sé seo maoiniú poiblí iomlán £110.5m in aghaidh na bliana don chraoltóir. Ba chóir a lua nach bhfuil an stádas bunreachtúil céanna ag an mBreatnais is atá ag an nGaeilge. Tá daonra 3.19m sa Bhreatain Bheag, meastar go bhfuil 29.5% acu in ann Breatnais a labhairt agus beagán faoi bhun 15% á labhairt go minic[20]. Is léir go bhfuil scála na n-acmhainní de chuid na seirbhísí meán poiblí a dhírítear ar chainteoirí Breatnaise i bhfad níos airde ná mar atá i gcás cainteoirí Gaeilge in Éirinn. I dTír na mBascach, roinneann EITB, a bheadh ar aon dul le RTÉ, a bhuiséad go cothrom idir an mórtheanga (an Spáinnis) agus an mhionteanga (an Bhascais). Caitheann EITB thart ar €90m in aghaidh na bliana ar ábhar i mBascais, chun freastal ar dhaonra réigiúnach de c.2.2m. Labhraíonn thart ar 750,000 acu sin an Bhascais.

Teastaíonn ó TG4 go mbeadh níos mó cothromaíochta ann ó thaobh maoiniú poiblí don earnáil. Thar chúig bliana na straitéise, táimid ag iarraidh go n-ardófaí ár maoiniú poiblí go dtí €93.66m faoi 2027. Chiallódh sé seo go mbeadh an éagsúlacht agus an t-iolrachas á gcur chun cinn in earnáil PSM na hÉireann, go mbeadh tuilleadh cothromaíochta in éiceachóras closamhairc na hÉireann agus sa chaoi a leagtar amach é go réigiúnach, chomh maith le go dtabharfadh sé léargas ar an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge. Ós rud é gurb é an príomh-mhaoinitheoir é mar a bhaineann leis an earnáil closamhairc i réigiúin na hÉireann taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath/Cill Mhantáin, chiallódh sé freisin go dtiocfadh ardú suntasach ar scála na hearnála closamhairc.

20 Suirbhé daonra bliantúil (Nollaig 2022) www.gov.wales

## 5. Straitéis TG4 do 2023-2027

Is é Fís TG4:

**Mar thoradh ar scála maoinithe den chéad scoth agus béim ar leith a bheith leagtha ar dhaoine óga agus ar chruthaitheacht neamhspleách na hÉireann, leanfaidh TG4 de bheith ag mealladh lucht féachana de gach aois agus ag leagan síos dúshraith a chothóidh pobal labhartha na Gaeilge agus a bheidh in ann ár dtionscal a idirnáisiúnú sna réigiúin.**

**Trí úsáid a bhaint as "TG4 Gach Áit " agus as branda a shamhlaítear le meáin láidre, chruthaitheacha de chuid na hÉireann, cinnteoimid go mbeidh an t-ábhar seirbhíse poiblí i nGaeilge tábhachtach agus feiceálach i gcónaí in Éirinn na linne seo.**

Tá trí cholún mar bhonn agus mar thaca ag an bhfís seo agus iad mar bhunchloch do straitéis TG4.




| | |
|---|---|
| ***Fás*** | Díríonn sé ar an lucht féachana a beith ag méadú.<br><br>Baineann sé le húsáid na Gaeilge a spreagadh agus cur le líon na ndaoine a bhfuil Gaeilge acu, d'fhonn cabhrú le pobail Ghaeilge a dhaingniú agus a fhás ar fud na hÉireann agus níos faide ó bhaile.<br><br>Baineann sé le go dtiocfaidh fás ar earnáil scáileáin na hÉireann agus mar thoradh air sin go bhfásfaidh geilleagar na hÉireann. |
| ***Cothrom na Féinne*** | Baineann sé le tacaíocht agus seasmhacht a chur ar fáil i réimsí ina bhfuil míchothromaíocht.<br><br>I gcás TG4, atá ag feidhmiú mar PSM don Ghaeilge, ciallaíonn sé sin tacaíocht a thabhairt do dhaoine arb í an Ghaeilge a ngnáth-theanga, tacú le tallann nua agus leis an éagsúlacht agus tacú le forbairt na hearnála scáileáin sna réigiúin agus le hacmhainneacht na gcuideachtaí réigiúnacha. |
| ***Comhpháirtíocht*** | Aithníonn sí go gcaithfidh TG4 a bheith ag comhoibriú chun cur lena lucht féachana agus teacht ar réitigh atá dírithe ar an lucht féachana.<br><br>Cabhróidh na comhpháirtíochtaí linn a bheith éifeachtúil agus cuirfidh siad feabhas ar an gcaighdeán agus ar an gcruthaitheacht.<br><br>Caithfidh comhoibriú a bheith ann leis an earnáil léiriúchán neamhspleách, le PSManna eile, le Coimisiún na Meán, le Fís Éireann agus leis na príomhearnálacha scáileáin eile, leis an nGaeilge, leis an gcultúr & leis an oidhreacht agus le heagraíochtaí spóirt in Éirinn agus níos faide i gcéin |

Chun a fhís a bhaint amach, cuirfidh TG4 **8 sprioc** nó cuspóir straitéiseach, a ndéantar achoimre orthu ar an gcéad leathanach eile. Déantar cur síos ina dhiaidh sin ar na príomh-mholtaí/gníomhaíochtaí atá mar bhonn agus thaca acu sin, mar chuid de phlean gníomhaíochta mionsonraithe trí bliana do 2023-2025. Mar a dúradh sa Réamhrá, forbrófar an plean gníomhaíochta do na blianta 2026 agus 2027 in 2025, tar éis athbhreithniú Choimisiún na Meán ar sholáthar seirbhísí meán Gaeilge a bheith curtha i gcrích.

1



## 1. Seirbhísí Leanaí

Cur leis na seirbhísí do pháistí, agus a rannpháirtíocht le TG4 agus leis an nGaeilge a neartú.

2



## 2. An Lucht Féachana Níos Óige

Ábhar misniúil spreagúil a chur ar fáil do dhaoine idir 15 agus 34 bliain d'aois agus lucht féachana níos óige a chur i lár an aonaigh ar ardáin shóisialta TG4 agus ar líne. .

3



## 3. Acmhainní Oideachais

Punann uaillmhianach d'acmhainní oideachais a fhorbairt a chuirfidh tús le ré nua d'fhoghlaim na Gaeilge agus den fhoghlaim trí Ghaeilge, rud a chabhróidh le fás na Gaeilge.

4



## 4. Nuacht & Cúrsaí Reatha

Nuacht agus cúrsaí reatha a athshamhlú faoi bhranda TG4, agus TG4 ag teacht chun cinn mar sholáthraí ilardáin de chlúdach sainiúil nuachta agus tosú ag déanamh taighde ar chláracha faoi chúrsaí reatha. .

5



## 5. Ealaíona, Cultúr & Oidhreacht agus Spórt na hÉireann

TG4 a leathnú mar ardán chun ealaíona, cultúr & oidhreacht agus spórt na hÉireann a chur chun cinn.

6



## 6. Scannánaíocht & Drámaíocht na Gaeilge

Scála léirithe scannán agus drámaíocht teilifíse na Gaeilge a fhorbairt i réigiúin na hÉireann

7



## 7. Infheistiú san Earnáil Léiriúcháin

Cur leis an rath a bhí ar dhaoine cumasacha agus ar fhiontraíocht earnáil léiriúcháin na hÉireann.

8



## 8. TG4 Inbhuanaithe & Cuimsitheach

TG4 inbhuanaithe agus cuimsitheach a fhorbairt.

# Príomh-mholtaí: Plean Gníomhaíochta 3 Bliana (2023-2025)

**Sprioc 1:** **Ár seirbhísí do pháistí a shaibhriú agus a dteagmháil le TG4 agus leis an nGaeilge a neartú.**

### Achoimre ar na Príomhthograí / Príomhghníomhartha

- Cúla4 a bhunú ar Saorview mar chainéal Gaeilge dírithe ar pháistí agus é a chur ar fáil do Virgin Media, eir, Vodafone agus do Sky Ireland. Feabhas a chur ar chainéal Youtube Cúla4.
- Ábhar nua do pháistí a chur ar fáil: forbairt anamúlacht, Spórt Cúla4 agus drámaíocht.
- Taighde nua a dhéanamh ar na páistí sa lucht féachana le monatóireacht a dhéanamh ar an chaoi a dtéimid i bhfeidhm ar pháistí óga ar ár dteagmháil leo.

### Infheistíocht atá Beartaithe in 2023-2025 (féach Cuid 5)

Sa bhliain 2025, beidh €9m sa bhreis á chaitheamh ag TG4 ar ábhar dár seirbhís chraolta do leanaí (i gcomparáid lenár gcaiteachas in 2022):

- Infheistíocht bhreise de €3.3m in 2023.
- €4.4m eile sa bhreis air sin, in 2024.
- €1.4m eile sa bhreis air seo in 2025.
- Go carnach thar na trí bliana, tagann sé seo go dtí infheistíocht bhreise de €20m ina iomlán in ábhar do leanaí.

### Spriocanna Aschuir

- An t-aon chainéal teilifíse Gaeilge do pháistí atá in Éirinn.
- Ag craoladh ar feadh 14 uair an chloig in aghaidh an lae (ardú 7.5 uair an chloig in aghaidh an lae).
- Ábhar nua i nGaeilge do pháistí: feasachán nuachta; Drámaíocht Cúla4; Spórt Cúla4 ; forbairt anamúlacht; agus siamsaíocht.
- Acmhainní oideachais ar ardchaighdeán le húsáid sa seomra ranga agus sa bhaile.
- Le tacaíocht ó ábhar digiteach agus ábhar idirghníomhach ar líne.
- Spás sábháilte do pháistí.

### Spriocthorthaí

- Bunús le haghaidh caidreamh fadsaoil le TG4.
- Cabhraíonn sé le daoine óga a mhúnlú trí sheirbhís nuachta a chur ar fáil do pháistí.
- Déanann sé ábhar i nGaeilge do pháistí níos feiceálaí agus cothaíonn sé nasc leis an nGaeilge.
- Tacaíonn sé le tallann na hearnála léiriúcháin agus le tallann an tionscail.
- Cosnaíonn sé scéalaíocht agus cultúr pháistí na hÉireann.

Tá sé fíor a rá go bhfuil an taithí a bhíonn acu ar na meáin ina chuid bhunúsach den chaoi a dtagann leanaí ar a dtuiscint, a ndearcadh agus a rannpháirtíocht mar a bhaineann leis an tsochaí. Is gá dúinn leanaí agus daoine óga a mhealladh chuig spásanna iontaofa sábháilte ina bhfuil ábhar iontaofa. Tá ról speisialta ag na craoltóirí seirbhíse poiblí maidir leis seo.

Tá údar eile imní ag TG4. Bíonn dúshlán breise le sárú ag na meáin Ghaeilge toisc iad a bheith san iomaíocht don lucht féachana i margadh domhanda agus i margadh ina bhfuil tosaíocht ag an mBéarla den chuid is mó. Mura dtacaítear leis na meáin Ghaeilge agus mura mbíonn siad feiceálach ar na hardáin, tá an baol ann nach mbeidh siad ábhartha, go háirithe i gcás an lucht féachana níos óige in Éirinn atá ag fás aníos i dtimpeallacht dhomhanda na meán. Anois níos mó ná riamh, caithfidh TG4 cur le hábharthacht an ábhair i nGaeilge agus freastal i gceart ar an lucht féachana óg agus iad a spreagadh, toisc gurb iad seo a dhéanfaidh cinneadh faoi thodhchaí na Gaeilge mar theanga phobail. Caithfimid na seirbhísí atá ag TG4 do pháistí a shaibhriú, an bhaint atá ag na bpáistí le TG4 a neartú agus ar deireadh thiar, an bhaint atá acu leis an nGaeilge.

Tá thart ar 21 cainéal teilifíse líneach tiomnaithe do leanaí in Éirinn (gan na leaganacha +1 agus HD a chomhaireamh). Cé is moite de RTÉJr, is cainéil de chuid na Ríochta Aontaithe nó na Stát Aontaithe a bhformhór seo. De bharr go bhfuil méadú tagtha ar líon na ngrúpaí meán domhanda a chuireann a n-ábhar ar fáil do lucht féachana ar fud an domhain, níl mórán ábhar atá éagsúil agus ionadaíoch á chur ar fáil ag na hilchuideachtaí meán seo, go háirithe do leanaí, agus is cur chuige domhanda den chuid is mó atá acu ó thaobh eagarthóireachta de. Ní théann siad i bhfeidhm ar an gcaoi chéanna a dhéanfadh ábhar spriocdhírithe, a mbeadh brí leis ó thaobh an chultúir de agus a bheadh ionadaíoch. Ar an lámh eile, tá traidisiún fada ag na craoltóirí seirbhíse poiblí mar a bhaineann le dearcadh agus léiriú áitiúil a chur ar fáil.

Anuas air sin níl cineálacha áirithe cláracha do pháistí (drámaíocht bheoghníomhaíochta dhúchasach, cláracha faisnéise agus cláracha oideachais srl.) sách tarraingteach le go léireodh eagraíochtaí tráchtála iad. Dá bhrí sin, tá bearnaí sa soláthar foriomlán, go mór mór ó thaobh ábhar i nGaeilge do pháistí. Tá sé mar aidhm ag TG4 ábhar níos cruthaithí agus níos spreagúla do pháistí a chur ar fáil do gach ardán. Is iad seo a leanas na príomhthograí:

### 1. *Cúla4* a sheoladh mar chainéal tiomnaithe Gaeilge do pháistí

Is é *Cúla4* an tseirbhís chraolta laethúil atá ag TG4 do pháistí. Faoi láthair bíonn sé á chomhchraoladh mar chainéal tiomnaithe do leanaí ar ardán Virgin Media (cainéal 602). I mí Mheán Fómhair 2023, seolfaidh TG4 *Cúla4* mar chainéal tiomnaithe Gaeilge do pháistí ar Saorview, an t-ardán Teilifíse Trastíre Digiteach (DTT), agus cuirfidh sé an cainéal iomlán ar fáil do Virgin Media, eir agus Vodafone freisin, chomh maith le hé a chur ar fáil do Sky Ireland. Is é *Cúla4* an t-aon chainéal teilifíse Gaeilge dírithe ar pháistí a bheidh in Éirinn. Is i nGaeilge amháin a bheidh sé ag craoladh agus beidh sé ar an aer ó 06.00 go 20.00. Beidh nuacht do pháistí san áireamh, chomh maith le hábhar oideachais, drámaíocht agus siamsaíocht, agus tabharfaidh sé léargas ar na cúlraí éagsúla atá ag na leanaí atá ina gcónaí i ngach cuid d'Éirinn, ach go mór mór sa Ghaeltacht agus i bpobail labhartha na Ghaeilge. Is é seo an t-ábhar a bheidh ar Chainéal Cúla4: ábhar nuachoimisiúnaithe ó Earnáil Léiriúchán Neamhspleách na hÉireann; ábhar athcheadúnaithe ó Earnáil Léiriúchán Neamhspleách na hÉireann; agus, ábhar ó dháileoirí idirnáisiúnta a ndéanfaidh Earnáil Léiriúchán Neamhspleách na hÉireann athghuthú air i nGaeilge. Ní bheidh aon fhógraíocht ná urraíocht ar an gcainéal anseo, ionas go mbeidh a laghad den chumarsáid tráchtála agus is féidir á fheiceáil ag na páistí. Cuirfidh TG4 le cainéil YouTube Cúla4 do pháistí réamhscoile agus do pháistí bunscoile chun tacú leis seo.

Beidh TG4 ag plé le dhá lucht féachana ar leith i measc na bpáistí, le hábhar i nGaeilge a bheidh cruthaitheach agus tarraingteach: (i) leanaí réamhscoile & na leanaí bunscoile is óige (suas go dtí 6 bliana); agus (ii) leanaí níos sine (7-14 bliana d'aois):

- Suas go dtí 6 bliana: faoin mbliain 2025, tá sé mar aidhm againn a bheith an infheistiú €3.74m bhreise chun na clárach atá againn do leanaí a shaibhriú lena n-áirítear béim níos mó ar an drámaíocht agus ar bheochan bhunaidh. Déanfaimid forbairt ar phearsantacht *Cúla4* ionas go mbeidh aghaidheanna a fheicfear ar an gcainéal go rialta san áireamh (chun tallann nua de láithreoirí óga Éireannacha a fhorbairt) chomh maith le seónna bóthair chun an branda agus ábhar an chainéil a thabhairt chuig pobail áitiúla Labhartha na Gaeilge agus chuig pobail na Gaeltachta. Is mian linn spás sábháilte a chruthú do na páistí i ndomhan ina bhféadfadh an t-ábhar a bheith contúirteach dóibh. Ba mhaith linn freisin go bhfeicfeadh na páistí a saol féin inár gcláracha.
- Idir 7-14 bliana: toisc gur aoisghrúpa é seo nach bhfuil mórán ábhar láidir, siamsúil i nGaeilge ar fáil dó faoi láthair, tá sé i gceist ag TG4 tosaíocht a thabhairt don spriocghrúpa seo. Tá sé mar aidhm againn ár n-infheistíocht a dhíriú ar choimisiúin ardtionchair agus béim á cur ar dhrámaíocht, greann, siamsaíocht, spórt agus seirbhís nuachta do dhaoine óga, chomh maith lenár gcainéal YouTube, d'fhonn dílseacht agus ceangal a chothú le TG4. Faoi 2025, tá sé mar aidhm againn a bheith ag infheistiú €4m bhreise in ábhar don aoisghrúpa seo.

### 2. Taighde nua ar theagmháil leanaí le TG4 a choimisiúnú

Déanfaimid taighde nua a choimisiúnú ar an gcaoi a dtéann TG4 i bhfeidhm ar an lucht féachana níos óige. Tomhaisfimid an meán-shroicheadh seachtainiúil chuig lucht féachana na bpáistí ag baint úsáid as an bpainéal tomhais Gaeilge Fios Físe. Chomh maith leis sin, déanfaimid taighde nua go rialta chun teacht ar eolas i dtaobh tionchar TG4 ar na leanaí, tuairimí na leanaí maidir le hábhar agus seirbhísí TG4 agus le measúnú a dhéanamh ar na hiompraíochtaí úsáide agus ar an éileamh. Déanfaimid taighde neamhspleách a choimisiúnú freisin i ngach bunscoil agus iar-bhunscoil (Béarla agus Gaeilge) i bPoblacht na hÉireann gach ré bliain, d'fhonn eolas a fháil faoi shroicheadh TG4 agus an spéis atá i TG4 ag na bunscoileanna agus hiar-bhunscoileanna, ag na múinteoirí agus ag na daltaí. Díreoimid ar eolas a bhailiú faoin leibhéal feasachta atá ann i leith TG4 agus an úsáid a bhaineann na múinteoirí agus na daltaí as ábhar /acmhainní TG4 sa seomra ranga. Bainfimid úsáid as an taighde seo chun leanúint ar aghaidh ag cur lenár n-acmhainní agus ag feabhsú an bhaint atá ag foghlaimeoirí óga le TG4 agus leis an nGaeilge. Gach tríú bliain, tá sé mar aidhm againn an dáimh atá ag scoileanna sna sé chontae i dTuaisceart Éireann le TG4 a thomhas, ar mhaithe le léargas Uile-Oileánda a fháil ar an úsáid a bhaintear as acmhainní oideachais TG4(féach Sprioc 3 freisin).

### 3. Ábhar Cúla4 a leathnú

Tá sé i gceist ag TG4 cur leis an infheistíocht a dhéanaimid in ábhar do na páistí atá i measc an lucht féachana agus do chainéal *Cúla4*. I mbliain a dó dár straitéis, tá sé mar aidhm againn scéim forbairt anamúlachta a bhunú i nGaeilge mar a thuairiscítear i Sprioc 6. Agus muid ag tógáil ar an rath a bhí ar Cine4 i gcomhar le Coimisiún na Meán agus Fís Éireann, déanfaimid forbairt ar an scéim chun spreagadh a thabhairt don fhorbairt ar ghearrscannáin bheochana don phictiúrlann agus do *Cúla4*. Tá sé mar aidhm ag TG4 freisin níos mó ábhar spóirt faoi aois a choimisiúnú, ag díriú go háirithe ar leanaí idir 7 agus 14 bliana d'aois. Tá sé mar aidhm ag TG4 margadh nua aschuir spóirt a bhunú chun c.36 uair an chloig d'ábhar a chur ar fáil. In 2024 agus 2025, tá sé i gceist ag TG4 infheistíocht a dhéanamh chomh maith i ndrámaíocht do pháistí, i gcomhar le comhpháirtithe, d'fhonn sraith níos faide a chur ar fáil don lucht féachana. Tá an drámaíocht costasach agus teastaíonn go leor ama

don fhorbairt roimh ré. Mar sin féin, tá luach láidir athléirithe ag baint leis an infheistíocht a dhéantar i ndrámaíocht atá ar ardchaighdeán.

Príomhtháirgí le soláthar de réir bliana:

| Bliain | Príomhtháirgí |
|---|---|
| **2023** | • *Cúla4* bunaithe ar Saorview mar chainéal Gaeilge dírithe ar pháistí, é curtha ar fáil do Virgin Media, eir, Vodafone agus ar fáil do Sky Ireland.<br>• Gairm curtha amach le haghaidh ábhar nua spóirt agus drámaíochta do pháistí.<br>• Taighde ar pháistí, lena n-áirítear suirbhé bunscoile. |
| **2024** | • Scéim anamúlacht a fhorbairt i gcomhar le páirtithe leasmhara. Babhta forbartha a fhógairt.<br>• Ábhar nua spóirt agus drámaíochta do leanaí á léiriú.<br>• Suirbhé ar iar-bhunscoileanna. |
| **2025** | • Scéim Anamúlacht – gearrliosta agus babhta forbartha curtha i gcríoch le comhlacht amháin roghnaithe le dul i mbun léiriúchán (a thosóidh in 2026).<br>• Suirbhé ar scoileanna i dTuaisceart Éireann. |

## Sprioc 2: Ábhar Gaeilge níos dána agus níos spreagúla a chur ar fáil do dhaoine idir 15 agus 34 bliana d'aois agus lucht féachana níos óige a chur i lár an aonaigh ar ardáin shóisialta agus dhigiteacha TG4.

### Achoimre ar na Príomhthograí / Príomhghníomhartha

- An caiteachas bliantúil ar ábhar don déimeagrafaic aoise 15-34 bliana a ardú, le go mbeidh i bhfad níos mó ábhar ar scáileáin TG4 don lucht féachana seo.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar straitéis ilardáin TG4 agus an lucht féachana níos óige a chur i lár an aonaigh ar ár n-ardáin ar líne agus ar ár n-ardáin shóisialta.
- "Painéal Comhairleach na nÓg ar chúrsaí na Meán" a bhunú ionas go bhféadfaidh an lucht féachana níos óige a bheith ag plé abhcóideacht na meán, iolracht, éagsúlacht agus seirbhísí TG4.

### Infheistíocht atá Beartaithe in 2023-2025 (féach Cuid 5)

Sa bhliain 2025, beidh €2.75m sa bhreis á chaitheamh ag TG4 ar ábhar do dhaoine 15-34 (i gcomparáid lenár gcaiteachas in 2022):

- Infheistíocht bhreise de €555k in 2023.
- €1.3m eile sa bhreis air sin in 2024.
- €900k eile sa bhreis air seo in 2025.
- Go carnach thar na trí bliana, is ionann é seo agus infheistíocht bhreise de €5.16m ina iomlán in ábhar do lucht féachana níos óige.

### Spriocanna Aschuir

- Sliotáin chraolta nua ag na príomh-amanna.
- Breis ábhar sa sceideal craolta don chineál ábhar nuálach, dána a thaitníonn le déimeagrafaic an lucht féachana níos óige.
- Ábhar nua coimisiúnaithe do TG4 BLOC.

### Spriocthorthaí

- 10% d'ardú ar an sciar / an sroicheadh i gcás an lucht féachana áirithe seo.
- 30% d'ardú ar na hamhairc físe a bhíonn ar TG4 ar na meáin shóisialta.
- 30% d'ardú ar na hamhairc físe a bhíonn ar BLOC TG4.
- Tacaíonn sé le forbairt tallainne san earnáil léiriúcháin agus sa tionscal.
- Déantar freastal ceart ar an lucht féachana níos óige le hábhar a spreagann iad agus chothaíonn a nasc leis an nGaeilge.

Tá daoine óga ag fás aníos i dtimpeallacht dhomhanda sna meáin ina bhfuil an Béarla i réim agus is gá dúinn cur leis an gcomhbhá atá ag an lucht féachana níos óige le TG4 agus ar ár n-ábharthacht dóibh. Is iad na daoine óga a dhéanfaidh cinneadh maidir le todhchaí TG4 agus todhchaí na Gaeilge mar theanga bheo labhartha. San am atá caite, mar gheall ar easpa maoinithe, bhí sé deacair a bheith ag plé ar bhonn leanúnach leis an lucht féachana níos óige. Leis an maoiniú teoranta a bhí againn, ní raibh TG4 in ann ábhar nua drámaíochta ná ábhar nua siamsaíochta a chur ar fáil gach bliain agus mar gheall air seo, ní raibh muid ábalta dul i bhfeidhm ar bhealach fóinteach ar an lucht féachana níos óige.

De bharr go bhfuair TG4 maoiniú breise le dhá bhliain anuas, chomh maith leis an ardú maoinithe a bhí faighte le haghaidh 2023, tá tús curtha le próiseas a chabhróidh le hathchothromú a dhéanamh ar déimeagrafaíocht na meán Gaeilge i bhfabhar na ndaoine óga. Táimid ag infheistiú in ábhar nua dár sceideal craolta, ábhar atá níos dána agus níos spreagúla agus den chéad uair riamh, tá Ollsoláthar (conradh aschuir ceithre bliana) ag TG4 don aoisghrúpa 15-34. Is é 2022 an chéad bhliain den chomhaontú. Chomh maith leis sin, táimid ag cruthú ábhar gearrfhoirme atá láidir agus tarraingteach do na hardáin ar líne a mbíonn an-tionchar acu ar an lucht féachana níos óige. Mar shampla, tá Bloc, cainéal meán sóisialta TG4 do dhaoine idir 18-34 bliain d'aois, ar fáil ar ardáin éagsúla, Instagram, Facebook, YouTube agus Tik Tok ina measc. D'éirigh leis dul i gcion ar an lucht féachana níos óige.

Is iad an lucht féachana níos óige a dhéanfaidh an cinneadh maidir le todhchaí na Gaeilge mar theanga phobail agus caithfidh TG4 cur leis an gcomhbhá atá ag an lucht féachana tábhachtach acu seo linn agus cur lenár n-ábharthacht dóibh - lena n-áirítear an léargas a bhíonn á thabhairt againn ar chine, éagsúlacht eitneach, claonadh gnéasach agus míchumas.

### 1. Infheistiú in ábhar do lucht féachana níos óige

Faoi 2025, tá sé mar aidhm againn go mbeadh caiteachas bliantúil TG4 ar ábhar do na míreanna éagsúla sa déimeagrafaic aoise 15-34 méadaithe €2.75m[21] (i gcomparáid lenár gcaiteachas i 2022), ionas gur féidir i bhfad níos mó ábhar dírithe go sonrach ar an lucht féachana seo a thabhairt chuig scáileáin TG4. Osclóidh muid sliotáin nua sa sceideal craolta príomh-ama agus déanfaimid infheistíocht i ndrámaíocht agus i siamsaíocht ar ardchaighdeán a thaitníonn leis an lucht féachana níos óige, lena n-áirítear teilifís réaltachta agus teilifís "dána" chomh maith le cláracha faisnéise atá géar, malartach agus nuálach. Is spriocanna tosaíochta iad seo do TG4 ó thaobh an lucht féachana de d'fhonn comhbhá agus ábharthacht leanúnach a chinntiú i gcás an lucht féachana níos óige in Éirinn atá ag fás aníos i dtimpeallacht dhomhanda sna meáin. Is deacair an lucht féachana níos óige a mhealladh go leanúnach nuair nach mbíonn ábhar drámaíochta agus siamsaíochta nua á chur ar fáil gach bliain.

Chun dul i ngleic leis an méadú a thiocfaidh ar an méid ábhar a bheidh á choimisiúnú, caithfidh TG4 cabhrú le forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht na hearnála léiriúchán neamhspleách. Tá sé mar aidhm againn teacht ar chuideachtaí nua le bheith ag obair san earnáil agus cuideachtaí atá ann cheana féin a spreagadh chun cur lena gcumas. Déantar cur síos breise air seo i Sprioc 7.

### 2. Straitéis ilardáin TG4 a fhorbairt don lucht féachana óg

Mar gheall ar an ardú atá tagtha ar an úsáid a bhaineann an lucht féachana níos óige as seirbhísí ar éileamh agus as seirbhísí ar líne, déanfaimid forbairt bhreise ar straitéis ilardáin TG4 agus cuirfimid an lucht féachana níos óige "i lár an aonaigh" ar ár n-ardáin ar líne agus ar ár n-ardáin shóisialta.
Méadófar ár n-infheistíocht faoi €400k (in 2024), chun ábhar tarraingteach i bhfoirm míreanna gearra a chruthú do *BLOC*, an cainéal meán sóisialta atá ag TG4 do dhaoine idir 18 go 34 bliana d'aois, chomh maith le hardáin eile ar líne a bhfuil sroicheadh maith acu mar a bhaineann leis an lucht féachana áirithe seo. Déanfaimid infheistíocht freisin chun feabhas a chur ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an ábhar ar fud na n-ardán ar fad.

### 3. "Painéal Comhairleach na Meán Óige" a bhunú

Bunóidh TG4 "Painéal Comhairleach na hÓige i leith na Meán ” chun lucht féachana níos óige a mhealladh le bheith ag plé abhcóideacht, iolracht agus éagsúlacht na meán (os comhair an cheamara, agus taobh thiar de, agus aiseolas a thabhairt ar sheirbhísí TG4.

Achoimre ar na príomhghnéithe atá le soláthar de réir bliana:

| Bliain | Príomhghnéithe le Soláthar |
|---|---|
| 2023 | • Tacú leis an gcruthú acmhainneachta san earnáil léiriúcháin neamhspleách.<br>• Infheistíocht bhreise in ábhar don lucht féachana níos óige agus i BLOC.<br>• Gairm curtha amach le haghaidh ábhar nua coimisiúnaithe. |
| 2024 | • Gairm curtha amach le haghaidh ábhar nua coimisiúnaithe, é curtha amach ar conradh agus i mbun léiriúcháin.<br>• Infheistíocht breise in BLOC.<br>• Painéal Comhairleach na hÓige i leith na Meán bunaithe. |
| 2025 | • An t-ábhar nua a bhí coimisiúnaithe á chraoladh. |

[21] Díreoidh cuid den infheistíocht in Sprioc 5, Na hEalaíona, Cultúir, Oidhreacht & Spórt ar an déimeagrafach lucht féachana seo freisin (infheistíocht nua breise de €1m) .

## Sprioc 3: Punann uaillmhianach d’acmhainní oideachais a dhearadh d’fhonn tús a chur le ré nua ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge agus an fhoghlaim trí Ghaeilge, chun cabhrú le fás na Gaeilge.

### Achoimre ar na Príomhthograí / Príomhghníomhartha

Infheistíocht shuntasach i "Fís Scoile", tionscnamh a chuidíonn le múinteoirí & le foghlaimeoirí mar a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus an fhoghlaim trí Ghaeilge.

- Sraith nua le craoladh chun tacú le foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna T2 (i.e. áit nach bhfuil aon bhunchloch don Ghaeilge sna scoileanna).
- Mol Oideachais TG4 a fhorbairt le hábhar atá bunaithe ar an gcuraclam.
- Sraith d'Fhoghlaimeoirí Teanga dírithe ar fhoghlaimeoirí fásta.
- Imeachtaí oideachais d'iar-bhunscoileanna.
- Suirbhé bliantúil ar bhunscoileanna / ar iar-bhunscoileanna maidir le tacaíochtaí oideachais TG4.

### Infheistíocht atá Beartaithe in 2023-2025 (féach Cuid 5)

Sa bhliain 2025, caithfidh TG4 €3.97m sa bhreis ar oideachas (i gcomparáid lenár gcaiteachas in 2022):

- Infheistíocht bhreise de €180k in 2023.
- €1.4m eile sa bhreis air sin in 2024.
- €2.4m eile sa bhreis air seo in 2025.
- Go carnach thar na trí bliana, tagann sé seo go dtí iomlán infheistíocht bhreise de €5.7m infheistithe in ábhar oideachais.

### Spriocanna Aschuir

- Fís Scoile:
    - An Mol Oideachais a dhaingníonn acmhainní oideachais TG4 agus a chuireann 24 píosa d’ábhar nua ar fáil do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna thar na 3 bliana (carnach).
    - 21 uair an chloig nua de shraith foghlama Gaeilge d'iar-bhunscoileanna agus do bhunscoileanna & (12 agus 9 uair an chloig faoi seach in 2024 agus 2025). Seo iomlán carnach de 30 uair an chloig thar 3 bliana na straitéise.
    - Imeachtaí oideachais dírithe ar dhaltaí idirbhliana, chun litearthacht sna meáin, scileanna smaointeoireachta cruthaithí agus scileanna STEAM a chothú.
    - Suirbhéanna chun an úsáid a bhaintear as acmhainní oideachais TG4 i scoileanna a mheas.
- Oideachas Siamsúil: 7 n-uaire an chloig de shraith nua do bhunscoileanna (14 uair carnach thar 3 bliana na straitéise).
- Foghlaim Aosach: Sraith chraolta 7 n-uair an chloig d'fhoghlaimeoirí fásta na Gaeilge in 2025.

### Spriocthorthaí

- Mol Oideachais: Méadú 100% ar an rannpháirtíocht i TG4 Foghlaim.
- Úsáideann 60% de bhunscoileanna ábhar TG4 go rialta sa seomra ranga, ar Sheinnteoir TG4 nó ar Cúla4.
- Baineann 60% d'iar-bhunscoileanna úsáid as ábhar TG4 don fhoghlaim.
- Tacaíochtaí suntasacha closamhairc don Ghaeilge agus do na curaclaim laistigh den chóras oideachais agus d'fhoghlaimeoirí lasmuigh den oideachas foirmiúil.
- Cuidíonn sé go mór ó thaobh cur le húsáid na Gaeilge.

Mar chuid dár straitéis, tá plean forbartha ag TG4 do mhórthionscnamh nua oideachais le haghaidh scoileanna agus tá Comhordaitheoir Oideachais ceaptha againn leis an straitéis taobh thiar de Thionscadail oideachais TG4 a bhrú chun cinn chun tacú le foghlaim na Gaeilge agus cur le líon na ndaoine a úsáideann na hacmhainní tábhachtacha seo. Thar thrí bliana na straitéise, cuirfimid le chéile rogha uaillmhianach d'acmhainní oideachais a chabhróidh le foghlaim na Gaeilge agus leis an bhfoghlaim trí Ghaeilge, ionas go mbeidh níos mó Gaeilge á labhairt. Tá rún againn forbairt a dhéanamh ar an gcomhbhá agus ar an muinín atá cothaithe againn leis na foghlaimeoirí óga, le múinteoirí agus le tuismitheoirí, agus acmhainní a chur ar fáil chun an chuid is fearr d'ábhar oideachais TG4 a thabhairt chuig na seomra ranga agus chuig na foghlaimeoirí sa bhaile.

Is é Fís Scoile an tionscnamh atá beartaithe ag TG4 chun cabhrú le múinteoirí agus le foghlaimeoirí an Ghaeilge a shealbhú agus a úsáid mar theanga labhartha, chomh maith le bheith ag foghlaim trí Ghaeilge. Forbraíodh é i gcomhar le comhlachtaí oideachais agus le páirtithe leasmhara agus tá sé mar aidhm aige rogha ábhar a chur ar fáil a bhfuil an Creat Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha ina chroílár. Tá sé mar aidhm ag TG4 forbairt a dhéanamh ar ábhar a fhreagraíonn don éileamh ó mhúinteoirí agus ó thuismitheoirí. Cuirfimid acmhainní praiticiúla ar fáil a fhreagróidh do na hathruithe curaclaim sna bunscoileanna agus sna meánscoileanna.

Cuirfidh TG4 Foghlaim tuilleadh ábhar ar fáil a chabhróidh le daltaí atá ag foghlaim na Gaeilge, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do phobal na scoile i gcoitinne. Cruthóidh sé nasc freisin le foghlaimeoirí fásta trí ábhar foghlama gearr a sholáthar a chabhróidh le foghlaim agus le labhairt na Gaeilge.

Forbróidh TG4 Foghlaim treoirlínte do Sholáthróirí Oideachais i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Má Nuad ar mhaithe leis an dea-chleachtas a chinntiú agus ábhar oideachais a sheachadadh ar fud gach ardán de chuid TG4. Tá sé mar aidhm againn cur le dea-cháil TG4 Foghlaim i measc na bhfoghlaimeoirí agus na múinteoirí agus ábhar siamsúil, tarraingteach agus spreagúil a chruthú, agus é mar fhís againn glúin nua de chainteoirí muiníneacha, forásacha agus gníomhacha a chruthú ar fud oileán na hÉireann. Is iad seo a leanas na príomhthograí:

## 1. Fís Scoile

- **Fís Scoile 1**: sraith a chabhróidh le foghlaim na Gaeilge i scoileanna meánscoileanna T2 (i.e. scoileanna nach bhfuil bunchloch ó thaobh na Gaeilge iontu) a fhorbairt agus a chraoladh. Agus úsáid á baint as an gCreat Eorpach Creat Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha, is é aidhm na sraithe seo cur ar chumas na ndaltaí a gcuid Gaeilge labhartha a fhorbairt le go mbeidh siad in ann cumarsáid mhuiníneach a dhéanamh trí mheán na Gaeilge ar bhonn laethúil.

- **Fís Scoile 2**: sraith a fhorbairt agus a chraoladh chun tacú le foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna T2. Cabhróidh an tsraith seo le daltaí i mbunscoileanna nach raibh cúlra Gaeilge acu roimhe seo an Ghaeilge a shealbhú.
- **Fís Scoile 3**: Mol Oideachais *Foghlaim TG4* a fhorbairt chun ábhar gearr-fhoirm a chur ar fáil a thacóidh leis an measúnú in ábhar éagsúla sa tsraith Shóisearach agus Shinsearach. Cabhróidh an ábhar seo le múinteoirí atá ag múineadh ábhair ar nós stair, eolaíocht, tíreolaíocht srl. trí mheán na Gaeilge.
- **Fís Scoile 4**: Forbróidh *TG4 Foghlaim* tionscadail oideachais dírithe ar dhaltaí idirbhliana a chothóidh litearthacht sna meáin, scileanna smaointeoireachta cruthaithí agus scileanna STEAM. Agus muid obair i gcomhar le comhpháirtithe sna meáin agus i gcúrsaí oideachais, áirítear i measc na dtionscadal a aithníodh scileanna iriseoireachta, scileanna déanta scannán, scileanna cluichíochta /scileanna sa teicneolaíocht thumtha.
- **Sraith bhliantúil**: sraith oideachais shiamsúil a fhorbairt agus a chraoladh. Agus inspioráid á fáil aige ón domhan mórthimpeall orainn, cuirfidh an tsraith seo le foghlaim na dtéamaí traschuraclaim i suíomh na bunscoile.
- 

## 2. An Fhoghlaim Aosach

Chun cur leis an soláthar atá ann do phobal foghlama na Gaeilge agus do dhiaspóra na hÉireann, cuirfidh TG4 cúrsa ilardáin ar fáil d'fhoghlaimeoirí fásta a léireoidh an nasc leis an gcultúr, saibhreas na teanga agus canúintí éagsúla na Gaeilge. Tabharfaidh an cúrsa seo deis d'fhoghlaimeoirí a bheith ag foghlaim ar a luas féin ag úsáid cúrsa grádaithe a bhfuil sé mar aidhm aige cainteoirí líofa Gaeilge a chruthú. Chomh maith leis sin oibreoidh an tsraith seo mar uirlis tacaíochta agus foghlama do na tuismitheoirí agus na caomhnóirí sin a bhfuil páistí acu ag freastal ar Ghaelscoileanna agus a dteastaíonn uathu tacaíocht a thabhairt dá leanaí sa chóras oideachais. Is réimse é seo nár thug craoltóirí tús áite dó ó na 1990idí i leith. Cé go bhfuil fáil ar líon beag acmhainní foghlama Gaeilge ar líne sa lá atá inniu ann, tá sé mar aidhm ag TG4 bunchúrsa closamhairc, ilardáin a chur ar fáil (le hábhar nua agus ábhar a cruthaíodh ón gcartlann shaibhir de chláracha atá againn).

## 3. Suirbhé ar Úsáid TG4 i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna:

Déanfaidh TG4 suirbhé ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna (scoileanna Béarla agus scoileanna lán-Ghaeilge) chun sroicheadh TG4 agus an bhaint atá ag TG4 le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna a aithint. Díreoimid ar eolas a fháil faoin leibhéal feasachta atá ann i leith TG4 agus an méid úsáid a bhaintear as ábhar agus as acmhainní oideachais TG4 sa seomra ranga, ó thaobh na múinteoirí agus na ndaltaí araon. Bainfimid úsáid as an taighde seo chun leanúint ar aghaidh ag cur lenár n-acmhainní agus ag cur leis an gceangal atá ag foghlaimeoirí óga le TG4 agus leis an nGaeilge, ó thús, agus cuidiú leo agus iad ag foghlaim ábhair eile trí Ghaeilge. Bainfimid úsáid as an taighde le feidhmíocht TG4 a thomhas ó thaobh cur leis an teagmháil atá againn le daltaí scoile, le múinteoirí agus le scoileanna.

## 4. Margaíocht & Poiblíocht

Tá sé mar aidhm againn branda láidir oideachais a fhorbairt agus díriú ar mhúinteoirí agus ar scoileanna leis an acmhainn luachmhar seo. Tabharfaimid faoi phoiblíocht a thabhairt do na hacmhainní trí bheith ag plé leis na páirtithe leasmhara, teagmháil a dhéanamh le scoileanna agus le coláistí, plé leis na meáin shóisialta srl. sa chaoi go mbeidh na múinteoirí agus na daltaí ar an eolas faoin ábhar.

## 5. Acmhainní

Cuirfimid acmhainní ar fáil dár seirbhísí oideachais ar bhealach cuí agus éifeachtúil, agus nuair is féidir beidh acmhainní á roinnt againn le rannóga eile de chuid TG4 a bhíonn ag léiriú ábhar. Tá ár gComhordaitheoir Oideachais ceaptha againn agus beidh Eagarthóir Coimisiúnaithe á earcú againn chun soláthar Fís Scoile TG4 agus pleananna maidir le hacmhainní oideachais a bhrú chun cinn. Déanfaimid an chuid is mó den ábhar nua a choimisiúnú agus úsáid á baint as samhail Chraoltóir Foilsitheoir TG4.

Príomhghnéithe le soláthar de réir bliana:

| Bliain | Príomhghnéithe le Soláthar |
|---|---|
| **2023** | • Comhordaitheoir Oideachais i mbun oibre.<br>• Plean Oideachais forbartha.<br>• Plé le páirtithe leasmhara oideachais.<br>• 4 uair d'ábhar nua gearr-fhoirm do bhunscoileanna/iar-bhunscoileanna.<br>• Suirbhé ar bhunscoileanna. |
| **2024** | • Mol Oideachais i bhfeidhm.<br>• 6 uair d'ábhar nua gearr-fhoirm do bhunscoileanna/iar-bhunscoileanna.<br>• Sraith foghlama Gaeilge do mheánscoileanna T2 (9 n-uair).<br>• Imeachtaí oideachais chun litearthacht sna meáin, scileanna smaointeoireachta cruthaithí agus scileanna STEAM a chothú i measc daltaí idirbhliana / Ardteiste.<br>• Suirbhé ar iar-bhunscoileanna.<br>• Oideachas Siamsúil: 7 uair an chloig – sraith nua do bhunscoileanna. |
| **2025** | • Sraith foghlama Gaeilge do bhunscoileanna T2 (9 uair).<br>• Sraith foghlama Gaeilge do mheánscoileanna T2 (3 uair breise).<br>• Imeachtaí oideachais chun litearthacht sna meáin, scileanna smaointeoireachta cruthaithí agus scileanna STEAM a chothú i measc daltaí idirbhliana / Ardteiste.<br>• Suirbhé ar iar-bhunscoileanna.<br>• Foghlaim Aosach: Sraith chraolta 7 n-uaire an chloig d'fhoghlaimeoirí fásta na Gaeilge. |

## Sprioc: 4: Nuacht agus cúrsaí reatha a athshamhlú faoi bhranda TG4, ag teacht chun cinn mar sholáthraí ilardáin a chuireann clúdach sainiúil nuachta agus cláracha cúrsaí reatha imscrúdaitheacha ar fáil.

**Achoimre ar na Príomhthograí / Príomhghníomhartha**

- Aistriú iomlán an smachta eagarthóireachta ar Nuacht TG4 a bhaint amach.
- An branda nua a sheoladh lena n-áirítear cuma nua ar an stiúideo.
- Punann chuimsitheach de sheirbhísí nuachta agus cúrsaí reatha a chur ar fáil.
- An cumas agus an comhoibriú maidir le nuacht agus cúrsaí reatha TG4 a fhorbairt.
- Infheistíocht a dhéanamh i gclársceidealú cúrsaí reatha imscrúdaitheacha.

**Infheistíocht atá Beartaithe in 2023-2025 (féach Cuid 5)**

Sa bhliain 2025, caithfidh TG4 €2.6m sa bhreis ar chúrsaí nuachta & reatha (i gcomparáid lenár gcaiteachas in 2022):

- Infheistíocht bhreise de €960k in 2023.
- €500k eile sa bhreis air sin in 2024.
- €1.1m eile sa bhreis air seo in 2025.
- Go carnach thar na trí bliana, tagann sé seo go dtí iomlán de €4.98m infheistíocht bhreise i nuacht & cúrsaí reatha.

**Spriocanna Aschuir**

- Neamhspleáchas eagarthóireachta na seirbhísí nuachta.
- Punann uile-mheánach de sheirbhísí nuachta agus de chúrsaí reatha, lena n-áirítear seirbhís ilmheán athbhrandaithe do Nuacht TG4, cúrsaí reatha imscrúdaitheacha, seirbhísí nuachta do pháistí, podchraoltaí a thugann tús áite d'ábhar digitedon lucht féachana, agus uile-láithreacht ar na meáin shóisialta. Clúdach "súil eile" TG4 ar thoghcháin.
- Stiúideo athchóirithe.
- Forbairt déanta ar acmhainneacht nuachta agus cúrsaí reatha TG4.
- Scéim oiliúna iriseoireachta curtha ar bun d'iriseoirí na Gaeilge.
- C.20 uair an chloig breise d'ábhar cúrsaí reatha thar na trí bliana.

**Spriocthorthaí**

- Neamhspleáchas eagarthóireachta agus fís & straitéis shainiúil do Nuacht TG4.
- Cur chuige forbartha ina bhfuil an 'scéal lárnach' agus tús áite tugtha don lucht féachana chun freastal ar lucht féachana a bhfuil a nósanna maidir leis an nuacht ag éirí níos ilroinnte.
- Freastal níos fearr á dhéanamh ar chainteoirí Gaeilge agus ar phobal na Gaeltachta ó thaobh iolracht agus éagsúlacht na nuachta.
- Nuacht TG4 ar an gcéad / ar an bpríomhfhoinse nuachta do ghnáthchainteoirí Gaeilge.
- Tallann nua iriseoireachta forbartha don Ghaeilge.

Is ról lárnach don PSM é nuacht agus eolas iontaofa a chur ar fáil agus bíonn seirbhís nuachta i gcroílár gach craoltóir seirbhíse poiblí, ag léiriú luachanna an chraoltóra laistigh den réimse poiblí. Léiríonn taighde go bhfuil lucht féachana na Gaeilge ag iarraidh go gcuirfeadh TG4 na nithe seo a leanas ar fáil: seirbhísí nuachta níos cuimsithí le dearcadh "súil eile", lena n-áirítear seirbhís nuachta ar líne; dearcadh eagarthóireachta níos sainiúla ar an nuacht náisiúnta agus ar an nuacht idirnáisiúnta; cur leis na láidreachtaí atá ag Nuacht TG4 faoi láthair ó thaobh clúdach ar an nuacht áitiúil agus ar an nuacht réigiúnach; agus, tuilleadh infheistíochta in iriseoireacht imscrúdaitheach agus clár oibre nuachta a chruthú.

Faoi láthair, tá seirbhís nuachta TG4 mar chuid de sholáthar reachtúil uair an chloig sa lá RTÉ do TG4. Teastaíonn neamhspleáchas eagarthóireachta ó TG4 maidir lena seirbhís nuachta a thagann le straitéis agus le croíluachanna TG4. Ní mór go mbeadh muid in ann clár oibre nuachta éagsúil a fhorbairt a sholáthróidh iolrachas, éagsúlacht agus dearcthaí nua sa tseirbhís nuachta.

Tá sé ríthábhachtach do TG4 cur chuige 'an lucht féachana ar dtús' a bhunú i leith na nuachta. Ciallaíonn an cur chuige seo go mbeadh freastal ar an lucht féachana ar cibé ardán a úsáideann siad. De réir mar a bhíonn nósanna an lucht féachana teacht ar nuacht ag éirí níos ilroinnte, tá sé tábhachtach go mbeidh seirbhís nuachta TG4 in ann athrú agus oiriúnú chun teacht le hiompraíocht an lucht féachana.

Faoi láthair is éard atá sa tseirbhís a chuireann RTÉ ar fáil ná feasachán líneach laethúil. Níl seirbhís dhigiteach á chur ar fáil, agus níl na hacmhainní ann laistigh den struchtúr reatha chun í a sholáthar. I dtimthriall nuachta 24/7 tá sé ríthábhachtach go n-athraítear an tseirbhís nuachta ionas go mbeidh sé ábhartha don lucht féachana. In ionad fanacht go dtí 7pm le Nuacht TG4 a chraoladh, beidh ar an seomra nuachta smaoineamh digiteach agus lucht féachana ar dtús, nuacht mar a tharlaíonn sé a fhoilsiú ar shuíomh Nuacht TG4, an nuacht a roinnt ar na meáin shóisialta, agus scéalta a fhorbairt go hoiriúnach thar ardáin éagsúla ó na meáin shóisialta go líneach.

Is é plean TG4 ná athshamhlú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirimid ár seirbhísí nuachta agus ár seirbhísí cúrsaí reatha ar fáil. Is é straitéis TG4 ná cumais agus seirbhísí nuachta neamhspleácha nuálacha a bhunú, lena n-áirítear: seirbhís nuachta ilardáin brandáilte; suíomh idirlín do Nuacht TG4; seirbhísí

nuachta digití agus feiceálacht ar na meáin shóisialta; seirbhísí nuachta do pháistí; agus cúrsaí reatha imscrúdaitheacha. Tá sé i gceist go mbeadh neamhspleáchas iomlán ó thaobh eagarthóireachta, struchtúr agus maoiniú againn ar ár nuacht agus ar ár gcláracha cúrsaí reatha faoi bhranda *Nuacht TG4* agus go mbeadh iriseoireacht na Gaeilge á forbairt agus á cothú agus go mbeadh comhoibriú ar bun le comhlachtaí agus le scéimeanna eile sna meáin chun an aidhm sin a bhaint amach. Caithfidh fís agus straitéis shainiúil, neamhspleách don Nuacht a bheith ag TG4 mar bhranda meán seirbhíse poiblí agus ba cheart go mbeadh sé in ann raon de sheirbhísí nuachta a sholáthar. Beidh freastal níos fearr déanta ar Éirinn ó thaobh éagsúlacht agus iolracht na nuachta, más féidir an fhís maidir le Nuacht TG4 a bheith neamhspleách arís a bhaint amach.

Moltar sa Straitéis Forfheidhmithe & Plean Gníomhaíochta don Choimisiún um Thodhchaí na Meán gur chóir go mbeadh smacht neamhspleách ó thaobh eagarthóireachta ag TG4 ar a sheirbhísí nuachta[22] ionas go mbeadh tuilleadh iolrachta sa chlúdach nuachta agus go mbeadh deis ag TG4 seirbhís níos fearr a chur ar fáil don lucht féachana. Tá an moladh seo ag teacht go hiomlán le fís TG4 dár seirbhísí nuachta agus cúrsaí reatha.

*Moladh 7-1: Smacht eagarthóireachta agTG4 ar a sheirbhísí nuachta*
*Ba cheart go mbeadh smacht eagarthóireachta neamhspleách ag TG4 ar a sheirbhísí nuachta. Fágfaidh sé sin go mbeidh tuilleadh iolrachta sa chlúdach nuachta agus go mbeidh TG4 in ann seirbhís níos fearr a chur ar fáil dá lucht féachana.*

Cuirfidh Coimisiún na Meán athbhreithniú ar na himpleachtaí airgeadais agus oibriúcháin i gcrích in 2023 agus treoróidh an t-athbhreithniú seo cur i bhfeidhm na straitéise atá beartaithe ag TG4 don nuacht agus do chúrsaí reatha.

Beidh neamhspleáchas ó thaobh eagarthóireachta ag Nuacht TG4 faoin straitéis nua do na seirbhísí nuachta agus cúrsaí reatha, rud a thagann le haidhm TG4 a bheith ar an gcéad fhoinse / ar an bpríomhfhoinse nuachta do na ghnáthchainteoirí na Gaeilge.

### 1. Smacht eagarthóireachta a aistriú

Tá sé mar aidhm againn oibriú le Coimisiún na Meán agus le RTÉ ionas gur féidir smacht iomlán eagarthóireachta ar Nuacht TG4 a bhaint amach, le go mbeidh tuilleadh iolrachta ann ó thaobh clúdach nuachta do lucht féachana na Gaeilge. Tá an t-aistriú seo ar cheannas neamhspleách eagarthóireachta, mar aon le forbairt bhranda Nuacht TG4, ríthábhachtach dár bhféiniúlacht, agus léiríonn sé muinín ionainn mar chraoltóir seirbhíse poiblí.

### 2. An phunann seirbhísí nuachta agus cúrsaí reatha a fhorbairt

Déanfaidh TG4 iriseoireacht na Gaeilge a fhorbairt agus a neartú agus punann chuimsitheach uile-mheán de sheirbhísí nuachta agus de cúrsaí reatha á chur ar fáil ag úsáid cur chuige ina bhfuil an scéal lárnach agus tús áite ag an lucht féachana, chun freastal ar lucht féachana a bhfuil a nósanna nuachta ag éirí níos ilroinnte. Cuimseoidh an tseirbhís nuachta agus cúrsaí reatha seirbhís ilmheán athbhrandaithe le haghaidh Nuacht TG4, cúrsaí reatha imscrúdaitheacha, seirbhísí nuachta do pháistí, podchraoltaí digiteacha, agus láithreacht sheasta ar na meáin shóisialta. Cuirfidh an infheistíocht i seirbhísí cuimsitheacha nuachta ar chumas TG4 ábhar pearsantaithe níos fearr a chur ar fáil, chomh maith le nuacht áitiúil agus idirnáisiúnta agus déanfar freastal ar shainspéiseanna sa nuacht agus i gcúrsaí reatha.

### 3. Cumas nuachta agus cúrsaí reatha TG4 a fhorbairt:

Tá rún againn:

- Foireann eagarthóireachta a cheapadh le haghaidh *Nuacht TG4* a bheidh freagrach as an straitéis agus an branda le haghaidh seirbhísí nuachta agus cúrsaí reatha TG4 a fhorbairt agus a sheachadadh.
- Comhoibriú ar líonra de dheiseanna nua iriseoireachta ar nós Scéimeanna Nuachta Daonlathais Áitiúil, Scéimeanna Tuairiscithe Cúirte agus meáin agus comhlachtaí Gaeilge eile agus iad a fhorbairt.
- Scéim oiliúna d'iriseoirí Gaeilge a chur ar fáil mar chuid den obair ar chumas agus ar sheirbhísí nuachta agus seirbhísí cúrsaí reatha TG4 a fhorbairt.

## 4. Nuálaíocht

Beimid ag cur na nuálaíochta i bhfeidhm ar chúrsaí nuachta agus ar chúrsaí reatha, nuair is tairbheach agus cuí. Mar shampla, intleacht shaorga (IS) agus teicneolaíochtaí atá in ann feabhas a chur ar an gcomhoibriú san iriseoireachta agus ar tháirgeadh nuachta etc. Cinnteoimid go gcuirfear i bhfeidhm iad sa chaoi is go dtacóidh siad lenár soláthar seirbhísí nuachta iontaofa ar ardchaighdeán.

## 5. Cúrsaí reatha TG4 a neartú

Infheistíocht leanúnach a dhéanamh i gcláracha cúrsaí reatha imscrúdaithe chun ár soláthar cúrsaí reatha a neartú. C.20 uair an chloig breise d'ábhar ar chúrsaí reatha a chur ar fáil thar na trí bliana.

Príomhghnéithe le Soláthar de réir bliana:

| Bliain | Príomhghnéithe le Soláthar |
|---|---|
| **2023** | • Ceannaire Nuachta & Chúrsaí Reatha TG4 i mbun oibre.<br>• An Fhís & an straitéis le haghaidh nuacht agus cúrsaí reatha TG4 curtha i bhfeidhm.<br>• I dteagmháil le Coimisiún na Meán agus le RTÉ chun an t-aistriú a chur i gcrích.<br>• Athbhrandáil ar Nuacht TG4.(leanúnach)<br>• Láithreacht ar líne curtha i gcrích.<br>• Seirbhís nuachta do pháistí seolta.<br>• Seachadadh ar sraith chúrsaí reatha, *Iniúchadh TG4*, a bhfuil duaiseanna buaite aici. |
| **2024** | • Clúdach "súil eile" ag TG4 ar Thoghcháin – Toghchán an Údaráis / Toghcháin Áitiúla / Toghchán na hEorpa Bealtaine 2024 agus Olltoghchán Fómhar 2024 agus Earrach 2025.<br>• Podchraoltaí digiteacha |
| **2025** | • Smacht eagarthóireachta aistrithe.<br>• Acmhainní nuachta agus cúrsaí reatha TG4 i bhfeidhm.<br>• Gréasán de dheiseanna nua iriseoireachta ag feidhmiú.<br>• Branda nua seolta chomh maith le cuma nua don stiúideo.<br>• Scéim oiliúna d'iriseoirí bunaithe.<br>• Cur chuige ina bhfuil an scéal lárnach curtha i bhfeidhm.<br>• Nuálaíocht comhtháite i nuacht agus i gcúrsaí reatha TG4, nuair is tairbheach agus cuí. |

## Sprioc 5: TG4 a leathnú mar ardán chun ealaíona, cultúr & oidhreacht agus spórt na hÉireann a chur chun cinn.

**Achoimre ar na Príomhthograí / Príomhghníomhartha**

- Imeachtaí nua ilchultúrtha beo faoi bhranda nua " TG4 BEO" .
- Ardán a thabhairt do spóirt agus do thallann spóirt atá faoi ghannionadaíocht.
- Infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt bhreise ar Spórt TG4, ár dtairseach spóirt don Ghaeilge.
- Straitéis TG4 maidir leis an gCartlann Dhigiteach a chur ar fáil d'fhonn ábhar Gaeilge a chaomhnú agus a choimeád agus ionas go mbeidh rochtain air.

**Infheistíocht atá Beartaithe in 2023-2025 (féach Cuid 5)**

Sa bhliain 2025, caithfidh TG4 €4.33m sa bhreis ar ábhar ealaíon, cultúir, oidhreachta & spóirt (i gcomparáid lenár gcaiteachas in 2022):

- Infheistíocht bhreise de €1.9m in 2024.
- €2.4m eile sa bhreis air seo in 2025.
- Go carnach thar na trí bliana, tagann sé seo go dtí iomlán de €6.25m infheistithe in ábhar ealaíon, cultúir, oidhreachta & spóirt.

**Spriocanna Aschuir**

- Imeachtaí beo ilchultúrtha nua faoi bhranda TG4 BEO i gcomhar le pobail ealaíon agus pobail chruthaitheacha sna réigiúin.
- Infheistíocht i spóirt éagsúla agus i Spórt TG4, ár dtairseach spóirt Gaeilge.
- 102 uair an chloig nua d'ábhar agus d'imeachtaí ealaíon, cultúir & oidhreachta agus spóirt (ina iomlán thar 3 bliana na straitéise).
- Straitéis maidir leis an gcartlann dhigiteach, acmhainní agus tionscadail curtha ar fáil.

**Spriocthorthaí**

- Imeachtaí beo ilchultúrtha nua faoi bhranda TG4 BEO i gcomhar le pobail ealaíon agus pobail chruthaitheacha sna réigiúin.
- Cuirtear an chuid is fearr de chultúr na hÉireann os comhair lucht féachana ar fud an domhain.
- Tacaíocht tugtha do Straitéis Éire Dhomhanda an Rialtais.
- Ardán tugtha do spóirt agus do thallann spóirt atá faoi ghannionadaíocht.
- Ábhar Gaeilge á chosaint, lena n-áirítear stair na hÉireann, eolas, ceol, spórt srl., rochtain ar an gCartlann cinntithe agus an t-ábhar á chaomhnú agus á choimeád.

Cuspóir tábhachtach de chuid TG4 is ea go mbeadh ábhar uathúil, cruthaitheach as Éirinn in ann an fód a sheasamh ar an stáitse idirnáisiúnta, agus cultúr gus cruthaitheacht na hÉireann á thabhairt chuig an domhan mór. Tá sé seo ag teacht le straitéis an Rialtais *Global Éire Dhomhanda- Lorg Domhanda na hÉireann* go dtí 2025 a bhfuil sé mar aidhm leis láithreacht, cáil agus tionchar idirnáisiúnta na hÉireann a neartú agus a dhoimhniú (lena n-áirítear ealaíona, oidhreacht agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn do ghlúine nua agus do lucht féachana nua ar fud an domhain).

Go náisiúnta, tá cáil bainte amach ag TG4 as imeachtaí réigiúnacha agus imeachtaí pobail a bhíonn beo agus ar ardchaighdeán agus tríothú seo, tugaimid léargas do lucht féachana ar fud na tíre agus ar fud an domhain ar imeachtaí ceoil agus imeachtaí cultúir i réigiúin na hÉireann.

Tá cáil bainte amach ag TG4 freisin as réimse leathan spóirt a chraoladh, rud a mbíonn tionchar dearfach aige in Éirinn, go háirithe sna réigiúin. Gach bliain, cuireann TG4 clúdach forleathan ar fáil ar chluichí Gaelacha ar nós peil, iomáint agus Cumann Peil na mBan (LGFA) lena n-áirítear Cluichí Ceannais na hÉireann TG4 srl.

Thar thréimhse trí bliana na straitéise, tá sé mar aidhm againn TG4 a chur chun cinn mar ardán a chuirfidh ealaíona, cultúr agus spórt na hÉireann chun cinn. Tá sé i gceist againn go mbeadh níos mó teagmhála ag TG4 leis an lucht féachana náisiúnta agus go mbeifí ag díriú go straitéiseach ar an Diaspóra, agus úsáid á baint as an gceol, ealaíona, cultúr agus spórt na hÉireann, go háirithe na himeachtaí beo. Tá sé mar aidhm againn: Pobail chruthaitheacha a thabhairt le chéile; pobail Labhartha na Gaeilge agus pobail na Gaeltachta a nascadh; lorg cultúrtha domhanda na hÉireann a leathnú trí cheiliúradh a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar chultúr na hÉireann ar bhealach siamsúil le Diaspóra na hÉireann; agus, ábhar as Éirinn a thabhairt chuig an domhan mór, d'fhonn a chinntiú go mbeidh seasamh láidir aici ar an stáitse idirnáisiúnta. Faoi 2025, tá sé mar aidhm againn caiteachas TG4 ar chultúr & oidhreacht, ealaín agus spórt na hÉireann a bheith méadaithe €4.3m (i gcomparáid le 2022).

### 1. Sraith Nua d'Imeachtaí Beo – "TG4 BEO".

Cuirfidh TG4 sraith imeachtaí nua a bheidh beo, spreagúil agus ilchultúrtha ar fáil faoi bhranda nua "TG4 BEO". Oibreoimid le daoine a chuireann imeachtaí agus féilte ar bun faoi láthair chomh maith lenár n-imeachtaí féin a fhorbairt. Tabharfaimid pobail na n-ealaíon agus na pobail chruthaitheacha le chéile chun an tsraith seo

d'imeachtaí nua beo, siamsaíochta agus cultúrtha a bhunú ar fud na tíre, chun pobal Labhartha na Gaeilge agus pobal na Gaeltachta a nascadh le chéile. Beimid ag craoladh freisin chuig lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta trí sheirbhís Sheinnteoir TG4, chun an chuid is fearr de chultúr na hÉireann a thabhairt chuig lucht féachana ar fud an domhain. Tógfaimid ar scála ár n-imeachtaí ceoil traidisiúnta don lucht féachana beo agus ár gcainéal YouTube TRAD TG4.

## 2. Spórt de chuid na hÉireann atá faoi ghannionadaíocht a chur chun cinn

Cuirfidh TG4 an spórt agus an tallann spóirt atá faoi ghannionadaíocht chun cinn. Oibreoimid le comhpháirtithe spóirt atá againn cheana féin agus le comhpháirtithe nua d'fhonn forbairt bhreise a dhéanamh ar an réimse éagsúil spóirt a bhíonn ar scáileáin TG4 don lucht féachana. Beidh ardchaighdeán á cheiliúradh againn trí ardán a thabhairt do spóirt agus do thallann nach mbíonn próifíl ard acu de ghnáth nó ar spóirt mhalartacha nó spóirt mionlaigh iad. M.sh., bíonn TG4 ag taispeáint cluichí Gaelacha a bhaineann le daoine níos óige agus atá níos réigiúnaí ar fud aoisghrúpaí agus pobal. Is ceannródaithe muid ó thaobh craoladh ar spórt na mban. Ar *Rugbaí Beo* is mná ar fad a bhíonn i mbun anailíse agus tráchtaireachta – an chéad uair ar tharla sé seo sa chraoltóireacht in Éirinn – agus craolaimid cluichí ó Shraith Peile Astrálach na mBan (AFLW). Déanfaimid infheistíocht a mheas agus an rogha is fearr a aithint maidir le forbairt i *Spórt TG4*, ár dtairseach spóirt Ghaeilge, ionas go mbeidh sé ar an gcéad rogha ó thaobh éagsúlacht na tallainne spóirt agus spóirt atá faoi ghannionadaíocht a chur chun cinn. Mar a thuairiscítear i Sprioc 1, le *Spórt Cúla4*, tá sé mar aidhm ag TG4 níos mó ábhar spórt faoi aois a choimisiúnú. Ag díriú ar dhaoine 7-14 bliana d'aois, tá sé mar aidhm ag TG4 margadh aschuir a bhunú chun c.36 uair an chloig de ábhar spórt do pháistí a chur ar fáil.

## 3. An Chartlann Dhigiteach a fhorbairt.

Agus é ina choimeádaí ar oidhreacht chraoltóireachta na hÉireann, tá TG4 ag forbairt Cartlann Dhigiteach Ghaeilge ar mhaithe leis an oidhreacht sin a chosaint. Taifead tábhachtach atá sa Chartlann ar stair, eolas, ceol, spórt agus siamsaíocht na hÉireann. Caithfear a chinntiú go mbeidh fáil ar an gCartlann, agus go mbeidh an t-ábhar á chaomhnú agus á choimeád. In 2022, cheap TG4 Bainisteoir Cartlainne ar mhaithe le straitéis nua a fhorbairt chun úsáid na Cartlann Digití in TG4 agus na buntáistí a bhaineann léi a chur chun cinn, lena n-áirítear bealaí nua a aimsiú leis an gcartlann a úsáid mar acmhainn don stair agus don chruthaitheacht. Chomh maith leis sin, tá ardán cartlainne "Rochtain Iata" á bhunú ag TG4 le haghaidh taighde oideachais, i.e. cartlann nach mbeidh ar fáil ach d'institiúidí oideachais/baill d'institiúidí oideachais chun críocha oideachais agus taighde.

Is trí thionscadail atá maoinithe ag Cartlann Choimisiún na Meán is mó a tógadh Cartlann TG4. Tá sé mar aidhm ag TG4 Cartlann Dhigiteach "bheo" a chruthú. Bheadh an obair chartlainne ar siúl go leanúnach agus ní bheadh sí bunaithe go hiomlán ar thionscadal aon-uaire. Chuirfí an t-ábhar sa chartlann a luaithe is a chraolfaí é agus bheadh gach uair an chloig craolta nua "réidh don chartlann", i.e. catalógaithe agus innéacsaithe agus réidh le hathúsáid/réidh le feidhm nua a bheith bainte as. Tabharfar aghaidh freisin ar an gcartlann chorparáideach agus ar an ábhar gearrfhoirme/ ar an ábhar ar líne. Tá struchtúr agus acmhainní láidre cartlainne ag teastáil chun go mbeidh an t-éileamh á chaomhnú, á chur chun cinn agus á bhainistiú i gcónaí agus inrochtaineacht a chruthú. Idir 2023 agus 2025, déanfaimid tuilleadh forbartha ar Chartlann Dhigiteach Ghaeilge TG4 mar seo a leanas:

- An Straitéis de chuid TG4 a bhaineann leis an gCartlann Dhigiteach a thabhairt chun críche;
- Leanúint leis an digitiú ar na huaireanta atá fanta i Leabharlann Téipeanna Gaeilge TG4 (thart ar 7,500 uair an chloig fós le digitiú- caithfear digitiú agus caomhnú a dhéanamh ar an ábhar ar fad atá bunaithe ar fhíseán sula mbeidh téipeanna agus téipthaifeadáin imithe as feidhm); leanúint den chatalógú ar an ábhar ar fad atá digitithe, mar shampla, Nuacht TG4 2012 go dáta.
- Lorgófar maoiniú ó Chiste Cartlainne Choimisiún na Meán.
- Cuirfear i bhfeidhm An tArdán / An Tairseach Cartlainne Rochtana Iata;
- Beidh sreafaí nua oibre nua á bhfhorbairt ionas gur féidir ábhar atá díreach tar éis a bheith léirithe a phróiseáil ag an bpointe craolta;
- Déanfar comhpháirtíocht a fhorbairt le Cartlanna Oidhreachta Cultúrtha / Forais Oidhreachta Cultúrtha eile;
- Déanfar iniúchadh ar an úsáid á d'fhéadfaí a bhaint as nuálaíocht agus teicneolaíocht na hIntleachta Saorga i gcomhthéacs na Cartlainne;
- Beidh suíomh saincheaptha curtha i bhfeidhm don bhainistíocht ar shócmhainní íomhá / grianghraf;
- Cuirfear acmhainní cuí ar fáil d'fheidhmiú na Cartlainne i TG4 (níl ach acmhainn amháin de chuid TG4 ann faoi láthair, agus bíonn an digitiú agus an catalógú etc. Curtha amach ar conradh mar chuid de Coimisiún na Meáin); agus,
- Beidh cóipcheart – imréiteach – faighte i gcás cearta atá as ceadúnas.

Na príomhghnéithe le Soláthar de réir bliana:

| Bliain | Na Príomhghnéithe le Soláthar |
|---|---|
| **2023** | • Imeachtaí TG4 BEO roghnaithe.<br>• Gairm ar ábhar spóirt nua.<br>• Straitéis na Cartlainne Digití & Plean Acmhainní curtha i gcrích.<br>• Staidéar Féidearthachta ar Ardán Cartlainne Dlúthrochtana. |
| **2024** | • Imeachtaí nua de chuid TG4 BEO á léiriú agus á gcraoladh.<br>• Ábhar nua spóirt nua á chur ar fáil agus á chraoladh.<br>• Fiosrú agus sainaithin ar an gcur chuige is fearr chun Spórt TG4 a fhorbairt.<br>• Acmhainní na Cartlainne Digití ag feidhmiú.<br>• Sreafaí oibre nua a fhorbairt chun cartlannú ábhair ghearr-foirm agus foirm-fhada a chumasú.<br>• Leanúint le digitiú ar téipeanna na cartlainne.<br>• An tArdán Cartlainne Rochtana Iata curtha amach le haghaidh tairiscintí. |
| **2025** | • Leanúint le léiriú ábhar nua spóirt agus cultúrtha.<br>• An Straitéis don Chartlann Dhigiteach á chur i bhfeidhm go leanúnach.<br>• An tArdán Cartlainne Rochtana Iata curtha ar fáil. |

## Sprioc 6: Cur le scála léirithe na scannánaíochta agus na drámaíochta teilifíse Gaeilge i réigiúin na hÉireann.

### Achoimre ar na Príomhthograí / Príomhghníomhartha

- Infheistíocht nua i ndrámaíocht na Gaeilge.
- Scála agus tionchar Cine4 a leathnú.
- 2 scéim nua don ghearrscannánaíocht agus 3 scéim nua le haghaidh cláracha faisnéise a sheachadadh ar mhaithe le tallann a fhorbairt, i gcomhar le páirtithe leasmhara eile.
- Scéim beochana forbairt anamúlacht a sheachadadh.

### Infheistíocht atá Beartaithe in 2023-2025 (féach Cuid 5)

Sa bhliain 2025, caithfidh TG4 €1.4m sa bhreis ar scannán & drámaíocht (i gcomparáid lenár gcaiteachas in 2022):

- Infheistíocht bhreise de €100k in 2023.
- €100k eile sa bhreis air sin in 2024.
- €1.2m eile sa bhreis air seo in 2025.
- Go carnach thar na trí bliana, tagann sé seo go dtí iomlán de €1.7m infheistíocht bhreise i scannán & drámaíocht.

### Spriocanna Aschuir

- 6 scannán Gaeilge nua de chuid Cine4 curtha ar fáil.
- 2 scéim nua le haghaidh gearrscannán agus 3 scéim nua le haghaidh cláracha faisnéise bunaithe chun tallann a fhorbairt, i gcomhar le páirtithe leasmhara eile.
- Iad seo curtha ar fáil: 6 ngearrscannán Gaeilge de chuid Tús; 6 ngearrdhráma de chuid Chéim Eile; 4 fhadscannán faisnéise; 6 chlár faisnéise leathuaire; agus, 6 mion-chlár faisnéise.
- Scéim anamúlacht nua bunaithe.

### Spriocthorthaí

- Scála agus tionchar Cine4 leathnaithe amach de bharr comhléirithe idirnáisiúnta.
- Stádas níos fearr ag scannánaíocht agus ag drámaíocht na Gaeilge agus iad níos feiceálaí.
- Cultúr agus scéalaíocht na Gaeilge cosanta.
- Méadú ar an méid drámaí agus scannáin a léirítear sna réigiúin.
- Tacaíocht tugtha do 155-175 tallann nua agus iad forbartha (gach scéim).
- Tacaíocht tugtha do chomhlachtaí a léiríonn cláracha faisnéise i nGaeilge le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcumas agus a ngnó a idirnáisiúnú.
- Tacaíocht tugtha do thallann agus poist cruthaithe in earnáil beochana na Gaeilge.

Thar thréimhse trí bliana na straitéise, tá sé mar aidhm ag TG4 cur leis an méid scannánaíochta Gaeilge agus drámaíochta Gaeilge don teilifís a bhíonn ar scáileáin TG4 agus ar an gcaoi seo cur le líon na scannán agus na ndrámaí Gaeilge don teilifís a léirítear in Éirinn, go háirithe sna réigiúin. Clár mór infheistíochta a bheidh anseo do TG4 ach tiocfaidh roinnt buntáistí suntasacha as. Ina measc tá: níos mó luacha do lucht féachana na Gaeilge; creat a chur ar fáil chun cabhrú le cultúr na Gaeilge a chosaint, scéalaíocht agus féiniúlacht teanga na Gaeilge; agus, scileanna, bonneagar agus acmhainn le haghaidh léiriú drámaíochta agus scannán a fhorbairt sna réigiúin.

Faoi 2025, tá sé mar aidhm againn go mbeadh caiteachas bliantúil TG4 ar dhrámaíocht na Gaeilge méadaithe €1.7m i gcomparáid lenár gcaiteachas i 2022. Cuirfimid drámaíocht ar fáil ar TG4 do gach aoisghrúpa lena n-áirítear páistí réamhscoile agus páistí bunscoile níos sine chomh maith le drámaíocht ardleibhéil don lucht féachana is óige i measc na ndaoine fásta. Tógfaimid branda drámaíochta TG4 agus aghaidh TG4 sa seánra tábhachtach seo agus infheistíocht a dhéanamh i samhlacha táirgthe inbhuanaithe nach mbeidh comh costasach rud a chuirfidh ar ár gcumas cur lenár scála agus lenár dtionchar, ar bhealach éifeachtúil. Is iad seo a leanas na príomhthograí:

1. Tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i Cine4 d'fhonn a scála agus a thionchar a leathnú

Faoi láthair, tá buiséid suas le €1.2m ag tograí fadscannán drámaíochta aicsean beo *Cine4*. Tá sé mar aidhm againn an infheistíocht a dhéanann TG4 i Cine4 a mhéadú €200,000 in 2023, chun €100,000 breise a chur leis an méid a infheistíonn TG4 sna buiséid léiriúcháin aonair. Fágfaidh sé sin go mbeidh infheistíocht €300,000 á dhéanamh ag TG4 i ngach léiriúchán (an méid céanna le Fís Éireann). Mar thoradh ar an infheistíocht bhreise seo beidh na léiriúcháin ar chaighdeán níos airde agus beidh tionchar níos mó ag maoiniú na scéime.

Idir 2023 agus 2025, tacóidh TG4 le sé scannán Gaeilge nua (dhá cheann in aghaidh na bliana) a chur ar fáil (léiriú, dáileadh, eisiúint d'amharclanna / féile agus craoladh).

### 2. Scéimeanna forbartha tallainne a sheachadadh i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara

Leanfaidh TG4 de bheith ag tacú le comhlachtaí léiriúcháin tallann nua a aimsiú agus bealach isteach a thabhairt do dhaoine nua sa tionscal. Tá sé i gceist againn roinnt scéimeanna a dhéanfaidh forbairt ar thallann drámaíochta agus ar thallann do chláracha faisnéise a chur ar fáil le páirtithe leasmhara:

- *Tús*, gearrscannán Gaeilge, i gcomhar le Fís Éireann agus leis an gCiste Craoltóireachta Gaeilge (CCG). Idir 2023 agus 2025, déanfaidh TG4 forbairt agus léiriú ar sé ngearrdhráma do na hardáin chraolta agus na hardáin ar líne atá aige.
- Beidh Céim Eile, scéim le haghaidh gearrdhrámaí Gaeilge (20-30 nóiméad ar fad) á chur ar fáil i gcomhar le Fís Éireann agus le CCG. Idir 2023 agus 2025, tá sé mar aidhm againn go mbeadh sé ngearrscannán forbartha agus curtha ar fáil.

Beidh infheistíocht á dhéanamh againn freisin i dtrí scéim nua le haghaidh léiriúcháin faisnéise:

- Scéim na Mionchlár Faisnéise: scéim nua le haghaidh cláracha faisnéise gearra i nGaeilge. Le linn 2023 / 2025, tá sé mar aidhm ag TG4 sé chlár faisnéise gearra a chur ar fáil (trí cinn an ceann in 2024 agus 2025).
- Scéim na gClár Faisnéise uair an chloig: Le linn 2023 /2025, tá sé i gceist ag TG4 sé chlár faisnéise leathuair an chloig a chur ar fáil d'ardáin chraolta agus d'ardáin ar líne TG4 (trí cinn in 2024 agus trí cinn in 2025).
- Scéim na bhFadchlár Faisnéise: Le linn 2023 / 2025, tá rún ag TG4 ceithre fhadchlár faisnéise a léiriú (péire in 2024 agus péire in 2025).

I gcás gach léiriúchán leanfar de bheith ag cur tallann na mban chun cinn san earnáil léiriúcháin chomh maith le léiritheoirí a spreagadh chun cleachtais léirithe inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun cabhrú le tionscal scáileáin atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil a chruthú in Éirinn. Tá sé mar chuspóir ag TG4 155-175 de thallann nua a fhorbairt don earnáil ó na scéimeanna seo agus ár scéimeann eile (tallann tionscail, ní hamháin tallann scannán & drámaíochta), agus gearrscannáin agus cláracha faisnéise i nGaeilge a chur ar fáil le haghaidh eisiúint amharclainne nuair is cuí agus le haghaidh na n-ardán craolta agus na n-ardán ar líne atá ag TG4. Tá tábhacht ar leith ag baint le scéim na bhfadchlár faisnéise ó thaobh forbairt bhreise a dhéanamh ar chumais na gcuideachtaí a léiríonn cláracha faisnéise agus tús maith a thabhairt do na cuideachtaí sin ó thaobh idirnáisiúnú de. Chomh maith leis na scéimeanna atá luaite thuas a bheith ag díriú ar fhorbairt na tallainne don drámaíocht agus do chláracha faisnéise cuirfidh TG4 scéimeanna eile ar fáil freisin chun forbairt a dhéanamh ar thallann don earnáil. Déantar cur síos orthu i Sprioc 7 faoin bhforbairt níos leithne ar thionscal na scáileáin.

### 3. Forbairt ar earnáil na scáileán i réigiún an Iarthuaiscirt

Tá TG4 ag obair i bpáirt le Fís Éireann agus le hÚdarás na Gaeltachta chun forbairt a dhéanamh ar an earnáil closamhairc i réigiún an Iarthuaiscirt. Táimid ag infheistiú i gcomhléiriúchán, agus úsáid á baint as spás stiúideo atá ann cheana, chun sé uair an chloig de "film noir" a chur ar fáil. Tá scéim forbartha scileanna agus tallainne mar chuid den chomhléiriúchán. Is é cuspóir na scéime ná tallann nua a fhorbairt agus spreagadh a thabhairt do dhaoine nua atá tagtha isteach sa tionscal. Thar aon rud eile tá sé mar aidhm aige cabhrú le tallann nua de scríbhneoirí Gaeilge agus tallann nua léiriúcháin a fhorbairt sa cheantar. Beidh buntáistí eile ann freisin don cheantar de bharr go spreagfar infheistíocht in áiseanna stiúideo, in áiseanna léiriúcháin agus iarléirithe etc., go gcaithfear níos mó ar sheirbhísí go háitiúil, amhail seirbhísí léiriúcháin, cóiríocht, iompar, lónadóireacht srl. agus go gcuideoidh sé le tallann óg a bhíonn i mbun ábhar a léiriú i nGaeilge a choinneáil sa réigiún.

### 4. Tacú leis an bhforbairt ar Bheochana Gaeilge

Bunóidh TG4 scéim Beochana Gaeilge forbairt anamúlachta chun maoin intleachtúil Éireannach den chéad scoth (IP) a fhorbairt ó thaobh beochana ina mbeidh scéalta ó chultúr na hÉireann, tallann Gaeilge agus poist Ghaeilge a fhorbairt laistigh d'earnáil léirithe beochana na hÉireann. Agus muid ag tógáil ar an rath a bhí ar Cine4 i gcomhar le Coimisiún na Meán agus Fís Éireann, forbróimid scéim beochana forbairt anamúlachta d'fhonn an tionscal a spreagadh le gearrscannáin bheochana a fhorbairt don phictiúrlann agus do chainéal *Cúla4*. Tá sé mar aidhm ag TG4 an scéim a fhorbairt i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara in 2024 chomh maith le babhta forbartha a fhógairt. In 2025, tá sé mar aidhm againn an gearrliosta agus an babhta forbartha a chuir i gcríoch le comhlacht amháin a roghnófar le dul i mbun léiriú (le tarlú in 2026).

Príomhghnéithe le soláthar de réir bliana:

| Bliain | Príomhghnéithe le Soláthar |
|---|---|
| **2023** | • Forbairt ar earnáil na scáileán san Iarthuaisceart.<br>• Forbairt ar gearrscannáin agus gearrdhrámaí. |
| **2024** | • 3 ghearrscannán agus 3 ghearrdhráma a chur ar fáil.<br>• 3 mhionchlár faisnéise, 3 chlár faisnéise leathuaire agus 2 fhadchlár faisnéise a chur ar fáil.<br>• Forbairt anamúlacht a bhunú i gcomhar le comhpháirtithe. Babhta forbartha a fhógairt |
| **2025** | • 3 ghearrscannán agus 3 ghearrdhráma a chur ar fáil.<br>• 3 mhionchlár faisnéise, 3 chlár faisnéise leathuaire agus 2 fhadchlár faisnéise a chur ar fáil.<br>• Forbairt anamúlacht - gearrliosta agus an babhta forbartha a chuir i gcríoch le comhlacht amháin a roghnófar le dul i mbun léiriú (le tarlú in 2026). |

## Sprioc 7: Cur leis an rath a bhíonn ar an tallann agus ar an bhfiontraíocht in earnáil léiriúcháin na hÉireann.

Achoimre ar na Príomhthograí / Príomhghníomhartha

- Cur leis an méid ábhar a bhíonn á choimisiúnú ón earnáil léiriúcháin neamhspleách.
- Aonad Scáileáin Gaeilge a bhunú (le Fís Éireann).
- An Scéim Forbartha Oiliúna a athdhíriú mar scéim Printíseachta Léiriúcháin.
- Scéim nua d'Iontrálaithe san Earnáil Scáileáin a bhunú.
- Alt 481 den Bhorradh Gaeltachta.
- Tairseach don Fhorbairt ar Scileanna in Earnáil Scáileáin na Gaeilge.
- "Grodchampaí " do na meáin & tionscnaimh oiliúna eile a chur ar fáil.
- Tacú le Cláracha Luasaire a chur ar fáil do Thrádálaithe Aonair a bhfuil ardchumas iontu (le CREW).

Infheistíocht atá Beartaithe in 2023-2025 (féach Cuid 5)

- Sa bhliain 2025, caithfidh TG4 €22.25m sa bhreis ar an earnáil léiriúcháin neamhspleách (i gcomparáid lenár gcaiteachas in 2022).
- Seo é an airgead bhreise a infheisteoimid san earnáil ag éirí as ár gcaiteachas i Spriocanna 1 go 6 go huile.
- Léiríonn sé seo infheistíocht charnach bhreise de €40m san earnáil thar thrí bliana na straitéise.

Spriocanna Aschuir

- Tuille infheistíocht in ábhar agus ar sheirbhísí ó earnáil léiriúchán neamhspleách na hÉireann.
- Aonad Scáileáin Gaeilge i bhfeidhm.
- Scéim Printíseachta Léiriúcháin don Earnáil Scáileáin agus Scéim na nIontrálaithe Nua bunaithe.
- Alt 481 den Bhorradh Gaeltachta curtha i bhfeidhm.
- An Tairseach Forbartha Scileanna d'earnáil scáileáin na Gaeilge bunaithe.
- Cláracha Luasaire do thrádálaithe aonair sa léiriúchán scáileáin a bhfuil ardacmhainneacht acu.
- Scéim nua beochana chun earnáil bheochana na Gaeilge a chothú.

Spriocthorthaí

- Aonad a bheadh tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hearnála léirithe scáileáin Gaeilge agus é comhtháite leis na struchtúir náisiúnta atá ann cheana féin don earnáil.
- Cialaíonn caiteachas breise san earnáil tionchar ar c.300-400 post nua san earnáil léiriúcháin neamhspleách sna réigiúin - níos mó deiseanna don fhostaíocht chruthaitheach agus don fhostaíocht theicniúil oilte.
- 155-175 tallann nua forbartha don earnáil tríd coimisiúin, an scéim printíseachta agus scéim na n-iontrálaithe nua.
- Is spreagadh don fhás in earnálacha na cruthaitheachta sna réigiúin iad na meáin Ghaeilge.
- Tá an Ghaeilge á cur chun cinn mar theanga bheo oibre.

Mar eagraíocht a thiomáineann an geilleagar cruthaitheach i réigiúin na hÉireann, cuirfidh TG4 bearta nua i bhfeidhm chun earnáil na léiriúchán neamhspleách a neartú. Tá sé i gceist againn tacú le comhlachtaí léiriúcháin trí obair nua a chruthú agus trí phoist a chosaint agus a fhás. Ar an gcaoi seo beimid inár n-ardán suntasach chun maoin intleachtúil neamhspleách na hÉireann a ghiniúint agus muid taobh thiar den idirnáisiúnú ar ár dtionscal sna réigiúin.

De bharr ábhar coimisiúnaithe nua a bheith á chur ar fáil dár n-ardáin chraolta agus dár n-ardáin ar líne (le téamaí láidre seirbhíse poiblí ina gcroílár) agus toisc go mbeidh infheistíocht á déanamh againn i bhforbairt tallainne don earnáil, cuirfimid go mór le hinfheistíocht TG4 san earnáil. Trí ár spriocanna straitéiseacha a sheachadadh (níos mó infheistíochta in ábhar do leanaí, in ábhar do dhaoine óga, in ábhar oideachais, i nuacht & cúrsaí reatha, in ábhar Ealaíon, Cultúir, Oidhreachta & Spóirt, agus i Scannán & Drámaíocht) déanfaimid níos mó infheistíochta sa earnáil léiriúcháin neamhspleách. Faoi 2025, tá sé mar aidhm againn go mbeadh caiteachas TG4 san earnáil neamhspleách léiriúcháin in Éirinn méadaithe le €22.25m(i gcomparáid lenár gcaiteachas in 2022). Maidir leis an gcaiteachas carnach leis an earnáil, is ionann é seo agus €40m breise atá á infheistiú san earnáil, thar na trí bliana.

Tacóidh an infheistíocht bhreise seo in earnáil na léiriúchán neamhspleách le thart ar 300-400 post *nua* san earnáil, go háirithe sna réigiúin. Ní hamháin go neartóidh agus go bhfásfaidh infheistíocht TG4 cuideachtaí, maraon le fostaíocht fhadtéarmach san earnáil, ach spreagfaidh sé tuilleadh infheistíochta freisin i bhfoirmiú caipitil na hearnála (amhail stiúideonna, áiseanna léiriúcháin agus iarléirithe srl..) agus beidh níos mó á chaitheamh ar na seirbhísí soláthair go háitiúil.

Cuideoidh infheistíocht TG4 le fostaíocht chruthaitheachta agus theicniúil oilte a mhéadú sa Ghaeltacht agus sna réigiúin agus cuideoidh sí le tallann agus cainteoirí óga Gaeilge a choinneáil sna réigiúin sin. Is féidir leis an tionscal cruthaitheachta closamhairc cuidiú le fuinneamh a chur freisin sa turasóireacht, sna healaíona agus sa chultúr chomh maith le feabhas a chur ar na tionscail chruthaitheachta trí chnuasú agus comhshuíomh.

Na príomhghníomhaíochtaí / príomhthograí:

1. Cur leis an infheistíocht a bhíonn déanta in ábhar ó Earnáil Léiriúchán Neamhspleách na hÉireann

Is infheisteoir suntasach é TG4 mar a bhaineann leis an léiriúchán don scáileán agus le hearnálacha cruthaitheacha closamhairc eile i gceantair réigiúnacha agus i gceantair Ghaeltachta na hÉireann. Faighimid ábhar ó chomhlachtaí a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, a bhfuil a bhformhór lonnaithe sna réigiúin agus sa Ghaeltacht. Gach bliain, caithimid os cionn 80% de chaiteachas neamhspleách TG4 ar léiriúchán sna réigiúin, i gConnachta agus i gCúige Mumhan go príomha agus os cionn 70% i gceantair Ghaeltachta – thart ar €18m-€19m in aghaidh na bliana.

In 2025, tá sé mar aidhm againn €46.6m a chaitheamh san earnáil. Is ionann sin agus méadú 82% ar an €25.6m a chaith muid ar an earnáil in 2022. Cuideoidh an infheistíocht bhreise seo leis an tionscal a bheith ag forbairt go leanúnach chomh maith le tallann, poist réigiúnacha agus ioncaim réigiúnacha a chur ar fáil, agus cabhrú sí le geilleagar cruthaitheach na hÉireann a chothú agus a thógáil, go háirithe sna réigiúin.

2. Aonad Scáileáin Gaeilge a bhunú (le Fís Éireann).

Comhoibríonn TG4 agus Údarás na Gaeltachta le chéile go gníomhach chun tacú leis an bhfás agus leis an bhforbairt ar earnáil closamhairc na Gaeilge sa Ghaeltacht. In 2022, rinne TG4 agus Údarás na Gaeltachta straitéis trí bliana a chomhfhorbairt don earnáil Léirithe Scáileáin Gaeilge / Gaeltachta. Díríonn an straitéis ar chomhréimsí agus tagann sí le sainchúram agus freagrachtaí na n-eagraíochtaí. Tá sé mar aidhm ag an straitéis deiseanna agus tacaíochtaí nua a chruthú d'fhonn comhlachtaí léiriúcháin Gaeilge atá láidir agus inbhuanaithe a chothú agus fostaíocht, agus tallann agus gníomhaíocht gheilleagrach a fhás sa Ghaeltacht. Forbraíodh spriocanna na straitéise trí dhul i mbun comhairliúcháin le lucht tionscail, lena n-áirítear comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha agus eagraíochtaí earnála ar nós Fís Éireann, Scileanna Fís Éireann, Northern Ireland Screen, an Ciste Craoltóireachta Gaeilge (CCG), Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU), Crew agus Ardán srl.

Ar cheann de na príomh mholtaí a tháinig ón gcomhstraitéis tá go mbunófaí "Aonad Scáileáin Gaeilge" (ILSU) le tacaíocht a thabhairt d'earnáil léirithe scáileáin na Gaeilge agus í a chómhaoiniú. Bheadh an t-aonad seo dírithe go sonrach ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hearnála léirithe scáileáin Gaeilge, atá comhtháite leis na struchtúir náisiúnta atá ann cheana féin don earnáil.

Aonad neamhspleách a bheadh san ILSU agus é á chómhaoiniú ag TG4, Údarás na Gaeltachta agus Fís Éireann chun tacú le hearnáil léirithe scáileáin na Gaeilge. Go bunúsach, is éard a bheadh ann ná craobh nó ciste de chuid Fís Éireann a dhíreodh ar earnáil na Gaeilge (ar an gcaoi céanna a bhfuil an ILBF mar chuid de Northern Ireland Screen). Creidimid gur cheart go mbeadh sé lonnaithe sa Ghaeltacht agus foireann de chainteoirí Gaeilge ann a mbeadh taithí acu in earnáil an scáileáin. D'oibreodh sé go díreach le Fís Éireann agus trí Fís Éireann ar chómhaoiniú agus ar fhorbairt agus ar chláracha do na margaí. Bheadh sé ina cheannródaí maidir leis an bhforbairt ar scileanna in earnáil na Gaeilge i gcomhar le Fís Scileanna Éireann. Ar na hacmhainní atá beartaithe don ILSU tá Oifigeach Forbartha Gaeilge agus ról forbartha tionscail AD chun maoirseacht a dhéanamh agus ceannaireacht a thabhairt i dtaca le forbairt a dhéanamh ar scileanna na n-iontrálaithe nua, na bprintíseach agus tallann an tionscail.

3. An Scéim Forbartha Oiliúna a Athdhíriú mar scéim Printíseachta Léiriúcháin.

Léiríonn taighde ó chomhstraitéis TG4 agus Údarás na Gaeltachta go soiléir go bhfuil bearnaí ó thaobh scileanna agus acmhainní sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma in earnáil na léiriúchán scáileáin Gaeilge (go háirithe Léiritheoirí, Léiritheoirí Cúnta, Stiúrthóirí, Stiúrthóirí Cúnta, Eagarthóirí, Oibreoirí Ceamara agus Fuaime etc). Tá dúshláin níos fadtéarmaí ann freisin a bhaineann le glúin nua tallainne a fhorbairt agus tallann nua a mhealladh isteach san earnáil (mar gheall ar dheiseanna, cúrsaí pá agus coinníollacha). Léiríonn aiseolas ón tionscal freisin go bhfuil teorann leis na bealaí isteach atá ann le haghaidh tallann nua, go háirithe sa Ghaeltacht: "*níl aon chreat struchtúrtha sa Ghaeltacht áit a bhfeicfeadh daoine óga ag aois óg, go dteastódh uatha a bheith ina léiritheoirí nó go bhféadfaidís oibriú sa tionscal"*[23].

Ó 2019 i leith, tá *Scéim Forbartha Oiliúna* á cur ar fáil ag TG4 agus Údarás na Gaeltachta i bpáirt leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách. Tá an scéim luachmhar oiliúna seo do dhaoine aonair a bhfuil taithí éigin acu sa tionscal, tar éis 50 oiliúnaí a chur ar fáil cheana féin idir 2019 agus 2022. Measann TG4 go bhfuil oiliúint agus forbairt curtha ar 120 duine ar a laghad trí scéimeanna éagsúla de chuid TG4 agus Údarás na Gaeltachta ó 2008. Tá aitheantas tugtha do thábhacht na scéimeanna

[23] Straitéis d'Earnáil Léirithe Closamhairc na Gaeltachta agus na Gaeilge 2023 - 2025
Samhain 2022, TG4 agus Údarás na Gaeltachta.

seo, a dhéanann tallann a fhorbairt san earnáil, ag páirtithe leasmhara sa tionscal agus ag cuideachtaí léiriúcháin araon– *"cnámh droma ríthábhachtach tallainne a chur ar fáil san earnáil"*. Cé go bhfuil an *Scéim Forbartha Oiliúna* an-tábhachtach don earnáil, léiríonn aiseolas ón tionscal go bhfuil deiseanna ann é a fheabhsú tuilleadh. Tá sé beartaithe ag TG4 an scéim a athrú ó bheith ina thionscnamh oiliúna 12 mhí nó go mbeidh sé ina chlár printíseachta 18-24 mhí. Ag braith ar mhaoiniú, beidh TG4 ag iarraidh 12-14 áit a chur ar fáil in aghaidh an chláir.

Beidh gá ag an bprintíseach le tacaíocht ó chuideachta (chomh maith le páirtmhaoiniú) chun leas a bhaint as an gclár agus déanfaidh an comhlacht léiriúcháin neamhspleách an printíseach a earcú agus a fhostú. Tá solúbthacht ann maidir leis na riachtanais a bheadh ag cuideachta mar a bhaineann leis na róil (m.sh. Léiritheoir Cúnta, Eagarthóir etc.). Tá sé i gceist go mbeadh acmhainn forbartha AD an ILSU mar a bheadh meán idirchaidrimh ann do na printísigh ó thaobh cabhrú leo lena scileanna agus lena bhforbairt phearsanta srl.. Déanfaidh AD an ILSU an fhorbairt a rianú chun meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar atá aige ar thallann na hearnála. I gcomhar leis na modúil acadúla agus an creidiúnú, cuirfear cláir oiliúna bhreise i láthair a oirfidh do riachtanais an phrintísigh.

## 4. Scéim d'iontrálaithe nua san earnáil scáileáin a bhunú.

I gcomhar le páirtithe leasmhara eile, tá sé i gceist ag TG4 Scéim d'Iontrálaithe Nua san Earnáil Scáileáin a bhunú (b'fhéidir tógáil ó *Dhianchúrsa Oiliúna* Acadamh an Atlantaigh 2022). Dianchúrsa 9-12 mí a bheadh i gceist, ina mbeadh oiliúint agus forbairt ar feadh 3 mhí agus socrúchán tionscail ar feadh 6-9 mí ina dhiaidh sin. Ní gá go mbeadh taithí sa tionscal ag an iarrthóir. Ag brath ar mhaoiniú, tá sé i gceist ag TG4 10-12 áit a chur ar fáil in aghaidh na bliana.

Aontófar cur i bhfeidhm na scéime leis an earnáil, ach d'fhéadfadh go mbeadh an scéim á feidhmiú ag an Acadamh Tallainne Náisiúnta/Gréasán na Meán faoi choimirce agus faoi stiúir an ILSU. D'fhéadfadh an duine faoi oiliúint a bheith fostaithe ag an ILSU agus pá stipinn / fíorphá maireachtála á íoc leis. Dhéanfadh AD an ILSU maoirseacht ar roghnú na ndaoine a bheadh le cur faoi oiliúint, ar na socrúcháin tionscail agus ar an uainíocht, chomh maith leis an dul chun cinn a rianú (d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar a thionchar ar thallann na hearnála).

## 5. Alt 481 Cuidiú don Ghaeltacht

Tugtar "Alt 481" (Alt 481) ar an gcreidmheas cánach le haghaidh scannáin a sholáthraíonn Alt 481 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (arna leasú). Cuireann S481 borradh breise faoin obair léiriúcháin a bhíonn ar siúl sna réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, Cill Mhantáin agus Corcaigh, i gceantair a shainítear mar "réigiúin chuidithe" faoi na Treoirlínte um Chabhair Réigiúnach. Cuireadh tús leis an mborradh ainmnithe seo le creidmheas cánach breise 5% in 2019 agus fanfaidh sé i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2023. Toisc go bhfuil teorainn ama leis, tá an creidmheas cánach seo á laghdú ar bhonn céimnithe agus laghdaíodh é go dtí 2% in 2023.

Leagtar béim sa Phlean Gníomhaíochta Closamhairc (Colún 4 de Chlár Éire Ildánach) ar a thábhachtaí atá sé tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an acmhainn straitéiseach in earnáil na léiriúchán closamhairc sna réigiúin,[24] frithchothromú a dhéanamh ar an mais chriticiúil mheitreolárnach atá ag léiriúchán i gceantar Bhaile Átha Cliath / Chill Mhantáin. Léiríonn anailís gur éirigh leis an mBorradh Réigiúnach S481 cabhrú le réigiúnú a dhéanamh ar an léiriúchán ó tugadh isteach é i mí Aibreáin 2019[25]. Tá fianaise ann anois, áfach, a léiríonn go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar leibhéal an léiriúcháin sna réigiúin agus ar an bhfostaíocht a théann leis, mar gheall ar an laghdú a tháinig ar an mBorradh Réigiúnach S481[26].

In 2022, chuir Ardán aighneacht i láthair thar ceann Fhóram AV an Iarthair ag iarraidh "Borradh Réigiúnach S481 a athbhunú ag 5%. Chuir an Rialtas síneadh le S481 go dtí 2028 i mBuiséad na bliana 2023 ach níor thug sé le fios go raibh sé i gceist an Borradh Réigiúnach S481 a leathnú nó a athbhunú. Tá Ardán agus páirtithe leasmhara eile fós i mbun stocaireachta leis an Rialtas ar an gceist rí-thábhachtach seo.

Tá moladh eile ag TG4, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, sa chás nach gcuirfí síneadh leis an mBorradh Réigiúnach nó nach mbeadh sé athbhunaithe. Is é an moladh atá againn ná *Borrad*h *Gaeltachta S481* a bhunú. Creidimid go bhfuil cás uathúil teangeolaíoch ann, chomh maith le cúis eacnamaíoch agus chultúrtha go dtacófaí leis an togra seo. Aithnítear na ceantair Ghaeltachta i reachtaíocht an Rialtais agus laistigh de bheartais phoiblí shonraithe. Aithnítear in ionstraimí reachtúla agus pleanála den chineál sin go dteastaíonn reachtaíocht, struchtúir agus

[24] 2017-2022.
[25] Aighneacht Bhuiséad 2023 thar ceann Fhóram AV an Iarthair. Ardán, Lúnasa 2022.
[26] Aighneacht Bhuiséad 2023 thar ceann Fhóram AV an Iarthair. Ardán, Lúnasa 2022.

maoiniú ar leith d'fhonn inmharthanacht na bpobal Gaeltachta a chinntiú mar phobail teanga ar leith a bhfuil oidhreacht shoch-chultúrtha agus teanga áirithe acu.

Léiríonn taighde go soiléir cé go bhfuil an-tábhacht leis an mbeartas eacnamaíoch a thugann tús áite don fhorbairt atá faoi stiúir na fostaíochta, go háirithe i nGaeltachtaí na hÉireann, nach leor é chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ag an nGaeilge mar mhionteanga atá faoi bhagairt. Aithníonn samhail forbartha atá bunaithe ar choincheap "Toradh Teanga ar Infheistíocht" (LROI) an tionchar a bhíonn ag sraith amháin d'idirghabhálacha beartais phoiblí (eacnamaíoch) ar an gcumas sraith eile de chuspóirí atá difriúil ach bainteach leis (teanga) a chothú agus a fhorbairt[27]. Caithfidh an polasaí forbartha don Ghaeltacht tacú le forbairt chomhtháite na bpobal Gaeltachta. Caithfidh sé díriú ar na hearnálacha is fearr atá in ann cur leis an bhforbairt eacnamaíoch agus teanga sa Ghaeltacht. Ina measc seo tá earnáil na teanga, an turasóireacht chultúrtha, earnáil an oideachais nó an earnáil chruthaitheach, geilleagar an eolais, earnáil CREATech, agus forbairt na n-acmhainní nádúrtha srl. Tá sé d'acmhainn ag earnáil na Gaeilge deiseanna fiontraíochta agus fostaíochta a chruthú agus a chothú, agus ós rud é go bhfuil sí bunaithe ar an teanga, cuidíonn an earnáil go mór le neartú na Gaeilge mar theanga oibre, agus mar theanga pobail. Cuireann sí fostaíocht ar fáil i bpobail Ghaeltachta do chainteoirí Gaeilge, rud a choinníonn tallann agus daoine óga sna ceantair seo. Tagann Borradh Gaeltachta S481 leis an ngá atá ann tacaíocht a thabhairt ó thaobh beartais ar leith d'fhonn inmharthanacht leanúnach na bpobal Gaeltachta a chinntiú.

### 6. Tairseach don Fhorbartha ar Scileanna in Earnáil Scáileáin na Gaeilge.

Fadhb mhór d'earnáil an scáileáin is ea gur beag soiléireachta atá ann maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil d'fhorbairt scileanna san earnáil, ó thaobh na soláthraithe, na gcúrsaí agus na dtacaíochtaí atá ann, an chaoi a n-oibríonn siad seo le chéile agus an rud a chuireann siad ar fáil. I gcomhar le páirtithe leasmhara na hearnála, tá sé i gceist ag TG4 suíomh gréasáin aonair (tairseach) a bhunú agus a chothabháil áit a mbeidh tallann uile na meán cruthaitheach Gaeilge in ann teacht ar eolas agus ar naisc i dtaobh gach cúrsa agus gach tacaíocht forbartha scileanna agus tallainne srl atá ann. D'fheidhmeodh sé seo i bhfoirm foinse eolais agus nasc chuig gach ceann de na cúrsaí agus na tacaíochtaí maidir le forbairt scileanna agus tallainne atá ar fáil d'earnáil na scáileán Gaeilge. Go hidéalach, bheadh na cúrsaí agus na tacaíochtaí á gcur i láthar bunaithe ar "leibhéal gairme" (m.sh., iontrálaí nua, saineolaí etc. ), agus eolas ann faoi na tacaíochtaí agus na cúrsaí agus naisc chuig an soláthraí ábhartha. D'fhéadfaí an tairseach seo a fhorbairt agus a chothabháil mar chuid den ILSU agus bheadh pointe iontrála ar fáil don tairseach freisin ar shuíomh idirlín TG4.

### 7. Feachtas Meán Cruthaitheach do Ghaelscoileanna, "Bootcamps" na Meán agus Tionscnaimh Oiliúna eile.

I gcomhar le páirtithe leasmhara eile, tá sé beartaithe ag TG4 clár bolscaireachta a fhorbairt d'iar-bhunscoileanna atá ag teagasc trí Ghaeilge, a bheadh dírithe ar dhaltaí idirbhliana agus ar dhaltaí Ardteiste chun gairmeacha sna meáin chruthaitheacha, lena n-áirítear in earnáil na léiriúchán scáileán, a chur chun cinn. D'fhéadfadh sé seo a bheith bunaithe ar an gclár Idirbhliana *Iriseoirí an Lae Amárach*, Clár Techspace nó samhail FilmG BBC Alba srl. chun daoine óga a spreagadh le bheith páirteach agus a machnamh a dhéanamh ar ghairm in earnáil na meán cruthaitheach. Tá sé i gceist ag TG4 chomh maith sraith de "Ghrodchúrsaí na Meán" a reáchtáil i gceantair éagsúla sa Ghaeltacht gach bliain, dírithe ar "ghairmeacha sna meáin" a chur i láthair. D'fhéadfaí iad seo a cheangal le himeachtaí a bhíonn ag na meáin áitiúla i nGaeltachtaí éagsúla. e.g.: Féile na Meán Ceilteach, Féile Scannán an Daingin srl. Cuirfidh TG4 deiseanna nua intéirneachta agus printíseachta ar fáil do dhaoine a bheadh ag teacht isteach san earnáil. Beidh TG4 ag díriú, ní hamháin ar fhorbairt na tallainne a bhíonn taobh thiar den cheamara (scríbhneoirí, stiúrthóirí, léiritheoirí) agus ar iad a choinneáil, ach díreoidh sé chomh maith ar thallann aisteoireachta na Gaeilge.

### 8. Tacú le Dlúschláir chur ar fáil do Thrádálaithe Aonair ag a bhfuil Ardchumas

Tá sé beartaithe ag TG4 teacht ar roinnt trádálaithe / micrifhiontair sa léiriúchán scáileán a bhfuil ardchumas acu agus fís agus uaillmhian, chomh maith le deiseanna fáis, samhail ghnó inscálaithe, aschur uathúil srl. ach a bhféadfadh go bhfuil ardán fáis uathu. Is é an aidhm atá ann cuidiú leo seo fás go ríghníomhach trí chlár luasaire struchtúrtha. Is éard a bheadh i gceist leis sin: deiseanna poiblíochta i gcomhar le TG4; páirt a ghlacadh i ndlúschlár de chuid CREW; tacaíochtaí eile ó Údarás na Gaeltachta leis an ngnó a fhorbairt; agus, scileanna maidir le hidirnáisiúnú agus forbairt gnó ó Scileanna Físe Éireann/Eoraip na Cruthaitheachta srl.. Is é an cuspóir ná tacú le fiontar agus tallann inbhuanaithe a fhorbairt sa léiriúchán scáileán agus cur leis an bhfostaíocht san earnáil.

[27] Forbairt réigiúnach i gcríocha mionteanga: polasaithe, struchtúir agus idirghabhálacha i nGaeltacht na hÉireann (Ó Neachtain, Éamonn, 2016).

Achoimre ar na príomhghnéithe atá le soláthar de réir bliana:

| Bliain | Príomhghnéithe le Soláthar |
|---|---|
| **2023** | • An Scéim Forbartha Oiliúna a sheachadadh.<br>• Trádálaithe aonair a aithint don chlár Luasaire. |
| **2024** | • An tAonad Scáileáin Gaeilge (ILSU) a bhunú.<br>• An Scéim Forbartha Oiliúna a athdhíriú mar scéim do phrintísigh.<br>• Scéim nua na nIontrálaithe a bhunú.<br>• An Tairseach don Fhorbairt ar Scileanna in Earnáil Scáileáin na Gaeilge a bhunú.<br>• Alt 481 Cuidiú don Ghaeltacht a thabhairt isteach |
| **2025** | • Feachtas na Meán Cruthaitheach agus grodchúrsaí na meán a chur ar fáil. |

## Sprioc 8: TG4 atá inbhuanaithe agus ionchuimsitheach a thógáil.

### Achoimre ar na Príomhthograí / Príomhghníomhartha

- Straitéis Inbhuanaitheachta & Plean Gníomhaíochta (a chlúdaíonn an Ghaeilge, an comhshaol, léiriúchán, oibríochtaí, daoine, rialachas etc.).
- Ábhar TG4 a bheith á aimsiú agus á úsáid trí infheistíocht a dhéanamh in anailísíocht agus i dteicneolaíocht, i gcórais chraolta agus dáileacháin ábhair.
- TG4+1 a bhunú ar Saorview.
- Dea-chleachtais chibearshlándála agus DR á gcur i bhfeidhm go leanúnach.
- Infheistíocht i nDaoine, lena n-áirítear acmhainní cruthaitheacha.

### Infheistíocht atá Beartaithe in 2023-2025 (féach Cuid 5)

Sa bhliain 2025, caithfidh TG4 €2.87m sa bhreis ar a chinntiú gur eagraíocht inbhuanaithe é TG4 (i gcomparáid lenár gcaiteachas in 2022):

- Infheistíocht bhreise de €2.08m in 2023.
- €483k eile sa bhreis air sin in 2024.
- €311k eile sa bhreis air seo in 2025.
- Go carnach thar na trí bliana, tagann sé seo go dtí infheistíocht bhreise de €7.5m ina iomlán.

### Spriocanna Aschuir

- Straitéis Inbhuanaitheachta 5 Bliana & Plean Gníomhaíochta forbartha.
- TG4+1 bunaithe ar Sheinnteoir Saorview agus tuilleadh forbartha déanta ar Sheinnteoir TG4.
- Bainistiú dea-chleachtais ar chibearshlándáil agus ar DR.
- Uasghrádú ar áiseanna agus ar chórais Stiúideo 2.
- Infheistíocht in ardáin agus i gcórais Dáileacháin Ábhair.
- Plean Forfheidhmithe um Laghdú Carbóin i bhfeidhm.
- Na cumais chruthaitheacha riachtanacha curtha ar fáil.

### Spriocthorthaí

- Tá cumais TG4 ailínithe le todhchaí an tionscail.
- É níos fusa ábhar TG4 a aimsiú, a fheiceáil agus a fháil, d'fhonn teacht ar lucht féachana breise agus iad a mhealladh.
- Astaíochtaí carbóin laghdaithe, coigilteas ar fhuinneamh agus dramhaíl laghdaithe.
- Fostaithe níos sásta.
- Cosaint don Ghaeilge agus do phobal na Gaeilge, tuilleadh iolarthachta agus uileghabhálachta.
- Tá an rialachas corparáideach ag teacht le ESG; meastar TG4 a bheith níos iontaofa ná riamh.

Sprioc ríthábhachtach is ea go ndéanfaí inbhuanaitheacht fhadtéarmach TG4 a chinntiú don todhchaí, chomh maith lena chinntiú gur eagraíocht éagsúil agus chuimsitheach a bheadh ann. Tá roinnt gnéithe a bhaineann leis seo atá mar bhonn agus mar thaca ag na gníomhartha atá beartaithe againn thar thréimhse na straitéise do 2023-2025. Ina measc seo tá gníomhartha faoi théamaí inbhuanaitheacht na Gaeilge, inbhuanaitheacht an chomhshaoil, inbhuanaitheacht shóisialta, chomh maith le rialachas ("ESG"):

- An Ghaeilge: Ní tionscnamh don craoltóireacht amháin é TG4 mar go bhfuil ról suntasach aige freisin maidir le hinbhuanaitheacht na Gaeilge, lena n-áirítear cur chun cinn agus forbairt na teanga agus stádas náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach di, mar a fheileann chéad teanga oifigiúil an stáit.
- An Comhshaol: táirgeadh agus oibríochtaí inbhuanaithe.
    - Inbhuanaitheacht ó thaobh táirgíochta de: an tionscal scáileáin a bheadh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de in Éirinn.
    - Inbhuanaitheacht ó thaobh foirne de: sláinte agus folláine na bhfostaithe agus Éagsúlacht, Cothromas & Cuimsiú (DEI).
    - Inbhuanaitheacht ó thaobh ár n-oibríochtaí de: caighdeán den scoth ó thaobh córais oibríochtúla, córais chibearshlándála agus téarnamh ó thubaiste (DR) etc.
- Inbhuanaitheacht Shóisialta: de bharr go tacaíonn sé leis an nGaeilge, le pobal na Gaeilge agus leis an nGaeltacht bíonn tionchar suntasach ag TG4 freisin ar chultúr agus ar ealaíona na hÉireann, ar an bhforbairt réigiúnach agus tuaithe, agus ar chuimsiú sóisialta pobal mionteanga.
- Rialachas: maoirseacht ar ardchaighdeán agus a bheith ina eagraíocht iontaofa.

### 1. Straitéis Inbhuanaitheachta TG4

Agus muid á bhunú ar an múnla traidisiúnta "ESG", tá sé i gceist ag TG4 straitéis agus plean gníomhaíochta "GESG" a fhorbairt. Léiríonn an litir G go bhfuil an Ghaeilge san áireamh, toisc go bhfuil inbhuanaitheacht na teanga bunúsach do gach rud a dhéanann TG4. Cuirtear achoimre de phríomhcholúin an GESG i láthair thall.

Tá sé mar chuspóir ag TG4 straitéis agus plean gníomhaíochta GESG a fhorbairt a chomhlíonfaidh ceanglais an AE agus a bhainfidh teastas B Corp amach, rud a thabharfaidh le fios go bhfuil TG4 chun tosaigh ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, laistigh de na cúig bliana amach romhainn. Leanfaidh TG4 ag obair le páirtithe leasmhara sa Rialtas, san Eoraip agus san earnáil chun ár straitéis a ailíniú le

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus leis na ceanglais rialála ábhartha ar fad.

Tá sé beartaithe ag TG4 bainisteoirí agus baill foirne a thabhairt le chéile i gceithre ghrúpa oibre chun ár bpleananna gníomhaíochta sonracha i leith an GESG a threorú. Beidh siad ag plé leis an bhfoireann ar fad agus lenár soláthraithe ar mhaithe le hathraithe a chur i gcrích. Fostófar saineolaí/sainchomhairleoir ar chúrsaí inbhuanaitheachta a chabhróidh le TG4 agus straitéis agus Plean Gníomhaíochta GESG TG4 á fhorbairt, lena chinntiú go mbeidh muid ag dul i ngleic leis na príomhréimsí ar fad agus go mbeidh na dea-chleachtas idirnáisiúnta curtha i bhfeidhm againn.

| Piléir | Gaeilge | Environment | Social | Governance |
|---|---|---|---|---|
| | An teanga a chothú | Craoladh go hinbhuanaithe | Gach rud a chur san áireamh | Gníomhú go freagrach |
| Príomhspriocanna | • Straitéis forbartha do scileanna na hearnála<br>• Poist a chruthú chun cainteoirí Gaeilge a choinneáil sna réigiúin<br>• Straitéis chun tacú le seachadadh idirghlúine na teanga<br>• Stádas náisiúnta a thabhairt don teanga<br>• Straitéis chun ár dteanga bheo a chur chun cinn<br>• Éiceachóras digiteach a chruthú don Ghaeilge | • 100% den táirgeadh inbhuanaithe<br>• 100% den ábhar inbhuanaithe<br>• Neodracht charbóin bainte amach faoi 2030<br>• Straitéis dhigiteach a chur i bhfeidhm – dramhaíl a laghdú<br>• Sreafaí oibre níos éifeachtúla a chur i bhfeidhm<br>• Áiseanna craolta & léiriúcháin a dhíchaipitiú | • Níos mó DEI a bhaint amach ar an scáileán & taobh amuigh de<br>• Tacú le tionscnaimh DEI i bpobail spéise<br>• An earnáil a éagsúlú<br>• Gníomhaíochtaí for-rochtana agus gníomhaíochtaí pobail a eagrú<br>• Tacú le ceol, ealaíona & cultúr cuimsitheach | • Straitéis Inbhuanaitheachta<br>• Plean Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta<br>• Neodracht faoi 2030<br>• Deimhniú B Corp<br>• Marc 'Keep Well'<br>• Tuairisciú ar GRI/CSRD |
| Curtha i gcrích go dtí seo | • Conarthaí ilbhliantúla<br>• Cúrsaí oiliúna & socrúcháin<br>• Gréasán na Meán<br>• Cine 4<br>• Clár na hIdirbhliana<br>• Cartlann Ábhar | • Deimhniú Albert<br>• Straitéis Ghlasaithe Scáileáin<br>• Painéil ghréine<br>• Bearta coigilte fuinnimh curtha i bhfeidhm<br>• Digitiú ar bun<br>• Gníomhaíochtaí bithéagsúlachta curtha i bhfeidhm | • Fóram na Seaimpíní<br>• Tionscnamh Éire Ildánach<br>• Comhpháirtíocht le LGFA<br>• Polasaí maidir le fleisc-am<br>• Dínit san ionad oibre<br>• Oiliúint maidir le néara-éagsúlacht<br>• Clár folláine | • Sonraí bonnlíne<br>• Tuairisciú SEAI<br>• Ráiteas Bliantúil ar Ghealltanais Feidhmíochta<br>• Treochlár Inbhuanaitheachta<br>• Tuairisciú Bliantúil<br>• Tuairisc Fios Físe<br>• Clár Riosca |
| Le déanamh | • Cainéal Cúla4<br>• Seirbhís Nuachta TG4<br>• TG4 Foghlaim<br>• Moil Oiliúna réigiúnach | • Neodracht charbóin<br>• Feirm ghréine<br>• Plean bithéagsúlachta<br>• Ábhar maidir le hinbhuanaitheacht a choimisiúnú<br>• Tionscnamh an gheilleagair chiorclaigh | • Straitéis DEI<br>• Oiliúint DEI<br>• Clár for-rochtana<br>• Comhpháirtíochtaí le hÉire Ildánach<br>• Iniúchadh ar inrochtaineacht | • Plé leis na páirtithe leasmhara<br>• Tús áite a thabhairt do shaincheisteanna<br>• Straitéis a fhorbairt<br>• Faomhadh an Bhoird<br>• Plean Gníomhaíochta<br>• Plean cumarsáide |

## 2. Gníomhaíochtaí don Inbhuanaitheacht Comhshaoil

Mar chuid dár straitéis GESG, leanfaidh TG4 de bheith ag infheistiú in oibríochtaí inbhuanaithe agus san inbhuanaitheacht comhshaoil. Tá glactha ag TG4 leis an gCreat um Ghníomhú ar son na hAeráide agus tá sé mar chuid de chóras tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Tá infheistíocht á déanamh againn ionas go mbeidh úsáid níos éifeachtúla á baint againn as fuinneamh agus go mbeidh an dramhaíl á laghdú / á dhíothú. Is iad seo na príomhspriocanna:

- Éifeachtúlacht fuinnimh: Is é sprioc TG4 le haghaidh 2030 ná éifeachtúlacht fuinnimh 50% (laghdú 50% ó bhonnlíne 2009); agus,
- Laghdú ar CO2: Is í sprioc TG4 le haghaidh 2030 ná laghdú 50% ar CO2 (laghdú 50% ón meán bhonnlíne i 2016, 2017 agus 2018).

I rith 2023 agus suas go dtí 2025, cuirfidh TG4 na nithe seo a leanas i gcrích:

- Táirgeadh 5% de d'úsáid fuinnimh TG4 ó fhoinsí fuinneamh in-athnuaite (is ionann é sin agus 300,000Kwh nó 104,000Kg CO2.
- Cuirfear bailitheoir painéal gréine, 100kw, bunaithe ar an talamh isteach.
- Beidh uasghrádú déanta ar shoilse LED.
- Beidh staidéar féidearthachta curtha i gcrích maidir leis an gcaoi a mbainfidh TG4 spriocanna laghdaithe carbóin 2030 amach. Áireofar leis sin, mar shampla, a oibriú amach cén infheistíocht a bheidh riachtanach chun uasghrádú a dhéanamh ar fhoirgnimh, d'fhonn an mhais theirmeach a fheabhsú, mar aon le bearta chun athrú ó dhóiteoirí ola etc.

## 3. Gníomhaíochtaí Léiriúcháin Inbhuanaithe

Mar chuid dár straitéis i leith GESG, tá TG4 ag tacú le léiritheoirí Éireannacha tionscal scáileán inbhuanaithe a chruthú in Éirinn. Mar chuid de sin, tá TG4 ag obair le Albert[28] agus ScreenGreening[29] ionas gur féidir caighdeáin níos airde ó thaobh na hinbhuanaitheachta comhshaoil a bhaint amach laistigh den tionscal. Tá áireamhán carbóin i gceist le foireann uirlisí Albert chomh maith le Plean Gníomhaíochta Carbóin chun deimhniúchán a bhaint amach. Bhí ar gach léiriúchán a choimisiúnaigh TG4 ón mbliain 2021 ar aghaidh úsáid a bhaint as áireamhán carbóin Albert ar

[28] Tionscadal ar inbhuanaitheacht chomhshaoil in earnáil na scáileán arna óstáil ag BAFTA.

[29] Is iad TG4, RTÉ, Virgin Media Television, Fís Éireann, Screen Producers Ireland agus Coimisiún na Meán na baill.

mhaithe le monatóireacht a dhéanamh ar an lorg carbóin. I rith 2023 agus suas go dtí 2025, leanfaimid orainn ag obair le cuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha de chuid na hÉireann chun cuidiú leo a bPleananna Gníomhaíochta Carbóin a chur i gcrích agus chun Deimhniú Albert a bhaint amach.

## 4. Infheistíocht i nDaoine

Tá infheistíocht á déanamh ag TG4 i bhfolláine agus i meabhairshláinte na foirne. Tá ról suntasach ag an oiliúint agus ag an bhforbairt freisin ó thaobh cur ar chumas TG4 feidhmíocht ár bhfoirne a fheabhsú, feabhas leanúnach a chur ar fheidhmíocht agus a bheith ag fás agus ag cruthú táirgí nua. Táimid ag díriú ar thacaíocht a thabhairt don fhorbairt foirne lena chinntiú go mbeidh sé ar acmhainn ár bhfoirne dul i ngleic le straitéisí agus struchtúir TG4 de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn. Táimid ag díriú freisin ar chomharbas agus ar bhainistíocht eolais. In 2023, tomhaisfimid Sástacht na bhFostaithe trí shuirbhé a dhéanfar ar fud TG4. Cuirfidh na torthaí a thiocfaidh ón suirbhé seo lenár bpleananna mionsonraithe le haghaidh 2024 agus 2025.

## 5. Gníomhaíochtaí don Éagsúlacht, don Chothromas & don Cuimsitheacht

Le dhá bhliain anuas, tá TG4 ag neadú na hÉagsúlachta, an Chothromais agus an Chuimsithe (DEI) i ngach rud a dhéanann TG4, ar an scáileán agus taobh amuigh den scáileán. Ghlacamar le straitéis nua DEI, agus chuireamar tionscnaimh ar bun chun aghaidh a thabhairt ar DEI in earnáil scáileáin na hÉireann. Is ball muid de Ghrúpa Stiúrtha Litearthacht sna Meáin, Éire & táimid inár gCathaoirleach ar Fhoghrúpa na Gaeilge. Bímid ag plé le páirtithe leasmhara an lucht míchumais mar chuid dár dtiomantas a chinntiú go gcomhlíonfaimid ár spriocanna inrochtaineachta agus d'fhonn ionchuimsitheacht a chinntiú inár n-ábhar agus inár seirbhísí. Thar thréimhse na straitéise, beidh oiliúint bhreise maidir le DEI á cur ar fáil againn agus cuirfimid iniúchadh ar inrochtaineacht i gcrích, i measc gníomhartha eile.

## 6. Rialachas & Gníomhaíochtaí Iontaobhais

Tá rialachas láidir bunúsach chun go mbeidh rath orainn agus leanfaidh TG4 ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil maoirseacht ar ardchaighdeán ag an eagraíocht, lena n-áirítear struchtúir láidre rialachais ESG de réir mar is cuí. Bunófar iad seo mar chuid den fhorbairt ar straitéis, beartais agus próisis an ESG. Tomhaisfimid dearcadh an phobail i leith TG4 mar eagraíocht iontaofa chomh maith.

## 7. Infheistíocht in Ardáin & i gCórais

Leanfaidh TG4 de bheith ag déanamh infheistíochta i ndáileadh ábhair agus in ardáin. Neartóimid ár seasamh ar na hardáin atá ann cheana agus ar ardáin nua dáileacháin de réir mar a leanfaidh siad ag teacht chun cinn. Chomh maith leis sin, táimid ag leathnú amach ár seirbhísí craolacháin líneacha, lena n-áirítear seirbhís TG4+1 a bhunú ar Saorview. Tá sé ríthábhachtach do TG4 go mbeadh sé feiceálach agus inaimsithe. Cinnteoimid go n-aimseofar ár n-ábhar agus go mbainfear úsáid as trí infheistíocht a dhéanamh in anailísíocht lucht féachana agus sna teicneolaíochtaí cuí, trí choimeádaíocht ábhair agus trí mhargaíocht, agus trí chomhpháirtíochtaí dáileacháin ábhar.

Cinnteoimid freisin go mbeidh ár gcórais chraolta oibríochtúla in oiriúint don todhchaí agus go mbeidh siad éifeachtúil. Le linn thréimhse na straitéise, déanfaimid athbhreithniú ar riachtanais ár gcóras stiúideo agus ár gcóras craolta agus déanfaimid infheistíocht in uasghráduithe orthu, de réir mar is gá. Tá sé i gceist againn ár n-áiseanna stiúideo a uasghrádú thar thréimhse na straitéise. Is é an aidhm atá againn ná an stiúideo a athfhorbairt agus a nuachóiriú, chomh maith leis na háiseanna gailearaí, le gur féidir freastal ar shraitheanna éagsúla den léiriú inmheánach (mar shampla, nuacht, aimsir agus spóirt).

Leanfaidh TG4 de bheith ag déanamh infheistíochta i ndáileadh ábhar agus in ardáin. Leanfaimid orainn chomh maith ag infheistiú i gcibearshlándáil agus i dTéarnamh Tubaiste (DR) lena n-áirítear teicneolaíochtaí, beartais agus cleachtais agus oiliúint feasachta slándála don fhoireann.

## 8. Infheistíocht in Acmhainní Cruthaitheacha

Thar thréimhse na straitéise, tá sé mar aidhm ag TG4 infheistíocht a dhéanamh i bpríomhacmhainní chun cabhrú leis an straitéis a bhaineann leis na hardáin a leathnú amach, a chur i bhfeidhm. De bharr go bhfuil roinnt bealaí nua againn (Cúla4 agus TG4+1), go bhfuil fás tagtha ar ár n-ardáin neamhlíneacha, ar chúrsaí dáileacháin agus ar ár gcomhpháirtíochtaí, chomh maith le fás a bheith tagtha ar ár mbrandaí (Nuacht TG4, Fís Scoile, Spórt TG4, srl.) caithfidh TG4 a chinntiú go bhfuil cumas láidir againn ó thaobh comhordaithe brandaí agus cruthú ábhair. Tá sé i gceist againn comhordaitheoir brandaí a cheapadh chun treoir a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm na mbrandaí nua ar fad chomh maith le caighdeán an bhranda a choinneáil ar fud ár seirbhísí ilardáin. Anuas air sin ceapfaimid beirt chun ábhar nua a chruthú, agus

beidh na scileanna acu seo chun speisialtóireacht a dhéanamh mar a bhaineann le hábhar digiteach a chruthú dár n-ardáin shóisialta agus dár n-ardáin dhigiteacha, don Mhol Oideachais nua agus do gach soláthar ábhair oideachais. Is é an cuspóir atá againn ná a chinntiú go mbeidh tuilleadh amhairc ag an ábhar gearr a chuirfear ar fáil don oideachas, go mbeidh an lucht féachana gafa leis agus go mbeidh ábhar TG4 á chur chun cinn ar fud na n-ardán ar mhaithe leis an lucht féachana níos óige a chur ar an eolas, oideachas a chur orthu agus iad a spreagadh. Déanfaimid iarracht freisin ár mbranda amhairc a shaibhriú ar ár n-ardáin dhigiteacha éagsúla, dála Sky Glass, Vodafone agus Virgin Media srl. Tríd is tríd, tá sé mar aidhm againn go mbeadh feasacht den scoth ag branda TG4 i measc an lucht féachana ar fad.

Achoimre ar na príomhghnéithe le soláthar de réir bliana:

| Bliain | Príomhghnéithe le soláthar |
|---|---|
| **2023** | • TG4+1 bunaithe ar Saorview.<br>• An Straitéis Inbhuanaitheachta & An Plean Gníomhaíochta agus na hacmhainní tacaíochta curtha ar fáil.<br>• Dea-chleachtais maidir le cibearshlándáil & DR á gcur i bhfeidhm go leanúnach.<br>• Infheistiú in ardáin agus i gcórais dáileacháin ábhair. |
| **2024** | • Staidéar féidearthachta curtha i gcrích maidir le spriocanna laghdaithe carbóin 2030 a bhaint amach. Plean forfheidhmithe a fhorbairt.<br>• Uasghrádú ar Stiúideo 2 agus ar áiseanna an ghailearaí.<br>• Dea-chleachtais maidir le cibearshlándáil & DR á gcur i bhfeidhm go leanúnach.<br>• Spriocanna an Phlean Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta do 2024 á gcur i bhfeidhm.<br>• Infheistiú in ardáin agus i gcórais dáileacháin ábhair.<br>• An Comhordaitheoir Brandaí nua agus Cruthaitheoir Ábhair nua amháin i mbun oibre. |
| **2025** | • Plean maidir le cur i bhfeidhm an laghdaithe carbóin - gníomhaíochtaí le haghaidh 2025 curtha ar fáil.<br>• Spriocanna an Phlean Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta do 2025 curtha i bhfeidhm.<br>• Infheistiú in ardáin agus i gcórais dáileacháin ábhair.<br>• An Cruthaitheoir Ábhair nua i mbun oibre. |

# Achoimre ar na Príomhthograí / Príomhghníomhartha de réir na Bliana 2023-2025

| | Seirbhísí Leanaí | An Lucht Féachana Níos Óige | Acmhainní Oideachais | Nuacht & Cúrsaí Reatha | Ealaíona, Cultúr & Oidhreacht agus Spórt na hÉireann | Scannánaíocht & Drámaíocht na Gaeilge | Infheistiú san Earnáil Léiriúcháin | TG4 Inbhuanaithe & Cuimsitheach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2023** | Cúla4 a bhunú mar chainéal Gaeilge dírithe ar pháistí.<br><br>Taighde nua ar pháistí. | Ár n-infheistíocht in ábhar Gaeilge do lucht féachana faoi bhun 35 bliain d'aois a mhéadú. | Punann Acmhainní Oideachais TG4 bunaithe ar churaclaim a leathnú. | Ceannaire Nuachta & Cúrsaí Reatha TG4 i mbun oibre.<br><br>Fís & straitéis Nuacht.<br><br>Comhráití le Coimisiún na Meán agus RTÉ.<br><br>Athbhrandáil ar Nuacht TG4 (leanúnach).<br><br>Láithreacht ar líne.<br><br>Seirbhís nuachta do pháistí. | Straitéis na Cartlainne Digití.<br><br>TG4 BEO bunaithe. | Scála agus tionchar Cine4 a leathnú.<br><br>Scéimeanna nua gearrscannáin agus gearrdhrámaí. | An Scéim Forbartha Oiliúna (SFO) a sheachadadh. | Cainéal TG4+1 a bhunú ar Saorview.<br><br>Straitéis GESG TG4 a sheachadadh.<br><br>Na cleachtais is fearr i leith cibershlándáil & DR<br><br>Ardáin & Córais Ábhar Dx |
| **2024** | Forbairt anamúlachta do leanaí a bhunú & infheistíocht a dhéanamh i Spórt Cúla4 agus i Sobal Dráma. | Painéal Comhairleach na nÓg maidir leis na Meáin a bhunú.<br><br>Infheistíocht leanúnach in ábhar do lucht féachana faoi bhun 35 bliain d'aois. | An Mol Oideachais<br><br>Sraith oideachais do bhunscoileanna<br><br>Abhar i bhfoirm gearrmhíreanna.<br><br>Sraith Oideachas Siamsiúil. | Clúdach "súil eile" TG4 ar na Toghcháin.<br><br>Podchraoltaí digiteacha. | Fiosrú agus sainaithin ar an rogha is fearr chun Spórt TG4 a fhorbairt<br><br>Sreafaí oibre cartlainne nua a fhorbairt.<br><br>Leanúint le digitiú na cartlainne téipe. | Forbairt anamúlacht do leanaí a bhunú<br><br>Scéimeanna faisnéise nua a sheachadadh.<br><br>Cine4 agus scéimeanna gearrscannáin/gearrdhrámaíochta curtha ar fáil. | ILSU a bhunú.<br><br>SFO a athfhíriú mar scéim do phrintísigh.<br><br>Scéim na nIontrálaithe Nua a bhunú.<br><br>An Tairseach d'Fhorbair Scileanna in Earnáil Scáileáin na Gaeilge a bhunú.<br><br>Alt 481 den Bhorradh Gaeltachta a chur ar fáil. | • Staidéar féidearthachta ar spriocanna laghdaithe carbóin 2030.<br>• Uasghrádú ar Stiúideo 2 agus ar áiseanna an ghailearaí.<br>• Dea-chleachtais maidir le slándáil agus DR.<br>• Gníomhaíochtaí Straitéise don Inbhuanaitheacht.<br>• Ardáin & córais d'Ábhar Dx<br>• Brandáil chruthaitheach & acmhainní ábhair |
| **2025** | Infheistíocht leanúnach san bhforbairt anamúlachta, Spórt Cúla4 agus Sobal Dráma | Infheistíocht leanúnach in ábhar do lucht féachana faoi bhun 35 bliain d'aois. | Mar atá thuas móide:<br><br>Sraith oideachais do mheánscoileanna<br><br>Sraith Oideachais do dhaoine fásta. | • Smacht eagarthóireacht a aistriú.<br>• Acmhainní i bhfeidhm.<br>• Seoladh branda nua lena n-áirítear cuma nua stiúideo.<br>• Scéim oiliúna iriseoireachta bunaithe.<br>• Cur chuige ina bhfuil an scéal lárnach i bhfeidhm. | Tuilleadh infheistíochta in ealaíona, i gcultúr agus i spórt na hÉireann.<br><br>Tionscadal oidhreachta grianghraf/íomhá cartlainne a sheachadadh. | Infheistíocht leanúnach san bhforbairt anamúlachta, scéimeanna faisnéise, Cine4 agus scéimeanna gearrscannánaíochta/gearrdhrámaíochta. | Feachtas na Meán Cruthaitheach & Grodchúrsaí. | Gníomhaíochtaí laghdaithe carbóin.<br><br>Infheistíocht i gcóras.<br><br>Acmhainn don ábhar chruthaitheach |

# 6. Maoiniú Breise & Cúrsaí Airgeadais 2023-2027

## Maoiniú TG4

B'ionann Deontas Cabhrach TG4 le haghaidh 2022 (gan maoiniú caipitil a chur san áireamh) agus €43.385m, ina raibh: maoiniú reatha (€40.733m); deontas caipitil don chlársceideal (€2.2m); Maoiniú Cartlainne ó Choimisiún na Meán (€236k); Maoiniú NDNA (€100k); agus, HD Forlíontach (€116k). Tháinig €2m breise ón maoiniú caipitil, rud a d'fhág go raibh an maoiniú iomlán le haghaidh 2022 ag €45.4m. Tá achoimre tugtha thíos ar mhaoiniú agus ar chaiteachas TG4 don bhliain 2022.




Seasann maoiniú poiblí 2023 ag €52.33m. D'fhonn Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm, táimid ag lorg ardú €10.6m ar ár maoiniú poiblí in 2024, ardú €10.7m in 2025 agus ardú €10 mdo 2026 agus 2027 araon. Tabharfadh sé seo an maoiniú poiblí a fhaigheann TG4 suas go dtí €93.66m faoi 2027. Mar atá léirithe sa tábla thíos, tá an maoiniú atá á iarradh le haghaidh 2024 agus 2025 níos airde ná an méid a bhí iarrtha i bhFís Théis Covid TG4 don dá bhliain sin, toisc nach bhfuair TG4 ach €4.2m den €10.1m a bhí á lorg don bhliain 2022 agus €7.2m den €9.2m a bhí á lorg don bhliain 2023.

| Maoiniú €m | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fís Théis Covid: | | | | | | | |
| Ardú Maoiniú Poiblí | - | €10.10 | €9.20 | €9.20 | €9.30 | N/A | N/A |
| **Maoiniú Poiblí Iomlán** | **€40.80** | **€50.90** | **€60.10** | **€69.30** | **€78.60** | **N/A** | **N/A** |
| Stráitéis TG4 2023-2027: | | | | | | | |
| Ardú Maoiniú Poiblí | - | €4.2 | €7.3 | €10.61 | €10.72 | €10.00 | €10.00 |
| **Maoiniú Poiblí Iomlán** | **€40.80** | **€45.03** | **€52.33** | **€62.94** | **€73.66** | **€83.66** | **€93.66** |

[30]

## Éiceachóras PSM na hÉireann a Mhaoiniú

Chuirfeadh an leibhéal maoinithe seo dóthain maoinithe ar fáil do TG4 agus bheadh maoiniú níos fearr á chur ar fáil in éiceachóras PSM na hÉireann. Creideann TG4 gur cheart go mbeadh an oiread céanna de mhaoiniú poiblí agus a leithdháiltear ar RTÉ á roinnt idir Fís Éireann, TG4 agus Ciste Fuaim agus Fís Choimisiún na Meán, toisc go bhfuil siad ag maoiniú ábhar seirbhíse poiblí, i.e., ba cheart méid a bheadh coibhéiseach leis an maoiniú poiblí a fhaigheann RTÉ á leithdháileadh agus á roinnt 40:40:20 idir TG4, Fís Éireann agus Fuaim & Fís Choimisiún na Meán faoi seach, mar atá achoimrithe sa bhfigiúr thíos.

B'ionann maoiniú poiblí €93.66m faoin mbliain 2027 agus 48% den ioncam a fuair RTÉ ó tháillí ceadúnais in 2021. Cé nach mórán é le hais an méid a fhaigheann RTÉ gach bliain, chuideodh sé le cothromaíocht a chruthú ó thaobh an mhaoinithe don PSM agus chabhródh sé le leasú a dhéanamh ar an gcóras dolúbtha PSM atá againn in Éirinn. Chomh maith leis sin bheadh an leibhéal maoinithe seo níos gaire don scála maoinithe poiblí atá ag S4C.




30 Ní áirítear san €45.03m do 2022 maoiniú €236k ó Coimisiún na Meán ná maoiniú €116k i leith maoiniú breise do HD.

## An Leithdháileadh Maoinithe atá Molta do TG4 do 2023-2025

Toisc é a bheith ina phríomh-mhaoinitheoir ar earnáil an léiriúcháin scáileáin i réigiúin na hÉireann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath/Cill Mhantáin, beidh tionchar ag an ardú maoinithe seo ar scála na hearnála sna réigiúin. Bunaithe ar ár bplean gníomhaíochta trí bliana do 2023-2025, deimhníonn an múnla Foilsitheoir-Craoltóir de chuid TG4 go ndéanfar 78% den mhaoiniú breise a infheistiú in earnáil na léiriúchán neamhspleách in Éirinn, go háirithe i gcuideachtaí réigiúnacha (ag teacht leis an leibhéal infheistíochta a dhéanann TG4 san earnáil faoi láthair). Is éard atá sa chaiteachas seo ná caiteachas ar choimisiúnú agus infheistíocht in oiliúint agus i dtacaíochtaí forbartha margaidh don earnáil. Ar cheann de phríomhfhócais straitéis TG4 tá an infheistíocht i réigiúin na hÉireann agus beidh an chuid is mó den mhaoiniú breise infheistithe san earnáil chruthaitheach sna réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath / Cill Mhantáin thar na ceithre bliana.

Is é an dara príomhfhócas i straitéis TG4 ná cabhrú le hathchothromú a dhéanamh ar dhéimeagrafaíocht na meán Gaeilge i bhfabhar na ndaoine óga, mar gurb iad seo a chinnteoidh todhchaí na Gaeilge mar theanga phobail.

Ag léiriú ár bplean gníomhaíochta mionsonraithe trí bliana, faoi 2025, tá sé mar aidhm ag TG4 an €28.625m breise a infheistiú (do na trí bliana 2023-2025) mar atá léirithe sa chairt thall. Déanfar leithdháileadh beacht an maoiniú breise atá dhá lorg don dá bhliain dheirneach (2026 + 2027), a leithdháileadh in 2025. Léireoidh an leithdháileadh toradh athbhreithniú Choimisiún na Meán, mar aon le fócas leanúnach TG4 ar ábhar agus seirbhísí na hearnála léiriúcháin neamhspleácha, ábhar agus seirbhísí do leanaí agus daoine óga, seirbhísí oideachais, scannánaíocht agus drámaíocht Ghaeilge agus nuacht & cúrsaí reatha srl.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach léiríonn na figiúirí thuas an caiteachas iomlán carnach ar gach seánra nó lucht féachana srl. thar na trí (3) bliana. Ina ionad sin, léiríonn siad an infheistíocht bhreise i ngach réimse in 2025 i gcoinne 2022, i.e., ag deireadh na straitéise. Tá caiteachas carnach do phlean gníomhaíochta mionsonraithe trí bliana TG4 do gach ceann de na hocht (8) sprioc a chuirtear i láthair, leagtha amach i Roinn 5.

Chomh maith le freastal níos fearr a dhéanamh ar lucht féachana TG4, rachaidh an infheistíocht bhreise seo go mór chun tairbhe don eacnamaíocht, don tionscal agus don tsochaí, mar atá leagtha amach i Roinn 7.



### Úsáid atá Beartaithe don Mhaoiniú Breise - Straitéis TG4 2023-2025 (bunaithe ar an bplean gníomhaíochta trí bliana mionsonraithe do 2023-2025)

| €'000 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|
| **An Maoiniú Reatha:** | | | |
| Seirbhísí Leanaí | 3,300 | 4,345 | 1,375 |
| An Lucht Féachana Níos Óige | 555 | 1,300 | 900 |
| Acmhainní Oideachais | 180 | 1,397 | 2,400 |
| Nuacht & Cúrsaí Reatha | 960 | 500 | 581 |
| Ealaíona, Cultúr & Oidhreacht agus Spórt na hÉireann | | 1,810 | 2,427 |
| Scannánaíocht & Drámaíocht na Gaeilge | 100 | 100 | 1,200 |
| Infheistiú san Earnáil Léiriúcháin[31] | 125 | 550 | 1,010 |
| TG4 Inbhuanaithe & Cuimsitheach | 2,080 | 443 | 121 |
| **An Maoiniú Reatha Bliantúil san Iomlán** | **7,300** | **10,445** | **10,014** |
| **Maoiniú Reatha Carnach Breise** | **7,300** | **17,745** | **27,759** |
| | | | |
| **An Maoiniú Caipitil:** | | | |
| Tairseach Leanaí & Ábhar Ar Líne | | 20 | |
| Tairseach Cartlainne & Cultúir TG4 | | 100 | |
| Cíbearshlándáil & DR | | 40 | 40 |
| Plean Forfheidhmithe um Laghdú Carbóin | | | 50 |
| Nuacht & Cúrsaí Reatha (lena n-áirítear uasghrádú stiúideo agus gailearaí) | | | 615 |
| Caiteachas caipitil bonnlíne | 4,200 | 4,200 | 4,360 |
| **An Maoiniú Caipitil Bliantúil Iomlán** | **4,200** | **4,360** | **5,065** |

## Réamh-mheastacháin Airgeadais

Cuirtear Achoimre Ráiteas Ioncaim do na cúig bliana den Ráiteas Straitéise (2023 – 2027) i láthair thíos. Cuirtear achoimre ar na harduithe caipitil agus maoinithe reatha i láthair ina dhiaidh sin.

**Achoimre Ráiteas Ioncaim - Straitéis Roghnaithe: 2022 - 2027**

| | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam Tráchtála Glan | 4,054,672 | 4,400,041 | 4,800,000 | 5,250,000 | 5,650,000 | 6,030,000 |
| Caiteachas | | | | | | |
| Costas Foirne & Bord | 7,053,551 | 8,592,247 | 9,609,018 | 10,338,112 | 11,344,874 | 12,571,772 |
| Costas Clár | | | | | | |
| Coimisiúnaithe agus Dubáilte | 28,521,496 | 31,105,677 | 38,850,677 | 46,610,677 | 54,325,884 | 62,004,491 |
| Costas Fotheidil | 302,259 | 520,000 | 670,000 | 745,000 | 834,400 | 934,528 |
| Oiliúint & Forbairt Earnála | 629,883 | 975,000 | 1,630,000 | 2,710,000 | 3,102,000 | 3,472,400 |
| Costas Eile Clár (lena n-áirítear ceol agus dleachtanna taibhithe) | 1,217,027 | 1,144,326 | 1,497,326 | 1,862,326 | 2,162,326 | 2,462,326 |
| Ceannacháin | 3,606,170 | 4,159,866 | 4,459,866 | 4,609,866 | 4,909,866 | 5,209,866 |
| | 34,276,835 | 37,904,869 | 47,107,869 | 56,597,869 | 65,334,476 | 74,083,611 |
| Costas Tarchur | 1,395,188 | 2,320,833 | 2,320,833 | 2,320,833 | 2,500,000 | 2,500,000 |
| Margaíocht & Meán Sóisialta | 2,254,517 | 2,965,604 | 3,161,786 | 3,256,021 | 3,466,508 | 3,689,828 |
| Caiteachas Oibriúcháin agus Riaracháin | 2,435,562 | 2,962,175 | 3,298,265 | 3,569,013 | 3,776,794 | 4,027,438 |
| Glanchaiteachas Oibriúcháin | 43,360,981 | 50,345,687 | 60,777,771 | 70,792,648 | 80,792,648 | 90,792,646 |
| Maoiniú Stáit (lena n-áirítear caipiteal curtha ar fáil le haghaidh clá | 43,033,000 | 50,333,000 | 60,777,771 | 70,792,648 | 80,792,648 | 90,792,640 |
| Maoiniú Eile (BAI, Forlíontach HD, srl) | 352,411 | 12,687 | - | - | | |
| Maoiniú Iomlán | 43,385,411 | 50,345,687 | 60,777,771 | 70,792,648 | 80,792,648 | 90,792,648 |
| Barrachas / Easnamh ar Ghnáthghníomhaíochtaí | 24,430 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Maoiniú Caipitil Stáit (gan caipiteal curtha ar fáil don dámhacht san á | 2,000,000 | 2,000,000 | 2,160,000 | 2,865,000 | 2,865,000 | 2,865,000 |
| Maoiniú Iomlán Stáit | 45,033,000 | 52,333,000 | 62,937,771 | 73,657,648 | 83,657,648 | 93,657,648 |

**Riachtanais Mhaoinithe Reatha & Chaipitil TG4 - Straitéis Roghnaithe 2022 - 2027**

| | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Maoiniú Reatha | 40,833 | 48,133 | 58,578 | 68,593 | 78,593 | 88,593 |
| % Ardú | - | 18% | 22% | 17% | 15% | 13% |
| Maoiniú Caipitil | 4,200 | 4,200 | 4,360 | 5,065 | 5,065 | 5,065 |
| % Ardú | - | 0% | 4% | 16% | 0% | 0% |
| | | | | | | |
| Maoiniú Iomlán | 45,033 | 52,333 | 62,938 | 73,658 | 83,658 | 93,658 |
| % Ardú | | 16% | 20% | 17% | 14% | 12% |

[31] Ní áirítear leis seo an caiteachas leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách a ghabhtar leis an gcaiteachas ar ábhar leanaí agus daoine óga, an tairseach oideachais, nuacht & cúrsaí reatha, ábhar na nEalaíon, Cultúr & Spórt agus Drámaíocht Scannán & Teilifíse thuas.

## 7. Tairbhe / Tionchar Straitéis TG4

Tuigimid an tábhacht a bhaineann le bheith in ann léargas a thabhairt ar an méid a chuireann TG4 le sochaí agus le geilleagar na hÉireann. Tá sé tábhachtach freisin léargas a thabhairt ar an luach a chuirfidh TG4 ar fáil de bharr na straitéise seo agus mar thoradh ar an maoiniú breise atá á lorg againn thar an tréimhse an stráitéis.

Chomh maith leis na buntáistí atá ann do lucht féachana TG4, cuideoidh an maoiniú agus an infheistíocht bhreise lenár ngeilleagar agus le cúrsaí fostaíochta agus forbartha sna réigiúin, go mór mór san earnáil chruthaitheach i réigiúin na hÉireann. Cuirfear é seo i gcrích mar thoradh ar an infheistíocht a dhéanfaidh TG4 in ábhar agus i seirbhísí a choimisiúnú, i Maoin Intleachtúla (IP) a chruthú agus in oiliúint agus i bhforbairt na hearnála etc. Cuideoidh gach ceann acu freisin le braislí de chomhachtaí léiriúcháin agus de chuideachtaí cruthaitheacha a chruthú agus tacóidh siad le fás an gheilleagair chruthaithigh sna réigiúin go ginearálta.

Ina theannta sin, beidh go leor buntáistí cáilíochtúla sóisialta agus cultúrtha ann dála: ár dtionchar ar an bhfoghlaim de bharr acmhainní oideachais a bheith á gcur ar fáil do scoileanna agus d'fhoghlaimeoirí sa bhaile; an luach poiblí a bhaineann le foinse iontaofa nuachta a bheith ann agus teacht ar ábhar nach mbeadh ar fáil dá uireasa; ár dtacaíocht do phobail réigiúnacha na Gaeilge; agus, an ról uathúil atá againn maidir le seachadadh idirghlúine na Gaeilge, i measc go leor eile.

Tá achoimre tugtha thall ar ocht bpríomhbhuntáiste a bhainfeadh le hinfheistíocht bhreise a bheith déanta i TG4, agus déantar cur síos orthu sa chuid seo dár straitéis. Tugann sé tuilleadh eolais faoin méid a bhí i Roinn 2, áit a raibh cur síos déanta ar an luach a chruthaíonn TG4. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil na buntáistí mionsonraithe don lucht féachana (cosúil le uaireannta nua cláracha agus ábhar srl.) bunaithe ar an bplean gníomhaíochta trí bliana. Cinnfidh an plean gníomhaíochta do 2026 agus 2027 na tairbhí inchainníochtúla amhail uaireanta an ábhair agus infheistíocht in oiliúint agus forbairt na hearnála léiriúcháin, srl.

Tá anailís iolraitheora curtha i bhfeidhm ag TG4 (rannchuidiú leis an aschur náisiúnta agus tionchar ar phoist choibhéiseacha lánaimseartha) chun an tionchar eacnamaíoch a thomhas bunaith ar stráitéis TG4. Tá an anailís eacnamaíoch seo dírithe ar an bplean gníomhaíochta mionsonraithe trí bliana do 2023-2025 amháin. Aithníonn anailís iolraitheora an tionchar eacnamaíoch dearfach a bhíonn ag caiteachas agus infheistíochtaí ar leith sa gheilleagar. Ní dhéanfar an infheistíocht agus an caiteachas a bhaineann le 2026 agus 2027, an dá bhliain dheireanacha de Straitéis cúig bliana TG4 do 2023-2027, a shainiú go dtí 2025, tar éis athbhreithniú Choimisiún na Meán a bheith cutha i gcríoch.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach anailís iomlán costais is tairbhe (CBA) ar TG4 atá i scóip na hanailíse mar go bhfuil sé deacair na haschuir agus an luach a chruthaítear a mheas nó a thomhas go cruinn agus ina iomláine.

**Achoimre ar Bhuntáistí na Straitéise de chuid TG4**




### Buntáistí don Lucht Féachana

Ón bplean gníomhaíochta trí bliana amháin, cuirfidh TG4 c.1,148 uair an chloig de bhunábhar nua ar fáil go carnach thar na trí bliana. Is éard a bheidh anseo ná scannáin Ghaeilge, drámaíocht ar ardchaighdeán, siamsaíocht don lucht féachana óg, ábhar do pháistí chomh maith le hábhar oideachais a bheidh á sheachadadh ar fud

ardáin éagsúla, lena n-áirítear ar ár seirbhís craolacháin, ar líne agus ar na hardáin shóisialta. Ar cheann de na príomhaidhmeanna mar a bhaineann le straitéis TG4 tá cabhrú le hathchothromú a dhéanamh ar déimeagrafaíocht na meán Gaeilge i bhfabhar na ndaoine óga. Mar gheall ar an infheistíocht bhreise atá beartaithe a dhéanamh in ábhar do pháistí agus don lucht féachana níos óige, cabhróidh an straitéis leis an athchothromú seo a chur i bhfeidhm.

Thar thrí bliana an phlean gníomhaíochta, tá sé mar aidhm againn punann shuntasach d'acmhainní oideachais a chur le chéile chun tacú le foghlaim na Gaeilge, rannpháirtíocht níos mó a spreagadh i measc na bhfoghlaimeoirí óga, na múinteoirí agus na dtuismitheoirí agus acmhainní a chur ar fáil a thabharfaidh an chuid is fearr d'ábhar oideachais TG4 chuig an seomra ranga agus chuig foghlaimeoirí sa bhaile.

Achoimre ar an aschur don lucht féachana (bunaithe ar an bplean gníomhaíochta trí bliana 2023-25):

- **Cainéal atá dírithe ar pháistí** & spás ina bhfuil ábhar sábháilte do pháistí agus **7.5 uair an chloig breise** d'ábhar á chraoladh in aghaidh an lae.
- **C.75 uair an chloig nua** de chláir agus ábhar oideachas chun tacú le foghlaim na Gaeilge agus leis an bhfoghlaim trí Ghaeilge. Tugann sé seo san áireamh **24 uair d'ábhar nua i bhfoirm míreanna gearra** thar 3 bliana na stráitéise, do scoileanna. Is tacaíochtaí luachmhara oideachais iad seo do bhunscoileanna, do mheánscoileanna agus do dhaoine fásta.
- **Seirbhísí nuachta & cúrsaí reatha** níos fearr do chainteoirí Gaeilge & do mhuintir na Gaeltachta – 71 uair nua thar 3 bliana na stráitéise.
- **102** uair an chloig nua de chláir Ealaíon, Cultúir & Spóirt na hÉireann thar na 3 bliana.
- **11** uair an chloig nua de bhunscannáin agus de bhundrámaíocht i nGaeilge.
- Thar na 3 bliana, **889** uair an chloig nua de chláir eile (siamsaíocht, beochan agus leanaí).
- **TG4 Beo** – imeachtaí beo ilchultúrtha.

Tá sé mar aidhm ag TG4 ceangal le sciartha den lucht féachana a bhfuil bearnaí soiléire ann, mar gheall ar easpa maoinithe, ó thaobh ábhar a sholáthar dóibh, trí níos mó infheistíochta a dhéanamh in ábhar nua. Mar thoradh air sin, beimid ag cur leis an méid lucht féachana atá ag TG4. Faoi 2025, teastaíonn uainn go mbeadh líon na n-amharc físe ar ábhar TG4 ag 154.3m, ar fud na n-ardán ar fad, ag 3 milliún ar an meán gach seachtain in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Tá sé mar aidhm againn chomh maith go dtiocfadh ardú ar an meánlíon de lucht féachana na Gaeilge a bhreathnaíonn ar TG4 in aghaidh na seachtaine ar na hardáin ar fad. In 2022, shroich TG4 66% de lucht féachana na Gaeilge ar fud na n-ardán líneach agus digiteach ar fad (an teilifís, gairis chliste, fón soghluaiste, ar líne) gach seachtain. Faoi 2025, tá sé mar aidhm ag TG4 go n-ardódh sé sin go dtí 75%, sin ardú c.14%. Beidh méadú suntasach freisin ar úsáid acmhainní oideachais TG4 sa seomra ranga agus ag scoláirí.

## Fás san Earnáil Léiriúcháin

Léiríonn taighde de chuid an EBU go raibh ról lárnach ag na meáin seirbhíse poiblí in earnáil chruthaitheach na hEorpa le fada an lá[32], agus úsáid á baint acu as an maoiniú a fhaigheann siad chun ábhar a chruthú agus tacú le tionscail chruthaitheacha. Is catalaíoch iad eagraíochtaí PSM na hEorpa mar a bhaineann le hábhar a chruthú agus caitheann siad €19.5 billiún in aghaidh na bliana ar an meán ar fud limistéar an EBU. Agus 84% den chaiteachas sin á chaitheamh acu ar bhunábhar, is infheisteoirí ceannródaíocha iad i mbunábhar san Eoraip. In 2019, ba iad na heagraíochtaí PSM a bhí taobh thiar de 40.2% den bhunábhar closamhairc ar fad a cuireadh ar fáil san Aontas, i gcomparáid leis an 1.7% a tháinig ó chuideachtaí SVOD[33]. Léiríonn sé seo a thiomanta atá na heagraíochtaí PSM ó thaobh bunábhar a sholáthar agus an chaoi a raibh na meáin seirbhíse poiblí mar chatalaíoch mór ó thaobh na cruthaitheachta de i gcultúr na hEorpa.

Toisc gurb é TG4 an príomh-mhaoinitheoir atá ag earnáil an scáileáin i réigiúin na hÉireann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath/Cill Mhantáin, dá mbronnfaí tuilleadh maoinithe air bheadh tionchar díreach ag infheistíocht bhreise €22.25m faoi 2025, ar an earnáil léiriúchán neamhspleách in Éirinn. Thabharfadh sé seo spreagadh don gheilleagar cruthaitheach sna réigiúin, agus chuirfeadh sé bonn láidir faoin nuálaíocht dhigiteach agus faoin nuálaíocht theicniúil. Dá mbeadh an geilleagar cruthaitheach agus an geilleagar cultúrtha faoi rath i réigiúin na hÉireann d'athródh sé íomhá na réigiún ó bhonn, dóibh siúd a mhaireann agus a oibríonn ann agus dóibh siúd a thugann cuairt orthu. Is féidir leis an tionscal closamhairc cruthaitheach tionchar a imirt ar an turasóireacht, ar na healaíona, ar an gcultúr, ar an spórt agus ar an nGaeilge agus iad a neartú, chomh maith le feabhas a chur ar thionscail na cruthaitheachta trí chnuasú agus trí chomhlogaíocht.

[32] Maoiniú na Meán Seirbhíse Poiblí 2020 (EBU, Nollaig 2020)

[33] Síntiús Video-on-Demand.

Mar thoradh ar phlean TG4 déanfar infheistíocht bhreise i scileanna na hearnála léiriúcháin neamhspleácha agus i bhforbairt tallainne agus cruthófar thart ar 300-400 post nua san earnáil faoi dheiridh 2025, go mór mór sna réigiúin.

## Tallann Nua don Earnáil

Le linn 2023 go 2025, chomh maith le hinfheistíocht a dhéanamh in ábhar coimisiúnaithe nua, rud a chabhraíonn le tallann a fhorbairt ar fud na hearnála, leanfaidh TG4 de bheith ag infheistiú i scéimeanna forbartha tallainne. Measaimid go bhféadfadh na scéimeanna forbartha a bhíonn coimisiúnaithe ag TG4, chomh maith le scéimeanna oiliúna ar nós an *Scéim Forbartha Oiliúna* agus intéirneachtaí TG4 etc cabhrú le forbairt bhreise a dhéanamh ar 155-175 duine. Maoinítear na scéimeanna seo ar fad i gcomhar le páirtithe leasmhara eile. Beidh tionchar dearfach aige seo ar theacht chun cinn agus ar fhorbairt na tallainne cruthaithí agus teicniúla go háitiúil in earnálacha an chlosamhairc agus na cruthaitheachta, go háirithe sna réigiúin. Beidh tionchar ag moltaí TG4 freisin ar fhorbairt thallann na hiriseoireachta sna réigiúin de bharr go mbeidh infheistíocht á déanamh i seirbhís nua nuachta Gaeilge do pháistí agus go mbeidh feabhas á chur ar sheirbhísí nuachta agus cúrsaí reatha TG4.

## Poist Réigiúnacha a Fhás & Tionchar Eacnamaíoch

Le infheistíocht bhreise TG4 in ábhar agus i seirbhísí ón earnáil neamhspleách léiriúcháin, chomh maith le tuilleadh a chaitheamh ar sheirbhísí cruthaitheacha eile in Éirinn, méadóidh sé sin an méid a chuireann TG4 leis an aschur náisiúnta agus an tionchar a bheidh aige ar chúrsaí fostaíochta. Meastar gur €114m an méid a chuirfidh TG4 leis an aschur náisiúnta (díreach, indíreach agus spreagtha) in 2025. As sin, beidh €100m bainteach leis an aschur réigiúnach. Meastar go mbeidh an tionchar náisiúnta ar phoist a bheidh ag caiteachas TG4 sa gheilleagar in 2025 cothrom le 1,650 post lánaimseartha (díreach, indíreach & spreagtha), agus gur poist sna réigiúin a bheidh i gceist le 1,450 acu seo. Is ionann é agus méadú 59% ar an méid a chuireann sé leis an aschur réigiúnach agus méadú 49% ar an tionchar a imríonn sé ar phoist sna réigiúin i gcomparáid le 2022. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur léargas bliantúil atá san anailís iolraitheora agus nach léiríonn sé an tionchar carnach a bhíonn ag infheistíocht bhreise a tharlaíonn blianta i ndiaidh a chéile. Ní áirítear ann ach oiread tionchair chatalaíoch eile (leathnú amach ) ➢dála forbairt scileanna, buntáistí sóisialta agus cultúrtha srl.

| | Tionchar Eacnamaíoch | 2022 | 2025 |
|---|---|---|---|
| **Náisiúnta** | Caiteachas na hEarnála Léiriúcháin Neamhspleáiche | €25.6m | €47.85m |
| | An méid a chuireann sé leis an Aschur Náisiúnta | €76.3m | €114m |
| | Tionchar ar Phoist (FTEnna) | 1,146 | 1,650 |
| **A bhaineann leis na réigiúin** | Caiteachas na hEarnála Léiriúcháin Neamhspleáiche | €23.1m | €41.5m |
| | An méid a chuireann sé leis an Aschur Réigiúnach | €63m | €100m |
| | Tionchar ar Phoist (FTEnna) | 972 | 1,450 |

Ós rud é gur ar cheantair Ghaeltachta agus ar na réigiúin is mó a bheidh tionchar ag an infheistíocht atá beartaithe ag TG4, beidh buntáistí suntasacha ann do réigiúin na hÉireann. Chomh maith leis na poist lánaimseartha agus pháirtaimseartha, toisc go mbeidh TG4 ag coimisiúnú ábhair ó chomhlachtaí léiriúcháin sna réigiúin, beidh buntáistí ann don slabhra soláthair agus don fhoirmiú caipitil.

Caitear idir 90% agus 100% de na buiséid léiriúcháin go díreach sna ceantair áitiúla agus tá polasaí ag go leor de na comhlachtaí léiriúcháin sna réigiúin go mbíonn siad ag fáil ábhar ar cíos agus ag ceannach ó sholáthróirí atá lonnaithe sa cheantar áitiúil i dtosach báire agus ina dhiaidh sin ó áiteanna eile atá sa chóngar. [34]I measc na seirbhísí agus na soláthraithe tá soláthairtí tógála agus péinteála, lónadóireacht agus cóiríocht, tacsaithe agus seirbhísí iompair eile, soláthairtí éadaí le haghaidh cultacha, seirbhísí glantacháin do na stiúideonna srl., soláthairtí leictreacha, leictreoirí, feithiclí, deisiúcháin agus seirbhísithe, i measc go leor eile, agus bíonn siad seo faighte sa cheantar áitiúil nuair is féidir. Ina theannta sin, fanann baill foirne nach bhfuil cónaí orthu go háitiúil i gcóiríocht ar cíos agus i gcóiríochtaí eile, rud a théann chun sochair d'earnáil maoine agus do thionscal fáilteachais an cheantair, go háirithe le linn an tséasúir chiúin.

[34] Bunaithe ar anailís TG4 ar infheistíocht bhreise in Earnáil Léiriúchán Neamhspleách na hÉireann (2019).

Déanann an earnáil infheistíocht shuntasach i bhfoirmiú caipitil freisin agus cuideachtaí ag infheistiú in áiseanna léiriúcháin, i stiúideonna, i dtrealamh teicniúil agus i mbonneagar eile. Mar shampla, tá infheistíocht mhór déanta in infreastruchtúr léiriúcháin ag comhlachtaí léiriúcháin dála Danú Media, Fíbín Media agus Telegael i nGaillimh, agus Nemeton TV i nGaeltacht Phort Láirge, lena n-áirítear stáitsí taifeadta, stiúideonna léiriúcháin agus áiseanna léiriúcháin, foirgnimh oifige agus trealamh teicniúil srl.. Cabhraíonn scála na hinfheistíochta i mbonneagar agus i saoráidí teicniúla atá ar ardchaighdeán le híomhá na gceantar, agus cuirtear i láthair iad mar áiteanna forásacha agus cruthaitheacha le bheith ag obair iontu. De bharr go bhfuil na comhlachtaí seo lonnaithe sna ceantair mealltar tallann agus gnólachtaí soláthraithe chuig na réigiúin agus cuidítear le forbairt agus athghiniúint a dhéanamh ar na ceantair sin. Bíonn tionchar dearfach ag scála na hinfheistíochta seo ar sholáthraithe agus ar sholáthraithe seirbhíse sa gheilleagar áitiúil.

Tá na buntáistí seo a d'fheadfadh eascairt as seo tábhachtach i gcomhthéacs iomaíochas na réigiún in Éirinn. Léiríonn taighde de chuid an AE[35] gurb í Éire an 9ú geilleagar is iomaíche san AE27 agus scór iomaíochais 112.6 aici i gcomparáid le meán an AE ag 100. Rinneadh measúnú aonair ar na trí limistéar réigiúnacha - Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, Réigiún an Oirthir agus Lár tíre agus Réigiún an Deiscirt. Tá Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre sa 24ú háit as 234 réigiún, Réigiún an Deiscirt sa 90ú háit agus tá Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair sa 113ú háit. Tá scór iomaíochais 98.2 ag Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair i gcomparáid le meán an Aontais Eorpaigh atá ag 100. Níor scóráil sé ach 34.1 ar bhonneagar agus 91.1 ar nuálaíocht i gcomparáid le meánscór an AE a bhí ag 100. Mar sin féin, scóráil sé 134.4 ar a bheith ullamh ó thaobh na teicneolaíochta de, rud a bhí i bhfad chun cinn ar mheánscór an AE ag 100. Is féidir le straitéis TG4 buntáistí suntasacha a bhaint amach don réigiún mar a bhaineann le cabhrú leis tuilleadh forbartha a dhéanamh ó thaobh iomaíochais de.

Go hachomair, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- Cuirfidh sé leis an bhfostaíocht oilte theicniúil agus chruthaitheach sna ceantair Ghaeltachta agus sna réigiúin agus cuideoidh sé le tallann a choinneáil sna ceantair sin.
- Spreagfaidh sé tuilleadh infheistíochta i bhfoirmiú caipitil na hearnála léirithe eg., stiúideonna, áiseanna léiriúcháin agus áiseanna iarléiriúcháin etc.
- Cuirfidh sé leis an caiteachas ar sheirbhísí soláthair go háitiúil, dála seirbhísí léiriúcháin, lóistín, iompar, lónadóireacht etc.
- Cabhróidh sé le Gaeilgeoirí óga a choinneáil i gceantair sna réigiúin.
- D'fhéadfadh go gcuideodh sé le forbairt a dhéanamh ar an turasóireachta a bhaineann le scannánaíocht / le léiriúcháin i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair eile sna réigiúin.

## Tacaíonn sé le Straitéisí Cultúir & Gaeilge an Rialtais

Tacaíonn tograí infheistíochta TG4 freisin le polasaithe náisiúnta / straitéisí náisiúnta eile de chuid an Rialtais a bhaineann le cúrsaí eacnamaíochta, closamhairc agus Gaeilge a sheachadadh, mar atá:

1. An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.
2. Éire Dhomhanda – Lorg Domhanda na hÉireann go dtí 2025.
3. Plean Gníomhaíochta Closamhairc Éire Ildánach.
4. Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí Comhroinnte.
5. Plean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2021 - 2030.

Tá cur síos ar ailíniú straitéise TG4 leis na polasaithe / straitéisí seo ar an gcéad leathanach eile.

Chomh maith le hailíniú leis na beartais agus na straitéisí náisiúnta thuas, tá straitéis TG4 ailínithe go hiomlán le moltaí Choimisiún um Thodhchaí na Meán. Tá 50 moladh déanta ag an gCoimisiún a sholáthraíonn ardán straitéiseach chun earnáil meán na hÉireann a bhunathrú. Tá go leor de na moltaí seo ag teacht le tosaíochtaí TG4 in ASPC 2023. Mar shampla: smacht eagarthóireachta do TG4 ar ár seirbhísí nuachta; infheistíocht san earnáil léiriúchán neamhspleách; inbhuanaitheacht comhshaoil; agus, éagsúlacht agus cuimsiú i measc go leor eile. Ar cheann de mholtaí an Choimisiún (7-2) tá athbhreithniú cuimsitheach ar sholáthar seirbhísí agus ábhar Gaeilge ar fud chóras na meán cumarsáide, ag díriú ar struchtúir institiúideacha agus deiseanna nuálaíochta agus comhoibrithe. Tá TG4 ag súil le dul i ngleic leis an athbhreithniú seo agus measaimid go ndéanfar é a leagan amach i gcomhthéacs na Straitéisí Pleanála Teanga a bheidh dírithe ar aistriú na Gaeilge a chomhrac agus ár n-éiceachóras éagsúlachta teanga in Éirinn a chaomhnú don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht.

[35] Innéacs Iomaíochais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh 2.0 eagrán 2022.

### Achoimre ar an mBuntáiste ó thaobh Beartais eile / Straitéisí eile de chuid Rialtais a Sheachadadh




## *Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge (2010-2030)*

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge (2010-2030) líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge a ardú go dtí 250,000 faoin mbliain 2030. Tá an Rialtas tiomanta do chur le húsáid na Gaeilge go náisiúnta agus teastaíonn uaidh dátheangachas feidhmiúil a bhaint amach. Is é an cur chuige atá aige ná creat agus deiseanna a chruthú ionas go mbeidh an Ghaeilge a cur ar aghaidh ar bhealach nádúrtha sna teaghlaigh agus sa phobal. Aithnítear an tábhacht a bhaineann leis na meáin agus leis na teicneolaíochta ina leith sin agus luaitear go mbeidh "*seirbhísí craolacháin ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge le chinntiú*". Tá straitéis TG4 ag teacht leis an straitéis don Ghaeilge agus tá sé ag féachaint leis an dúshraith a leagan síos a chothóidh pobail labhartha Gaeilge agus a chinntiú go mbeidh tábhacht i gcónaí le hábhar seirbhíse poiblí i nGaeilge in Éirinn na linne seo.

## *Éire Dhomhanda - Lorg Domhanda na hÉireann go dtí 2025*

Tá sé mar aidhm ag an straitéis láithreacht, cáil agus tionchar idirnáisiúnta na hÉireann a dhoimhniú. Gné lárnach de seo is ea ealaíona, oidhreacht agus cultúr na hÉireann a chur os comhair glúnta nua agus os comhair lucht féachana ar fud an domhain. Tá an straitéis ag féachaint freisin le hÉirinn a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta. Mar gheall ar an infheistíocht bhreise atá á déanamh ag TG4 i ndrámaíocht agus i scannánaíocht na Gaeilge, agus an infheistíocht atá déanta againn i gcultúr, in ealaíona agus i spórt na hÉireann, tá TG4 ag cuidiú le lorg cultúrtha domhanda na hÉireann a mhéadú trí cheiliúradh a dhéanamh ar an nGaeilge, ar an gcultúr agus ar an gcruthaitheacht ar fud an domhain.

## *Plean Gníomhaíochta Closamhairc (Clár Éire Ildánach Colún 4)*

Is tionscnamh cúig bliana de chuid an Rialtais é Clár Éire Ildánach 2017-2022 a chuireann an chruthaitheacht i gcroílár an bheartais phoiblí. Tá sé curtha roimhe aige an fhostaíocht a dhúbailt in earnálacha na scannán, na teilifíse agus na mbeochana go dtí os cionn 24,000 post coibhéiseach lánaimseartha (FTEnna) agus oll-bhreisluach nach mór €1.4bn a bhaint amach. Aithníonn sé go bhfuil forbairt bhreise ar an acmhainn straitéiseach lasmuigh de Bhaile Átha Cliath/Cill Mhantáin riachtanach chun an fhostaíocht réamh-mheasta agus na spriocanna fáis ó thaobh aschur a bhaint amach. Tugann sé aitheantas freisin don tábhacht a bhaineann le scileanna a fhorbairt sa tionscal. Cuirfidh straitéis TG4 go díreach leis an aschur agus leis an bhfostaíocht in earnálacha na scannánaíochta agus na léiriúchán teilifíse, chomh maith le tacú le forbairt scileanna na hearnála.

## *Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí Chomhroinnte*

Áirítear le huaillmhian Chlár an Rialtais an damáiste a rinne paindéim Covid-19 a chur ina cheart agus gníomhaíochtaí a chur i gcrích a chruthóidh poist nua, a réiteoidh an bealach do phoist na todhchaí, a bhrúfaidh ár dtéarnamh eacnamaíoch chun cinn agus a chuirfidh feabhas ar an gcaighdeán saoil atá ag ár muintir ar fad. Tá straitéis TG4 ag teacht le Clár an Rialtais. Áirítear leis sin: an Plean Gníomhaíochta Closamhairc a chur chun feidhme; tacú le hard-sciliú na n-oibrithe san earnáil chlosamhairc; tacú leis an ról atá ag Údarás na Gaeltachta ó thaobh fostaíocht a chruthú; agus, cur le feiceálacht na Gaeilge agus an úsáid a bhaintear aisti ar bhonn laethúil sa phobal (aidhm a bhainfear amach trí raon tionscnamh lena n-áirítear "..ardáin a fhorbairt ionas go mbeidh níos mó teagmhála ag daoine óga leis an nGaeilge a mhéadú, m.sh., TG4..." (tag. leathanach 89 den Chlár)).

### *Plean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2021-2030*

Sheol an Rialtas an PFN athnuaite 2021-2030 i Ráithe 4 2021. Áirítear sa phlean go mbeifear ag díriú ar réitigh a chruthóidh poist i ngach réigiún agus a dhéanfaidh athnuachan ar an eacnamaíocht sna deich mbliana amach romhainn. Tá sé ag tacú le go ndéanfaí forbairt ar "thionscail chruthaitheacha sna meáin agus ar earnáil bhríomhar léiriúcháin agus closamhairc" agus tá sé mar aidhm aige freisin "pobail Ghaeltachta a chothú trí infheistíocht a dhéanamh in Údarás na Gaeltachta, agus an Ghaeilge a chur chun cinn trí scéimeanna tacaíochta don Ghaeltacht agus don Ghaeilge". Cuideoidh TG4 go díreach le Cuspóir Straitéiseach Náisiúnta 3 (NSO) a bhaint amach [*Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe]*. I measc na dtosaíochtaí don infheistíocht faoi NSO3 tá an turasóireacht, an cultúr, na healaíona, an Ghaeltacht, cúrsaí spóirt agus na meáin. Beidh an infheistíocht bhreise a dhéanfar i TG4 á hinfheistiú go díreach in earnálacha cruthaitheacha i réigiúin in Éirinn. Beidh an infheistíocht atá beartaithe againn a dhéanamh i mbunábhar coimisiúnaithe i nGaeilge agus i seirbhísí in ann cur leis an bhfostaíocht oilte theicniúil agus chruthaitheach atá sna ceantair Ghaeltachta agus sna réigiúin agus cuideoidh sí le tallann a choinneáil sna ceantair sin agus pobail bríomhara Ghaeilge a chothú.

## Tacaíocht do Pobail na Gaeilge, don Ghaeltacht & don Ghaeilge

De bharr infheistíocht bhreise a bheith déanta i TG4, tacóidh TG4 le seachadadh idirghlúine na Gaeilge agus cabhróidh sé le pobail na Gaeilge agus na Gaeltachta:

- Tacaíonn na meáin Ghaeilge le feiceálacht na Gaeilge agus lena húsáid ar bhonn laethúil sa phobal, lena n-áirítear go mbíonn tuilleadh teagmhála ag daoine óga leis an nGaeilge.
- Cuirfidh cainéal *Cúla4* níos mó tacaíochta ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge, agus a dteastaíonn uathu an Ghaeilge a chur chun cinn mar chéad teanga an teaghlaigh. Cuideoidh sé le sóisialú na Gaeilge a spreagadh agus eispéireas tumthach teanga a chur ar fáil do pháistí. Toisc go mbíonn cláracha á gcraoladh i nGaeilge ar an teilifís, feiceann páistí gur teanga bheo í an Ghaeilge agus go bhfuil áit aici sna líonraí sóisialta sa bhaile agus i suíomhanna eile taobh amuigh den scoil.
- Cuirfidh TG4 tacaíochtaí suntasacha closamhairc ar fáil don Ghaeilge sa chóras oideachais, go háirithe do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna lán-Ghaeilge agus do dhaltaí scoile, ach chomh maith leis sin d'aon fhoghlaimeoir atá ag foghlaim na Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais foirmiúil.
- Déanfaidh TG4 tuilleadh infheistíochta i mbunscannáin agus i mbundrámaí Gaeilge, leagfaidh sé níos mó tábhachta ar an nGaeilge, agus cuidiú le stádas a thabhairt don Ghaeilge trí shaothair chultúrtha a bhfuil tábhacht náisiúnta leo a spreagadh.
- Trínár n-infheistíocht i dtionscail chruthaitheacha i réigiúin na hÉireann, cuirfidh TG4 níos mó deiseanna ar fáil don fhostaíocht oilte, chruthaitheach agus theicniúil, agus don obair trí Ghaeilge agus cuirfidh sé an Ghaeilge chun cinn mar theanga bheo, oibre i gcomhthéacs nua-aimseartha.
- Déanfar freastal níos fearr ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ó thaobh éagsúlacht agus iolracht sa bhreis a bheith ag baint leis an nuacht agus le cúrsaí reatha.

## Tuilleadh Acmhainní Oideachais

Beidh tionchar dearfach ag infheistíocht TG4 in ábhar oideachais agus in ábhar do pháistí ar an oideachas agus ar an bhfoghlaim inár sochaí. Trí chainéal tiomnaithe *Cúla4*, beidh TG4 in ann níos mó ábhar oideachais a chur ar fáil, ní hamháin d'fhoghlaimeoirí sa bhaile, ach don seomra ranga freisin. Le maoiniú breise, cuirfidh TG4 ar fáil: Mol Oideachais a dhaingneoidh acmhainní oideachais TG4 agus a chuirfidh ábhar nua ar fáil do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna gach bliain lena n-áirítear ; ábhar craolta le haghaidh fhoghlaim na Gaeilge; imeachtaí oideachasúla dírithe ar dhaltaí iar-bhunscoile, chun litearthacht sna meáin, scileanna smaointeoireachta cruthaithí agus scileanna STEAM a chothú; agus, ábhar nua chraolta d'fhoghlaimeoirí fásta na Gaeilge. De bharr na n-acmhainní seo, cuirfidh TG4 tacaíochtaí suntasacha closamhairc ar fáil don Ghaeilge sa chóras oideachais agus chomh maith leis sin d'aon fhoghlaimeoir lasmuigh den chóras oideachais foirmiúil. Leanfaimid orainn ag tacú le foghlaim na Gaeilge agus ag cur go fadtéarmach leis an mborradh atá faoin nGaeilge.

## Tionchar Sóisialta & Cultúrtha Dearfach

Chomh maith leis an luach a fhaigheann an lucht féachana agus an luach a chuirimid ar fáil don gheilleagar náisiúnta agus don gheilleagar sna réigiúin tríd an bhfostaíocht bhreise, an fhorbairt ar scileanna agus ar thallann san earnáil léiriúcháin closamhairc srl. má dhéantar tuilleadh infheistíochta i TG4 beidh go leor buntáistí cáilíochtúla ann do shochaí na hÉireann, lena n-áirítear:

- Tacaíocht do phobal na Gaeltachta & do phobal na Gaeilge sna réigiúin.
- Tacaíocht don fhoghlaim (de bharr ár n-acmhainní oideachais);
- Tacaíocht do sheachadadh idirghlúine na Gaeilge mar theanga bheo oibre;
- Beidh an t-ábhar i nGaeilge do pháistí na hÉireann níos feiceálaí agus beidh nasc cruthaithe ag na páistí leis an nGaeilge, ó aois óg;
- Cabhróidh sé le múnlú a dhéanamh ar na daoine óga (de bharr na seirbhísí nuachta do leanaí); agus,
- Coinneofar Pobal na Gaeilge ar an eolas.

# 8. Conclúidí

Tá ról ríthábhachtach ag na meáin seirbhíse poiblí sa tsochaí, ó thaobh ionadaíochta a dhéanamh ar chultúir na tíre agus a teangacha a chur chun cinn, chomh maith leis na tionscail chruthaitheacha atá sa tír a mhúnlú agus tacú leo. Is bealach é chun saoránaigh a chur ar an eolas, idirphlé oscailte a chothú agus faisnéis iontaofa a chur ar fáil, rud a chuidíonn le sochaí atá daonlathach agus sláintiúil.

Creideann TG4 go bhfuil neartú na meán seirbhíse poiblí in Éirinn ríthábhachtach mar bhealach le cultúr láidir de chuid na hÉireann a chinntiú. Tá sé mar aidhm ag ár straitéis a chinntiú go mbeidh na meáin seirbhíse poiblí Gaeilge maoinithe go cuí.

Tá sé ríthábhachtach scála agus seirbhísí TG4 a athrú de réir mar a athraíonn margadh na meán agus tá pleananna uaillmhianacha againn do na ceithre bliana amach romhainn. Táimid ag lorg meán ardú do thart ar €10m in aghaidh na bliana ar ár maoiniú poiblí go dtí 2027.

Bunaithe ar mhionphlean gníomhaíochta trí bliana TG4 amháin:

Geallann múnla éifeachtúil Foilsitheoir-Craoltóir TG4 go gcaithfear 77% den mhaoiniú breise in 2025 san earnáil neamhspleách léiriúcháin in Éirinn, go háirithe i gcuideachtaí réigiúnacha. Toisc gurb é TG4 príomh-mhaoinitheoir na hearnála closamhairc i réigiúin na hÉireann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath/Cill Mhantáin, beidh tionchar dearfach agus suntasach ag an ardú seo ar an maoiniú ar scála na hearnála closamhairc sna réigiúin. Cruthóidh sé thart ar 300-400 post nua san earnáil faoi dheireadh 2025, go háirithe sna réigiúin, agus cuideoidh sé le scileanna agus tallann na hearnála a fhorbairt.

De bharr go mbeifear ag cur leis an bhfostaíocht oilte theicniúil agus chruthaitheach atá i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair sna réigiúin, cuideoidh an infheistíocht le tallann agus cainteoirí óga Gaeilge a choinneáil sna ceantair sin. Cabhróidh sé le cuideachtaí a neartú agus a fhás agus spreagfar infheistíocht bhreise i bhfoirmiú caipitil na hearnála léiriúcháin agus sna seirbhísí soláthair áitiúla. Beidh sé ina chatalaíoch ó thaobh maoin intleachtúil neamhspleách de chuid na hÉireann a ghiniúint, poist a chruthú agus idirnáisiúnú a dhéanamh ar earnáil an léiriúcháin sna réigiúin, lena n-áirítear infheistíocht dhíreach eachtrach i bhfoirm cistiú le haghaidh comhléiriúcháin agus ioncam eile.

Anuas air sin méadóidh an maoiniú breise an méid a chuireann TG4 leis an aschur agus leis an bhfostaíocht go náisiúnta. Meastar go mbeidh an tionchar náisiúnta ar phoist de bharr chaiteachas TG4 sa gheilleagar in 2025 cothrom le c.1,650 post coibhéiseach lánaimseartha (díreach, indíreach agus spreagtha) agus go mbeidh c.1,450 díobh sin sna réigiúin.

Trí infheistíocht bhreise a dhéanamh in ábhar nua, tá sé mar aidhm ag TG4 ceangal a dhéanamh le codanna den lucht féachana ina bhfeictear bearnaí soiléire ó thaobh ábhar a sholáthar dóibh, mar gheall ar easpa maoinithe. Mar thoradh air sin, éireoidh linn cur lenár lucht féachana. Faoi 2025, táimid ag díriú ar go mbeadh 154.3m d'amhairc físeáin trasardáin ar ábhar de chuid TG4, ar an meán in aghaidh na seachtaine, agus go mbeadh ardú 75% tagtha ar an sroicheadh trasardáin le lucht féachana na Gaeilge, ón 66% atá ann faoi láthair (2022). Táimid ag cur lenár rannpháirtíocht le scoileanna freisin.

Cuideoidh ár bplean freisin le déimeagrafaíocht na meán Gaeilge a athchothromú i bhfabhar na ndaoine óga, toisc gurb iadsan a dhéanfaidh an cinneadh maidir le todhchaí na Gaeilge mar theanga phobail. Beidh sciar suntasach den mhaoiniú breise dírithe ar ábhar agus ar sheirbhísí don déimeagrafach ina bhfuil an lucht féachana níos óige. Cabhróidh sé seo le hathbheochan agus le caomhnú na Gaeilge, agus le comhbhá agus nasc a chothú le daoine óga atá ag fás aníos i dtimpeallacht dhomhanda ó thaobh na meán de.

Príomhthorthaí ón maoiniú breise do 2023-2025:

- Tacú leis an bhfás sa gheilleagar cruthaitheach agus thart ar 300-400 post nua a chruthú san earnáil léiriúcháin neamhspleách.
- Tionchar náisiúnta ar phoist de c.1,650 post coibhéiseach lánaimseartha faoi 2025.
- Cur leis an mbaint a bhíonn ag daoine óga leis an nGaeilge.
- Cur leis an lucht féachana agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí ó thaobh soláthar ábhair de – 1,148 uair an chloig nua (carnach) d'ábhar a chur ar fáil ina iomlán thar na trí bliana.

Is í an fhís atá ag TG4 go fadtéarmach ná stádas a bhaint amach a bheadh níos gaire don stádas a bhíonn ag craoltóir i sochaí ina bhfuil an dátheangachas seasmhach agus nach bagairt eiseach níos mó é an t-aistriú teanga. Áirítear ar eiseamláirí de chraoltóirí poiblí iad siúd i gCeanada, san Eilvéis, sa Bheilg agus sa Spáinn. Sa ghearrthéarma agus mar chéad chéim, caithfidh TG4 ardú a fháil ar a scála maoinithe agus leanúint den nuálaíocht agus den chomhoibriú, d'fhonn a chinntiú gur féidir leis an tseirbhís luach suntasach a chur ar fáil don lucht féachana, don tsochaí agus don gheilleagar agus an ceann is fearr a fháil ar na dúshláin atá roimh na meáin Ghaeilge sa ré dhigiteach. Leanfaimid lenár n-iarrachtaí ról TG4 agus stádas na Gaeilge agus na Gaeltachta i sochaí na hÉireann a athshamhlú. Creidimid go bhfuil ról lárnach ag na meáin agus ag na healaíona san fhís athshamhlaithe seo agus creidimid in ainneoin go bhfuil an-lear mórsheirbhísí meán domhanda ann, chomh maith le dianiomaíocht, go dteastaíonn TG4 níos géire ná riamh. Dealaíonn an chuspóir uathúil atá againn ón gcuid eile muid agus is cuid ríthábhachtach d'Éirinn an lae inniu muid.